

Plean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola



...ag obair fá choinne bhuanú agus mhéadú úsáid na Gaeilge mar
theanga phobail i gCloich Cheann Fhaola

31 Márta 2017

Plean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola

31 Márta 2017

Aidhm an Phlean

Is í bunaidhm Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola cleachtais agus creidimh teanga an phobail a fhiosrú, comhairle an phobail a lorg, beartas teanga a chruthú bunaithe ar an eolas sin fá choinne bhuanú agus mhéadú na Gaeilge mar theanga phobail i gCloich Cheann Fhaola.

Príomhspríocanna an Phlean

1. An Ráta Laghdaithe i líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola a mhaolú
2. Iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge faoi dheireadh thréimhse seacht mbliana an phlean seo a ardú 3% - 5%

Curtha le chéile ag Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola bunaithe ar thaighde a rinneadh ar thuairimí phobal Chloich Cheann Fhaola

A summary, in English, of the recommendations of this language plan can be found in Aguisín J, Pages 181 – 189.

An English version of the public survey results can also be accessed online at www.pleanailteangachloichcheannfhaola.com

Séamus Mac Géidigh

In omós do Shéamuis, Go ndéana Dia grásta ar a anam.

Nuair a tosaíodh próiséas pleanála teanga Chloich Cheann Fhaola is beag a shíl an coiste a bhí ina bhun go mbeadh orthu an píosa seo a chur i gcló. Ba bhuille thubaisteach dúinn an tráthnóna samhraidh sin, an scéala truacánta, nach raibh ár gcomhleacaí, ár gcara agus ár gceannródaí linn níos mó. Bhí sé dochreidthe an easpa a mhothaigh muid agus an dúshlán a bhí romhainn an bhearna mhór a bhí le líonadh ina éagmais.

Ceann de na saintréithe a sheasann amach agus bhí mórán acu aige ná féith an ghrinn. Bhí sé le feiceáil i gcónaí is cuma cé chomh tromchúiseach is a bhí an topaic a bhí á chaibideal. Chuidigh seo go mór leis an choiste ag dul i mbun na h-oibre le plean teanga an pharóiste a tharraingt suas. D'fhág sé an tasc "Trom agus Éadrom". Lasadh sé an seomra nuair a shiúlfadh sé isteach. Ach sin ráite bhí Séamus lom dairíre fan obair a bhí le déanamh, fan tábhacht a bhí leis agus gur seo an seans deireanach a bhí againn mar pharóiste gach dícheall a dhéanamh le daoine a mhealladh agus a ghríosadh chun cúrsaí teanga a chur i gceart.

Is fíor a rá go raibh fíis aige agus an coiste ag tabhairt faoi na h-oibre seo ón tús. Bhí sé ag smaoineadh go fadtéarmach; cá h-áit a mbeadh Cloich Cheann Fhaola ó thaobh labhairt agus úsáid na Gaeilge caoga/céad bliain ón am seo. Thuig sé go fíormhaith an scríob a bhí le treabhadh, an taoide a bhí le tiontú, nósanna a bhí le h-athrú agus cur chuige a mbeadh bunadh an pharóiste in iomláine ábalta a bheith páirteach ann. Ní raibh sé ag iarraidh go mbéadh aon duine fágtha ar an taobhlíne san obair phráinneach seo.

Ón chúlra ar eascair Séamus as bhí a mhéar i gcónaí ar chuisle an phobail. Bhí seasamh ar leith aige i measc an phobail. Bhí sin le feiceáil go soiléir agus muid ag cur an cheistneora le chéile le tuairimí an phobail a nochtadh ó thaobh staid na teanga ar fud an pharóiste. Throid sé go cruá le cinntiú go rachfadh ceistneoir go dtí gach teach sa pharóiste. Thaispeáin seo stuaim agus críonnacht mar a léirigh an céadatán ard ceistneoirí a líonadh agus a seoladh aráist.

Chuir a phearsanacht go mór leis an obair a bhí ar siúl againne mar choiste. Bhí meas aige ar na baill uilig. D'éisteodh sé le tuairimí achan nduine agus nuair a bheadh muid ag streachailt le teacht ar bhealach 'un tosaigh bhí a threoir i gcónaí le fáil, treoir a bhí stuama, ciallmhar agus indéanta.

Crothnaíonn muid go mór uainn thú, a Shéamuis, mar choiste. Guíonn muid go mbeidh an plean seo agus an cur chuige mar chruthú ar an dílseacht a tháisceáin tú, ar an obair chrua a chuir tú isteach ann agus go mbeidh sé mar eiseamláir ar do dhian shaothar ar son ár dteanga dhúchais i gCloich Cheann Fhaola.

Nímid comhbhrón ó chroí lena bhean chéile Dolores, agus le Dónall, Éadaoin agus Póilín

Ar dheis láimh Dé go raibh do anam uasal.

Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola

Buíochas an Choiste

Ba mhaith le Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola buíochas a thabhairt dóibh seo leanas :-

- Na trí eagraíocht forbartha pobail a roghnaíodh mar cheanneagraíocht agus na fo-eagraíochtaí
- Na daoine uilig a rinne freastal ar na cruinnithe poiblí
- Lucht gnó, coistí agus clubanna
- An Dá Phobalscoil – Cloich Cheannfhaola/Gaoth Dobhair
- Na Bunscoltacha – Caiseal Na gCorr, Gort A Choirce, Doire Chonaire, Machaire Rabhartaigh & An Fál Carrach
- Comhordaitheoirí an tSuirbhé; Michéal Ó Gallchóir & Mairín Nic Aoidh agus na timirí uilig a bhí faoi na gcúram
- Ionadaithe na h-Eaglaise
- Na Meáin Chumarsáide – Radio Na Gaeltachta, TG4, na nuachtáin, nuachtlitreacha
- Údarás Na Gaeltachta, go h-áirithe Séamus Ó Gallchóir agus Bríd Ní Chualáin

Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh le buíochas ó chroí a thabhairt do phobal iomlán an pharóiste agus go spéisialta iad sin nach raibh acu ach an Béarla as a gcomhoibriú iomlán, as an fháilte a cuireadh roimh na timirí, as a ndúthracht ag freagairt ceisteanna an tsuirbhé agus a ndairíreacht sna freagraí sin rud a fhágann anois tuairisc ionraice ar staid na Gaeilge sa cheantair. Tréaslaíonn muid libh.

A sincere word of thanks to those with English as their first language for their whole hearted support and co-operation in compiling this report. Your enthusiasm and positive views expressed fills us with optimism in going forward.

Feargal Mac Thréinfhir, Taighdeoir & Comhordaitheoir an Phlean.

Ceann de na rudaí a rinne obair Choiste Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola ní b'éasca agus a thóg cuid mhór den ualach ar shiúl uainn ná an t-ádh a bhí orainn ón tús go raibh duine éirimíúil ardcháilithe sa phleanáil teanga le fios a ghnó agus a bhí proifisiúnta ag comhlíonadh a dhualgaisí, fostaithe, le dul i mbun an phlean seo. Léirigh sé críonnacht agus stuaim i bhfeighil na h-oibre seo. Chuidigh a thaithí agus a stíl oibre go mór leis an tasc a bhí le cur i gcríoch. Má léann tú an tuairisc seo ó thús go deireadh, tá lorg a láimhe le feiceáil go soiléir. Tá an coiste faoi chomaoin mhór agat a Fheargail agus ár míle buíochas duit as ucht do dhianshaothair.

Clár na nÁbhar

1	Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga	1
1.1	Bunreacht na hÉireann, 1937	1
1.2	Coimisiún na Gaeltachta, 2002	1
1.3	Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003	1
1.4	Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030	2
1.5	Acht na Gaeltachta 2012	2
1.6	Conclúid	2
2.0	Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola	3
2.1	Sonraí na Ceanneagraíochta	3
2.2	Fís an Choiste	3
2.3	Baill Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola	3
2.5	Conclúid	4
3.0	Bunús Teoiriciúil an Phlean Teanga seo	5
3.1	Tuiscint Chomhaimseartha an Bheartais Teanga	5
3.2	An Próiseas Pleanála Teanga	6
3.3	Bearta an Phlean Teanga	6
3.4	Tábhacht na hIdirghabhála Éifeachtaí	6
3.5	Gníomhaithe an Phlean Teanga	7
3.6	Conclúid	7
4.0	Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola	8
4.1	Réamhrá	8
4.1.1	Ósradharc ar an Cheantar	8
4.1.2	Toghranna an Cheantair	9
4.2	Daonra an Cheantair	11
4.2.1	Réamhrá	11
4.2.2	Cainteoirí Laethúla na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola	11
4.2.3	Próifíl Aoise an Daonra	13
4.2.4	Athrú Daonra	14
4.3	An Córas Oideachais	14
4.3.1	An Bhunscolaíocht i gCloich Cheann Fhaola	14
4.3.3	An Mheánscolaíocht i gCloich Cheann Fhaola	15
4.3.4	Tacaíochtaí Teanga i gCloich Cheann Fhaola faoi láthair	15
5.0	Foilseacháin, Taighde Tánaisteacha & Moltaí Ábhartha	16
5.1	Réamhrá	16
5.2	Clár Tacaíochta Teaghlaigh & Scéim Labhairt na Gaeilge	16
5.3	Cleachtas Teanga & Meon i leith na Gaeilge i measc scoláirí Ghaeltacht Thír Chonaill, 2014	16
5.4	Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022	18
5.5	An tAcht um Pleanáil & Forbairt, 2000	19
5.6	An Ghaeilge & An Státseirbhís	19
5.6.1	Dualgais na nEagraíochtaí Poiblí	19
5.6.2	Stádas na Gaeilge sa Státseirbhís	20
5.6.3	Córas na Scéimeanna Teanga	20
5.6.4	Buntáiste na Tairisceana Gníomhaí	20
5.9	Conclúid	21
6.0	Ullmhú an Phlean Teanga	22
6.1	Modheolaíocht an Taighde	22
6.2	Tábhacht na Rannpháirtíochta	22

6.3	Ardú Feasachta an Phobail.....	22
6.4	Mórshuirbhé an Phobail.....	24
6.5	Suirbhé Bunscoile	25
6.6	Suirbhé Meánscoile	25
6.7	Agallaimh Leath-Structúrtha	25
6.8	Aiseolais ó Ghrúpaí Pobail.....	26
6.9	Conclúid.....	26
7.0	Torthaí Taighde.....	27
7.1	Suirbhé Bunscoile	27
7.1.1	<i>Cúlra Teanga na bPáistí Bunscoile.....</i>	27
7.1.2	<i>Cleachtais Teanga na bPáistí Bunscoile.....</i>	27
7.1.3	<i>Dearccháí Teanga na bPáistí Bunscoile.....</i>	28
7.2	Suirbhé Meánscoile	28
7.2.1	<i>Cúlra Teanga na nDéagóirí Meánscoile</i>	29
7.2.2	<i>Cleachtais Teanga na nDéagóirí Meánscoile</i>	29
7.2.3	<i>Dearccháí Teanga na nDéagóirí Meánscoile.....</i>	29
7.2.4	<i>An Todhchaí & Moltaí don Todhchaí</i>	30
7.3	Mórshuirbhé an Phobail.....	30
7.3.1	<i>Culrú Teanga an Phobail.....</i>	31
7.3.2	<i>Cleachtais Teanga an Phobail</i>	32
7.3.3	<i>Dearccháí Teanga an Phobail</i>	33
7.3.4	<i>Moltaí do Thodhchaí na Gaeilge sa Cheantar</i>	34
7.4	Agallaimh & Cruinnithe Leath-Structúrtha.....	35
7.4.1	<i>Tacaíochtaí don Cheantar</i>	35
7.4.2	<i>Tacaíochtaí Teaghlaigh.....</i>	35
7.4.3	<i>Fostaíocht do dhaoine óga an cheantair.....</i>	35
7.4.4	<i>An Tumoideachas Gaeilge.....</i>	36
7.4.5	<i>Athoscailt Choláiste Uladh</i>	36
7.4.6	<i>Gaeilge & Gnólachtaí.....</i>	37
7.4.7	<i>Imeachtaí Sóisialta Gaeilge.....</i>	37
7.4.8	<i>Bród & Muinín an Phobail</i>	38
7.4.9	<i>Seirbhísí Sásúla Gaeilge an Stáit.....</i>	38
7.4.10	<i>Seirbhísí Pobail an Cheantair.....</i>	38
7.5	Aiseolais ó Ghrúpaí Pobail, Cumainn & Gnólachtaí an Cheantair.....	38
7.7.1	<i>Tacaíochtaí Praiticiúla Teanga.....</i>	38
7.7.2	<i>Muinín an Phobal.....</i>	39
7.7.3	<i>Feasacht an Phobail</i>	39
7.5.4	<i>Úsáid na Gaeilge.....</i>	39
7.7.5	<i>Caighdeán na Seirbhísí Stáit.....</i>	39
7.7.6	<i>Tumoideachas lan-Ghaeilge</i>	39
7.6	Tátal na hAnailíse.....	40
8.0	Bearta Idirghabhála an Phlean Teanga	41
8.1	Réamhrá.....	41
8.2	Struchtúr Feidhmnithe an Phlean.....	42
8.2.1	<i>Coiste Stiúrtha Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola.....</i>	42
8.2.2	<i>Fóram Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola.....</i>	42
8.2.3	<i>Foireann an Oifigigh Teanga.....</i>	43
8.2.3	<i>Feachtas Feasachta & Seoladh Phlean Teanga Chloich Cheann Fhaola.....</i>	44
8.2.5	<i>Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta</i>	45
8.2.6	<i>Taithí & Léargas an Chomhairleora Pleanála Teanga</i>	45
8.3.	An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais).....	46
8.3.1.	<i>Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 (Gach Leibhéal).....</i>	46

8.3.2.	<i>Acmhainní Teagaisc Gaeilge d’Ionaid Oideachais an Cheantair (Gach Leibhéal)</i>	46
8.3.3.	<i>Naíonraí an Cheantair & Bunscoileanna an Cheantair (Pleanáil & Polasaithe)</i>	47
8.3.4	<i>Fóram Múinteoirí Chloich Cheann Fhaola (Gach leibhéal)</i>	48
8.3.5	<i>Scéim na gCúntóirí Teanga (Bunscoil)</i>	49
8.3.6	<i>Tacaíochtaí Teanga do Pháistí ó Theaghlaigh gan Ghaeilge (Bunscoil)</i>	49
8.3.7	<i>Feidhmeannas Seasta an tSrutha Ghaelaigh, Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola</i>	50
8.3.8	<i>Polasaí Teanga Phobalscoil Chloich Cheann Fhaola,</i>	51
8.3.9	<i>Moltaí Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 (Dara-Leibhéal)</i>	51
8.3.10	<i>Modúl ar Fhéiniúlacht na Gaeltachta san Idirbhliain</i>	52
8.3.11	<i>Roghanna Oideachais Ghaeilge ag an Tríú Leibhéal</i>	53
8.3.12	<i>Scoláireacht na Pleanála Teanga do mhic léinn Chloich Cheann Fhaola</i>	54
8.4	<i>Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta & Tacaíochta Teaghlaigh lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga</i>	55
8.4.1	<i>Rogha Teanga an Teaghlaigh & Áiseanna Tacaíochta Teaghlaigh</i>	55
8.4.2	<i>Grúpaí Tachráin & Tuistí</i>	56
8.4.3	<i>Seirbhísí Réamhscolaíochta</i>	57
8.4.4	<i>Tacaíochtaí Teanga</i>	58
8.5	<i>Seirbhísí don Aos Óg agus d’Aoisghrúpaí eile</i>	58
8.5.1	<i>Ógchlubanna An Cheantair</i>	58
8.5.2	<i>Treanáil Cheannairí na gClubanna Óige I gCloich Cheann Fhaola</i>	59
8.5.3	<i>Deiseanna Sóisialta lasmuigh de shuíomh na gclubanna</i>	59
8.6	<i>Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais</i>	60
8.6.1	<i>Ranganna Gaeilge an Duine Fásta</i>	60
8.6.2	<i>Ceardlanna Eile an Duine Fásta</i>	61
8.7	<i>An Earnáil Ghnó & Turasóireachta</i>	62
8.7.1	<i>Tacaíochtaí Ghnó Fhoireann an Oifigigh Teanga do Ghnólachtaí an Cheantair</i>	62
8.7.2	<i>Tairiscint Ghníomhnach na Gaeilge (Feachtas Feasachta & Feidhmnithe)</i>	63
8.7.3	<i>Gradaim Ghnó Gaeilge Chloich Cheann Fhaola</i>	64
8.7.4	<i>Seirbhísí Bainc Chloich Cheann Fhaola</i>	64
8.7.5	<i>Ár nOidhreacht, Do Shaoire –Our Heritage, Your Holiday (Feachtas Turasóireachta Chloich Cheann Fhaola)</i>	65
8.7.6	<i>Geilleagar Gaeilge Chloich Cheann Fhaola</i>	66
8.7.7	<i>Íomhá Ealaíne & Íomhá na Gaeltachta</i>	67
8.7.8	<i>Féilte an Cheantair</i>	67
8.8	<i>Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn</i>	68
8.8.1	<i>Tacaíocht Phraiticiúil, Forbairt & Feidhmiú Pholasaithe Teanga</i>	68
8.8.2	<i>Seirbhísí Reiligiúnacha & Eaglasta</i>	69
8.9	<i>Na Meáin Chumarsáide</i>	70
8.9.1	<i>Íomhá Chloich Cheann Fhaola</i>	70
8.9.2	<i>Suíomh Idirlín Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola</i>	70
8.9.3	<i>Nuachtlitir ‘Mara Duit’</i>	71
8.10	<i>Seirbhísí Poiblí</i>	71
8.10.1	<i>Seirbhísí Dátheangacha Chomhairle Contae Dhún na nGall</i>	72
8.10.2	<i>Fo-chonraitheoirí de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall</i>	72
8.10.3	<i>Pleananna Toghcháin de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall</i>	73
8.10.4	<i>Seirbhísí Stáit</i>	73
8.10.5	<i>Seirbhísí Sláinte an Stáit</i>	74
8.11	<i>Pleanáil & Forbairt Fhisiceach</i>	75
8.11.1	<i>Campas Cultúrtha Choláiste Uladh, Gort a’ Choirce</i>	75
8.11.2	<i>Pleanáil Tithíochta</i>	76

8.11.3	<i>Comharthaíocht Ghaeilge</i>	77
8.12	Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire.....	77
8.12.1	<i>Grúpaí Nua an Cheantair</i>	77
8.13	Staid na Gaeilge sa Limistéar	78
8.13.1	<i>Do Spriocanna Teanga Féin (Feachtas Feasachta)</i>	78
9.0	Costais & Maoiniú	80
9.1	Suimiú na gCostas	80
9.2	An Todhchaí.....	80
9.3	Soiléireacht na gCostas	80
10.0	Forbairt Feasachta & Poiblíocht	82
10.1	Tábhacht na Feasachta / na Poiblíochta	82
10.2	Bunaidhmeanna na Feasachta / na Poiblíochta.....	82
11.0	Feidhmiú & Córas Monatóireachta	83
11.1	Feidhmiú na mBeart	83
11.2	Tús na mBeart	83
11.3	Monatóireacht ar Fheidhmiú na mBeart.....	85
11.3.1	<i>Tábhacht na Monatóireachta</i>	85
11.3.2	<i>Struchtúr na Monatóireachta</i>	85
11.3.3	<i>Próiseas na Monatóireachta</i>	86
11.3.4	<i>Amscála na Monatóireachta / an Athbhreithnithe</i>	87
Leabharliosta	88	
	<i>Leabhair</i>	88
	<i>Ailt i Leabhair</i>	88
	<i>Ailt in Irisí</i>	89
	<i>Foinsí Leictreonacha</i>	89
Aguisíní	92	
Aguisín A.....	93	
	<i>Critéir Pleanála Teanga do Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta</i>	93
Aguisín B.....	94	
	<i>Suirbhé na Meánscoileanna</i>	94
Aguisín C.....	100	
	<i>Suirbhé Gaeilge na mBunscoileanna</i>	100
Aguisín D.....	105	
	<i>Suirbhé na Scoileanna – Torthaí Bunscoile & Torthaí Meánscoile</i>	105
Aguisín E.....	130	
	<i>Suirbhé an Phobail</i>	130
	<i>Iompar Teanga & Meoin i Leith na Gaeilge</i>	130
Aguisín F.....	141	
	<i>Torthaí Suirbhé an Phobail</i>	141
Aguisín G.....	169	
	<i>G1 Teimpléid Athbhreithnithe d’ Imeachtaí Seachtainiúla an Oifigigh Teanga</i>	169
	<i>G2 Teimpléid Athbhreithnithe & Monatóireachta ar Bhearta an Phlean</i>	170
	<i>G3 Teimpléid Forbartha an Bhirt bunaithe ar an Phróiseas Monatóireachta</i>	171
Aguisín H	172	
	<i>Nótaí Tacaíochta ar Bhearta Éagsúla an Phlean</i>	172
	<i>Beart 8.2.3 An tOifigeach Teanga, Riarthóir Oifige & Síolchiste na Foirne</i>	172
	<i>Beart 8.2.5 Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta</i>	173
	<i>Beart 8.5.2 Oideachas an Duine Fásta</i>	174
	<i>8.11.2 Ár nOidhreachta, Do Shaoire –Our Heritage, Your Holiday (Feachtas Turasóireachta Chloich Cheann Fhaola)</i>	175
	<i>Beart 8.11.1 Athoscailt Choláiste Uladh</i>	175

Aguisín I	177
<i>Costais na mBeart</i>	177
Aguisín J	181
<i>Summary of Language Plan Actions in English</i>	181

1 Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

1.1 Bunreacht na hÉireann, 1937

Dearbhaítear, in Airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann gurb í an Ghaeilge, teanga náisiúnta agus príomh-theanga oifigiúil na tíre agus glactar leis an Bhéarla mar theanga oifigiúil eile (Rialtas na hÉireann, 2012a: 9). In ainneoin an stádais sin, tráchtar go minic ar chonstaicí i leith sholáthar na seirbhísí Gaeilge den chéad ochtú bliain i stair an stáit (Walsh, 2012: 338). I measc na gconstaicé éagsúla, íslíodh stádas na Gaeilge, arís is arís eile, ó bhunú an Stáit. Maolaíodh stádas na Gaeilge sa bhunscolaíocht. Ní raibh inti 'í bhformhór na scoileanna ach ábhar de na hábhair ar an gcuraclam' ó shin i leith (Ó Murchú, 2002: 8), athrú suntasach ó mhodh an tumoideachais Ghaeilge a bhíodh ann roimhe sin den chéad trí bliana do gach páiste i ngach bunscoil sa tír (Ó Laoire, 2005: 263). Ina theannta sin, dúnadh na coláistí ullmhúcháin d'ábhar múinteoirí le linn na tréimhse sin freisin, agus de réir a chéile, tháinig 'meath ar úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc' (Ó Riain, 1994: 51). Tugadh breithiúnas sa Chúirt Uachtarach i 1967 – Cás Coyne & Wallace 1967 – ar chinn tromlach na cúirte 'gur chiallaigh Airteagal 8.3 go bhféadfadh an stát ceachtar den dá theanga oifigiúla a úsáid do chríocha oifigiúla mura mbeadh foráil déanta le dlí a leag síos go n-úsáidí teanga amháin seachas an teanga eile' (Ó Laighin, 2012: 158). Cuimsíonn an staraí Lee tionchar na gcinntí seo uile, agus go leor eile, i gcomhthéacs na Gaeilge gurbh é an dúshlán ba mhó ná labhairt, scríbhneoireacht & léitheoireacht na Gaeilge a chothú i measc lucht an cheannais chomh maith céanna le hiallach a chur ar dhaoine óga an Ghaeilge a úsáid. (1989: 672). Maíonn Ó Cuirreáin, an chéad Choimisinéir Teanga, gur chuir neamh-géilliúlachta na gcomhlachtaí poiblí agus na ranna rialtais leis na treoirlínte sin go mór leis an fheachtas ar son reachtaíochta teanga agus gur foghlaimíodh ceacht tábhachtach maidir le mí-éifeacht treoirlínte neamh-reachtúla (An Coimisinéir Teanga, 2004: 5-6).

1.2 Coimisiún na Gaeltachta, 2002

De dheasca na gconstaicé sin uile, i measc go leor eile, cuireadh Coimisiún na Gaeltachta, 2002, ar bun. Reáchtáladh dhá Choimisiún Gaeltachta cheana agus tuairiscíodh torthaí na gCoimisiún sin i 1926 agus arís i 1956. Beartaíodh, le Coimisiún na Gaeltachta, 2002, béim ar leith a chur ar chearta teanga na Gaeilge agus ar sholáthar seirbhísí Gaeilge sa Ghaeltacht. Thángthas ar 19 moladh, go príomha. Ina measc, mhól Coimisiún na Gaeltachta go 'ndearbhóidh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Comhionannas) cearta an duine aonair ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus chuige sin go mbeidh soláthar d'oifig an Choimisinéara Teanga mar chuid den Acht' (2002: 14).

1.3 Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla ina dhlí i mí Iúil 2003 (An Coimisinéir Teanga, 2003: 1). Is í 'an reachtaíocht phríomhúil is tábhachtaí' i leith cúrsaí teanga a mbaineann a fhorálacha 'leis an Oireachtas agus leis na cúirteanna, le comhlachtaí poiblí, le bunú Oifig Choimisinéara do na teangacha oifigiúla, agus le logainmneacha' (Ó Laighin, 2012: 158). Is í príomhaidhm na reachtaíochta ná go gcuirfí le 'líon agus caighdeán na seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge' (Walsh, 2011b: 88). Deir an Coimisinéir Teanga, áfach, in 2014, nach ndeanann sé;

...aon chiall go mbeadh an Stát ag leagan dualgais ar na pobail Ghaeltachta pleananna teanga a ullmhú do limistéir aitheanta pleanála teanga ach ag an am céanna go bhfuil sé ag diúltú aitheantas a thabhairt dá gcuid freagrachtaí reachtúla féin.

(2014: 5)

1.4 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030

Is iad ceann de na haidhmeanna ag an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* ná líon na gcainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht a mhéadú faoi 25% thar thréimhse na Straitéise (Rialtas na hÉireann, 2010: 9). Maítear go ndéanfar iarracht cur leis an chomhthéacs agus leis na haidhmeanna sin trí phróiseas pleanála teanga a ngníomhófaí ina leith a leagan amach le leas a dhéanamh don teanga agus don Ghaeltacht as seo go 2030 bliain. Mar theanga labhartha phobail, is leis an tír seo amháin a bhaineann an Ghaeilge agus mar sin tá fíorthábhacht léi ó thaobh fhéiniúlacht mhuintir na hÉireann de agus ó thaobh oidhreacht dhomhanda de chomh maith. Sa chomhthéacs seo, tá tábhacht ar leith ag baint le caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht ar mhaithe le hoidhreacht, cultúr agus saíocht na teanga a chaomhnú agus a chosaint sna háiteanna sin ina bhfuil sí fós mar theanga phobail agus mar theanga an teaghlaigh, ar nós cheantar Chloich Cheann Fhaola. Aithnítear chomh maith go gcuireann stádas na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht le cuspóir na Straitéise úsáid na Gaeilge a leathnú ar bhonn náisiúnta.

1.5 Acht na Gaeltachta 2012

Tugtar feidhm reachtúil don phróiseas pleanála teanga in Acht na Gaeltachta, 2012, ar a dtagraítear do i *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*. Bronntar, san Acht, dualgais ar phobail Ghaeltachta plean straitéiseach 7 mbliana a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air fosta (Rialtas na hÉireann, 2012b). Mura gcuirtear plean faoi bhráid an Aire Gaeltachta agus Roinn na Gaeltachta, caillfidh na ceantair Ghaeltachta a stádas Gaeltachta. Dearbhaítear san Acht, go mbeidh an stádas sin ag brath ar phlean teanga a aontú le Roinn na Gaeltachta agus ní ar bhonn tíreolaíochta, ar a bhfuil an stádas bunaithe faoi láthair

1.6 Conclúid

Tugadh sa léargas seo tuiscint ní ba dhoimhne a chur ar fáil ar chomhthéacs an bheartais teanga sa Ghaeltacht. Tá sé fíor thábhachtach go bhfanfaidh ceantar Chloich Cheann Fhaola mar chuid den Ghaeltacht. Mar gheall ar sin, thug Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola faoin obair seo ar bhonn chomhtháite chun plean teanga a ullmhú. Clúdóidh an plean teanga an iliomad réimsí, ar nós Oideachas, Spórt, Teaghlaigh, An t-Aos Óg, Seandaoine, Forbairt Pobail agus Eacnamaíochta, Turasóireacht agus a lán eile. Glactar leis go forleathan go mbraitheann rathúlacht na hoibre seo uile ar chur chuige comhtháite idir baill an phobail, na heagraíochtaí pobail agus deonacha, an earnáil phríobháideach mar aon leis an earnáil phoiblí ar a mbíonn dualgais uirthi faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

2.0 Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola

2.1 Sonraí na Ceanneagraíochta

Is í Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola ceanneagraíocht na pleanála teanga i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola. Roghnaíodh an coiste seo mar cheanneagraíocht i Mí na Nollag 2014. Is iad An tSeanBheairic, An Fál Carrach, Pobal Eascarrach Teo., Béal an Átha, agus Coiste Paróiste Ghort a' Choirce trí phríomhbhall na ceanneagraíochta. Anuas air sin, tá ionadaithe ar choiste na ceanneagraíochta ó ghrúpaí pobalbhunaithe eile an cheantair ar nós: Ionad Pobail Mhachaire Rabhartaigh, Cumann Turasóirí agus Trádálaithe An Fháil Charraigh, Pobal le Chéile, LAN Teo agus go leor grúpaí eile.

2.2 Fís an Choiste

Is í bunaidhm Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola cleachtais agus creidimh teanga an phobail a fhiosrú, comhairle an phobail a lorg, beartas teanga a chruthú bunaithe ar an eolas sin fá choinne bhuanú agus mhéadú na Gaeilge mar theanga phobail i gCloich Cheann Fhaola.

Bunaíodh Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola leis an fhís seo mar bhunchloch ar gach céim a glacadh i bpróiseas na pleanála teanga i gCloich Cheann Fhaola. Go gairid i ndiaidh bhunú an choiste, chuir an coiste dúshlán rompu féin. Ba iad príomhghnéithe an dúshlán sin ná:

- Deis a thabhairt d'achan duine sa cheantar aiseolas a thabhairt dúinn,
- An Pobal a choinneáil ar an eolas ar dul chun cinn na hoibre,
- Borradh dearfach a chruthú agus a chothú faoin phróiseas sa cheantar,
- Plean éifeachtach a dhearadh bunaithe ar aiseolas an phobail a thabharfaidh aghaidh ar úsáid na Gaeilge a neartú sa cheantar
- Bearta a mholadh a neartóidh úsáid na Gaeilge i dtaca le cúrsaí teaghlaigh, cúrsaí pobail, cúrsaí oideachais, cúrsaí sóisialta & caitheamh aimsire, agus iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh feabhas a chur ar chúrsaí Gaeilge i saol gnó an cheantair, agus ar chúrsaí poiblí de chuid an Stáit.
- Córas feidhmithe & córas monatóireachta a chruthú mar chuid den bheartas teanga.

2.3 Baill Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola

Is é **Bearnaí Ó Gallchobhair** Cathaoirleach Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola. Bhíodh sé ag obair mar mhúinteoir bunscoile. Anuas ar a ról ar choiste Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola, tá ról bainistíochta ag Bearnaí le LAN Teo i gCill Ulta, is é an Cathaoirleach de chuid Chomhar Creidmheasa Ghaoth Dobhair agus d'fheidhmigh sé mar leas-chathaoirleach ar Choiste Ceiliúrtha Choláiste Uladh fosta.

Ba é **Séamus Mac Géidigh** Leas-Cathaoirleach Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola. Anuas ar a ról ar an choiste seo, ba bhainisteoir réigiúnach é i Raidió na Gaeltachta agus bhí baint ag Séamus le gach rud dearfach a tharla sa cheantar s'againne. Leag Séamus bunchloch na hoibre seo uile romhainn. Thuig Séamus tábhacht na hoibre seo agus chuir sé béim láidir ar thábhacht na rannpháirtíochta sa phróiseas trí chéile.

Rinne an choiste gach iarracht meas a léiriú ar oidhreacht Shéamuis agus próiseas a chur ar bun a bheadh ionadaíoch ar dhearcthaí an phobail i gCloich Cheann Fhaola.

Oibríonn **Caitlín Uí Laifeartaigh** mar Bhainisteoir le Pobal Eascarrach Teo. Feidhmíonn sí mar chisteoir na ceanneagraíochta agus mar Oifigeach Caidrimh Phoiblí fosta. Tá taithí aici ag obair le coistí difriúla idir óg agus aosta i gceantar Chloich Cheann Fhaola. Tá naisc aici leis na grúpaí áitiúla seo; Club Óige Chríost Rí, Cumann Naomh Uinseann de Pól Ghort a Choirce, Coiste Tráigh Mhachaire Rabhartaigh, Coiste Féile Ghort a Choirce, Coiste Féile Inis Bó Finne, Coiste Pobal Eascarrach Teo, Coiste na dTuismitheoirí Pobal Scoil Cloich Cheann Fhaola, Grúpa Cairdiach an Fháil Charraigh, Coiste Cúram na Seanoirí Cloich Cheann Fhaola & Gréasán Gairdín Phoiblí Dhún na nGall. Tá Dioplóma sa Phleanáil agus Buanú Teanga ó Acadamh na hOllscolaíochta bainte amach ag Caitlín.

Is í **Máire Mhic Phaidín** Bainisteoir Ionad Phobail Mhachaire Rabhartaigh. Is gnáthbhall an choiste í. Tá baint ag Máire le go leor grúpaí sa cheantar; Togra Fiontar & Cultúr Uladh Teo., Coiste Paróiste Ghort a' Choirce, Club Óige Chríost Rí, Páistí Cois Mara, Coiste Trá Mhachaire Rabhartaigh, Coiste Féile Ghort a' Choirce, Mná Phort Mhaise agus Cór Chríost Rí. Tá neart taithí aici ag plé le cúrsaí pobail agus cúrsaí Gaeilge an cheantair.

Feidhmíonn **Máire Ní Chaiside** mar runaí Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola. Anuas air sin oibríonn sí mar bhainisteoir ionad na Seanbheairice ar an Fhál Charrach. Bíonn baint aici le go leor grúpaí áitiúla ar an Fhál Carrach, mar shampla an Coiste Glán & Glas, Cumann na dTrádálaithe & Turasóireachta. Tá neart taithí aici ag plé le cúrsaí pobail agus cúrsaí Gaeilge an cheantair.

Is gnáthbhall an choiste í **Máire Nic Fhearraigh**. Tá sí ag déanamh ionadaíochta ar an choiste ar son Pobal le Chéile Teo. Feidhmíonn sí mar oibrí phobal don óige le Pobal le Chéile ar an Fhál Carrach. Tá Pobal le Chéile dírithe ar chuimsiú sóisialta sa phobal. Tá taithí aici le cúrsaí deartha, margaíochta agus scannánaíochta. Is ealaíontóir áitiúil í chomh maith.

Is ball den choiste í **Máire Uí Bhaill**. Bhíodh sí ina príomhoide ar Ghaelscoil i Leitir Ceanainn ar feadh 21 bliain. Anuas air sin, bhí sí ina cathaoirleach ar Chumann Gaelach Leitir Ceanainn ar feadh na mblianta. Is cathaoirleach í Máire ar choiste na mbailte slachtmhara, an Coiste Glan & Glas. Is í Máire an runaí de chuid Chumann Turasóirí & Tradálaí an Fháil Charraigh fosta.

Is gnáthbhall an choiste é **Paidí Mac Aodha**. Oibríonn Paidí in Ionad na Seanbheairice ar an Fhál Carrach. Tá saineolas ag Paidí i gcúrsaí ríomhaireachta agus teicneolaíochta rud a chur go mór le éifeacht na hoibre

Fostaíodh **Feargal Mac Thréinfhir** mar chomhordaitheoir pleanála teanga Chloich Cheann Fhaola i Mí Aibreáin 2016. Ba é an ról a bhí aige ná comhordú agus comhtháthú a dhéanamh ar chúrsaí taighde, ar chúrsaí feasachta agus ar phlean teanga cuimsitheach ilghnéitheach a chur le chéile.

2.5 Conclúid

Cé gur éirigh le Pleanáil Teanga Cloich Cheann Fhaola rannpháirtíocht a chothú i measc bhaill an phobail le linn an phróisis seo tuigeadh go raibh ar dhaoine stuama a bheith i gceannas ar na hiarrachtaí a rachaidh chun sochair na Gaeilge sa cheantar. Tabharfár léargas cuimsitheach i gcaibidil a 6 den bheartas seo faoi na céimeanna a glacadh mar chuid den phróiseas pleanála teanga i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola.

3.0 Bunús Teoiriciúil an Phlean Teanga seo

3.1 Tuiscint Chomhaimseartha an Bheartais Teanga

Bhíodh cur chuige smachtúil sriantach ‘ón mbarr anuas’ ag baint leis an téarma ‘Pleanáil Teanga’ go stairiúil (Shohamy, 2006: 49). D’fhorbair tuiscint ní b’fhorleithne, áfach, i leith na pleanála teanga, sa dara leath den fhichiú aois agus déanann Fishman ionramháil ar na hathróa éagsúla a bhaineann le ceist na pleanála teanga; cúrsaí polaitíochta, eacnamaíochta agus teoiric shóisialta ina measc (2001: 2). Tráchtann Shohamy (2006: xvi), Ricento (2006: 8–9) agus Spolsky (2004: 8) ar chineál an chaidrimh idir na hathróa éagsúla seo fosta, ‘...we are usually trying to understand just what non-language variables co-vary with the language variables’. Is ceart, mar sin, go dtabharfaí aitheantas don nasc idir cúrsaí eacnamaíochta, forbairt pobail, cúrsaí fostaíochta agus tionchar na ngnéithe sin ar inmhharthanacht na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Soláthraíonn Swann et al (2004: 174), Kaplan & Baldauf (1997: 3) agus go leor eile téarmaí nua leis an tuiscint chomhaimseartha dhaonlathach sin a chur in iúl. Tugann Ó hIfearnáin le fios gur fearr an téarma ‘Beartas Teanga’ mar rogha i gcás na Gaeilge;

...baintear leas as an téarma pleanáil teanga nuair is údarás agus smacht atá i gceist agus socruithe á gcur i bhfeidhm. Murab ionann agus pleanáil teanga, tuigtear anois go mbaineann beartas teanga le húsáid na teanga ó thaobh an phobail de, agus an dóigh a ndéantar an t-iompar teanga sin a stiúradh.

(2006: 7)

Aontaíonn Walsh le tuairim Uí hIfearnáin ar theideal agus ar mhodh an bheartais teanga chun treoir a thabhairt do phróiseas daonlathach (2011a: 55). Bunaíonn Walsh, i saothar eile dá chuid, bailíocht theideal an bheartais teanga ar shainmhínte thearmaí na Fraincise. Scagtar obair Le Blanc ar *l'aménagement linguistique* i gCeanada, agus tagraíonn Grin ar *la gestion linguistique* i gcomhthéacs Cheanada freisin (Walsh, 2012: 325). Nochtar an tuairim go mbaineann ról bainistíochta na teanga le coincheap an bheartais teanga. Moltar cur chuige comhtháite idir rialtas na tíre agus pobal urlabhra na teanga, ag nascadh gnéithe den chur chuige ón mbarr anuas agus ó rannpháirtíocht an phobail aníos. Bunaítear téarma an ‘rialachais teanga’ ar an phróiseas comhtháite sin ón téarma Fraincise atá in úsáid i gCeanada, ‘*la gouvernance linguistique*’ (ibid: 327). Áitíonn Loughlin & Williams an tuairim chéanna go mbaineann rialachas teanga le comhpháirtíocht idir an rialtas agus an pobal fosta;

...as society becomes more complex and differentiated, the traditional method of governing from above – government – becomes more difficult. This leads to governance, understood as steering rather than directing, which it is claimed supplements or at times even replaces government. Governance is allegedly more bottom-up than top-down and involves a partnership between government and nongovernmental elements of civil society.

(2007: 60)

Maíonn Walsh go bhfuil obair Spolsky ag teacht le tuiscint Loughlin & Williams agus le téarma an bheartais teanga fosta (Walsh, 2011a: 55; Spolsky, 2004: 9). Tugann taighde Spolsky le fios go ndéantar bainistíocht cheart ar bheartas teanga nuair a thógtar san áireamh fíorchleachtais teanga agus fíorchreidimh an phobail i leith na teanga sin (2004: 222).

Is léir mar sin go bhfuil sé riachtanach go mbeidh comhpháirtíocht ann idir an Stát agus an pobal chun feidhmiú an phlean seo a chur i gcrích i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola.

3.2 An Próiseas Pleanála Teanga

Sonraíonn Ní Dhúda go dteastaíonn *‘cur chuige daonlathach rannpháirtíoch fréamhaithe ag micrileibhéal an phobail’* (2014: 6) agus próiseas na pleanála teanga á chur i gcrích. Áitíonn Mac Donnacha (2000) agus aontaíonn Ní Dhúda (2014: 7) gur phróiseas timthriallach atá i gceist le cineál na hoibre seo le 4 príomhchéim:

1. Méasúnú agus taighde a dhéanamh ar staid reatha na Gaeilge sa cheantar,
2. Plé poiblí a dhéanamh ar aidhmeanna an phobail i leith na Gaeilge,
3. Bearta an phlean a fheidhmiú go gníomhach agus idirghabhálacha daonlathacha a chumasú,
4. Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mBeart agus athruithe / bearta breise a chumasú nuair is gá. Próiseas leanúnach a chruthú.

3.3 Bearta an Phlean Teanga

Tugann Mac Donnacha le fios gur ceart go mbeadh dhá chineál gníomhaíochtaí le sonrú in aon phlean teanga; príomhghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí tánaisteacha tacaíochta.

Príomhghníomhaíochtaí:

1. **Meon** an Phobail i leith na teanga
2. **Cumas** na teanga i measc an phobail
3. **Leibheál Úsáide na teanga** i measc an phobail
4. **Inmharthanacht & inbhuanaitheacht an phobail teanga** i dtéarmaí eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha teanga & eile
5. **Aistriú na sprioctheanga** ó ghlúin go glúin tríd an teaghlach

Gníomhaíochtaí Tacaíochta;

1. **Struchtúr eagraíochta éifeachtach**
2. **Acmhainní Daonna** a aimsiú & a bhainistiú don phleanáil teanga
3. **Próiseas Pleanála Teanga** a riaradh
4. **Taighde** a dhéanamh
5. **Pleanáil Chorpais** – Foclóirí, téarmaíocht 7rl
6. **Pleanáil Chomhlánach** – Ról na n-eagraíochtaí eile nach cuid lárnach den phróiseas pleanála teanga iad, de réir aidhmeanna an phróiseas pleanála teanga

(Mac Donnacha, 2000)

3.4 Tábhacht na hidirghabhála Éifeachtaí

Aithníonn Ní Dhúda gur *‘...mór an difear idir plean teanga agus próiseas feidhmiúil feidhmithe a chothaíonn rannpháirtíocht an duine’* (2014: 38). Áitíonn sí go mbaineann rathúlacht phróiseas na hidirghabhála éifeachtaí ar an phointe seo. Soláthraíonn Hinton an tuairim go mbraitheann rath na hidirghabhála ar an phobal féin (2001: 5). Anuas air sin, tugann Hinton le fios, agus í ag trácht ar aisiompú teanga, nach bhfuil aon phlean amháin a oibríonn i gcomhair gach aon phobal urlabhra (2001: 4). In ainneoin sin, soláthraítear an tuairim gur chóir go mbeadh plean scríofa ann ina mbíonn mianaidhmeanna straitéiseacha na hidirghabhála – agus na haidhmeanna monatóireachta – le sonrú go soiléir ag an phobal (Swann et al, 2004: 17; Ní Dhúda, 2014: 9). Rinne Ó Coisdealbha, Stiúrthóir de chuid Oifig an Choimisinéara Teanga trácht ar an choincheap céanna i dtaca le polasaithe agus scéimeanna teanga ag áiteamh gur ceart *‘go mbeifí in ann aon ghealltanais a thugtar a thomhais’* (2011: 37).

3.5 Gníomhaithe an Phlean Teanga

Anuas ar ghealltanais an phlean teanga, is gá go mbeadh comhtháthú idir aidhmeanna an phlean agus tuiscint léannta agus phraiticiúil, ghníomhaithe an phlean teanga (Ní Dhúda, 2014: 53). Tráchtann Grin ar ról lárnach na ngníomhaithe éifeachtacha sna húdaráis áitiúla i gcomhthéacs Cheanada agus molann sé go gcuirfí eolas agus taithí na ndaoine sin ar fáil go hidirnáisiúnta (2003: 201). Cloistear macallaí na comhairle sin arís i dtuarascáil Uí Fhlatharta et al faoi fheidhmiú reachtaíochta teanga. Moltar gur chóir ‘ról oifigeach teanga a aithint mar ghairm atá ag forbairt agus ba chóir oiliúint inseirbhíse bhreise, agus leas a bhaint as próisis atá forbartha ag *Cwmni Iaith* agus ag Bord na Breatnaise, a thabhairt isteach i gcórais na hÉireann’ (Ó Flatharta et al, 2014: 2).

3.6 Conclúid

Is iad na gnéithe ar fad a pléadh sa chaibidil seo a fheidhmeoidh mar bhunchloch na hanailíse níos deireanaí sa taighde agus a chabhróidh leis an choiste an phlean a chur le chéile. Tugadh cuntas ar stair na pleanála teanga in Éirinn. I gcomhthéacs na tuisceana sin, luíodh go mór ar obair Spolsky agus Ó hlfearnáin ar phróiseas an bheartais teanga mar uirlis chomhaimseartha chun bainistíocht a dhéanamh ar chleachtais agus ar chreidimh teanga, in ionad sean-íomhánna smachtúla na pleanála teanga, De réir mar a áitíonn Ó hlfearnáin, é féin, ‘Tá an beartas níos lárnaí i saol na ndaoine agus an stáit’ (2006: 26). Baineadh leas as cíoradh Walsh ar théarmaí ar nós; *l’aménagement linguistique, la gestion linguistique* agus *la gouvernance linguistique*, i gcomhthéacs na tuisceana seo freisin. Léiríodh tuairimí Loughlin & Williams go mbíonn comhpháirtíocht ag teastáil idir an rialtas agus an pobal chun tairbhe an bheartais teanga. Cuireann Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola an-bhéim ar thuiscint dhaonlathach an bheartais teanga i gcaitheamh na hoibre seo. Aithnítear, fosta, an gá le struchtúr tacaíochta a bhunú de réir múnla comhtháite Mhic Dhonnacha.

Creidtear go láidir i measc baill uile an choiste gurb é sin croílár na straitéise teanga a chuireann muid roimh an pobal. Baintear leas as na coincheapa uile léirithe sa chaibidil seo chun sochair phobal na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola.

4.0 Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola

4.1 Réamhrá

Tabharfar léargas, sa chuid seo den phlean, ar cheantar Chloich Cheann Fhaola. Solathrófar cur síos ar dhaonra, méid agus cineál an cheantair. Anuas air sin, déanfar úsáid na Gaeilge sa cheantar a shoiléiriú bunaithe ar thorthaí daonáirimh agus roinnt tuairiscí eile.

4.1.1 Ósradharc ar an Cheantar

Tá Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola lonnaithe in iarthuaisceart Dhún na nGall idir An Earagail, An Eachla Mhór agus An Mhucais mar chuid de theorainn deiscirt an cheantair agus an tAigéan Atlantach ó thuaidh. Cuimsítear, sa limistéar codanna de thoghroinn Ghort a' Choirce, Dhún Lúiche, Dhún Fionnachaidh agus toghroinn na gCroisbhealaí. Sonraítear, go mion, toghranna an limistéir i gcuid 4.1.2 thíos-scríofa.

Ritheann bóthar náisiúnta den dara grád (N56) ó imeall cheantar Chloich Cheann Fhaola le Gaoth Dobhair soir ó thuaidh tríd sráidbhaile Ghort a' Choirce agus tríd Bhaile an Fháil Charraigh go Baile Dhún Fionnachaidh i gceantar an Chraoslaigh.

Is iad an dá phríomhbhóthar eile sa cheantar ná an R256 ón Fhál Carrach i dtreo Leitir Ceanainn (turas 40km ón Fhál Carrach) agus an R257 ó Ghort a' Choirce go Machaire Rabhartaigh agus Mín Lárach atá mar chuid de Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola. Is timpeall ar chroisbhóthar an R256 agus an N56 a d'fhás baile mhargaidh an Fháil Charraigh ná 'Na gCroisbhealaí' i dtosach báire.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an fharraige sa cheantar freisin mar fhoinsé fostaíochta agus do thurasóirí. Ritheann 'Slí an Atlantaigh Fhiáin' tríd an cheantair. Anuas ar bhóithre an cheantair, cuirtear seirbhís bádóireachta ar fáil ó ché Mhachaire Rabhartaigh go hInis Bó Finne, atá mar chuid den limistéar freisin agus go hOileán Toraigh, nach bhfuil sa limistéar pleanála teanga seo. Tá cé Bhaile an Easa ann freisin, lonnaithe ar imeall Bhaile an Fháil Charraigh

Cónaíonn tromlach an daonáirimh sa limistéar seo i dtithe aonair ar fhorbairt ribíneach ar na bóithre thuas-luaithe nó ar bhóithre beaga eile a nascann leis an trí bhóthar tábhachtacha seo.

Lonnaítear seirbhísí an cheantair i sráid bhaile Ghort a' Choirce agus sráid bhaile an Fháil Charraigh. Tá tithe pobail, grúpaí eaglasta, eagraíochtaí forbartha pobail, naíonraí, *Montessori* éagsúla, scoileanna, clubanna óige, cumainn spóirt, cumainn sóisialta agus caitheamh aimsire, síopaí, gnólachtaí, seirbhísí sláinte, oifigí poist, tithe tabhairne agus óstán amháin i gceantar Chloich Cheann Fhaola.

4.1.2 Toghanna an Cheantair

Cuimsíonn Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola codanna de thoghroinn cheantair Ghort a' Choirce, Dhún Lúiche, Dhún Fionnachaidh agus toghroinn cheantair na gCroisbhealaí.

Bailte Fearainn i dToghroinn Ghort a' Choirce sa Limistéar Pleanála Teanga seo		
An Ardaí Bheag	Caoldroim Íochtarach	Fána Bhuí
An Ardaí Mhór	Caoldroim Uachtarach	Gort an Choirce
Baile na Creige	Doire Chonaire	Inis Beag
Inis Bó Finne	Machaire Rabhartaigh	Mín Lárach
Oileán Dúiche	Sliabh Mhachaire Rabhartaigh	Sliabh na hArdadh Móire.

Figiúr 4.1.2.1 : Toghroinn Ghort a' Choirce

Bailte Fearainn i dToghroinn Dhún Lúiche sa Limistéar Pleanála Teanga seo		
An Bhealtaine Íochtarach	Calhaem	Caiseal na gCorr
An Bhealtaine Uachtarach	An Caiseal	Prochlais
Sliabh na Bealtaine	An Sruthán Riach	Tulacha Beigile Thiar


Figiúr 4.1.2.2 : Toghroinn Dhún Lúiche

Bailte Fearainn i dToghroinn na gCroisbhealaí sa Limistéar Pleanála Teanga seo		
Béal an Átha	Baile na Bó	Baile Chonaill
Baile na Creige Thoir	Baile an Easa	Baile an Teampaill
Bun na dTrí Sruthán	An Cheathrú Ceanainn	Cill Ulta
Cluain Báire	Doire Uí Fhríl	Droim na Tine
Droim na Tine Uachtarach	Duibhlinn / Barr Bhaile Chonaill	An Dún Mór
An Fál Carrach	An Glaidhb	Maigh Ráithe
Mín Chúil an tSeascainn	Duibhleann Riach	Sliabh Bhaile na Bó
Sliabh Bhaile an Easa	Tulacha Beigile Thoir	

Figiúr 4.1.2.3 : Toghroinn na gCroisbhealaí

Bailte Fearainn i dToghroinn Dhún Fionnachaidh sa Limistéar Pleanála Teanga seo		
Oirear Dhumhaí Beag	Oirear Dhumhaí Mór	

Figiúr 4.1.2.3 : Toghroinn Dhún Fionnachaidh



Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta: Cloich Chionnaola, Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaigh



Séanadh/Disclaimer

Is ar mhaithe le léiriú a thabhairt ar an Limistéar Pleanála Teanga an mapa seo agus níor chóir glacadh leis mar léiriú ar theorainn na Gaeltachta. / The purpose of this map is to illustrate the location of the Language Planning Area and should not be considered as a definitive outline of Gaeltacht boundary.

Ionad GIS, Institiúid Uí Riain, OÉ Gaillimh (Ronan Hennessy) a réitigh.
 Dáta: 03/2014

Sonraí/Data

© Suirbhéireacht Ordnáis Éireann/Rialtas na hÉireann - Ceadúnas Uimhir MP 001714 / An Phríomh-Oifig Staidrimh - faisnéis SAPS an Daonáirimh.



© Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland - Copyright Permit No. MP 001714 / Central Statistics Office - Census SAPS Data.

© OpenStreetMap (www.openstreetmap.org)
 SRTM V4 CIAT (http://srtm.csi.cgiar.org)

Figiúr 4.1.2.4: Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola

4.2 Daonra an Cheantair

4.2.1 Réamhrá

Cuireadh tús leis an phróiseas pleanála teanga seo nuair a bhí Daonáireamh 2016 faoi lánseol. Mar sin, is iad na sonraí daonáirimh is déanaí atá ar fáil dúinn ná sonraí daonáirimh 2011. Feictear thíos, torthaí an daonáirimh ó 2011, 2006 agus 2002 do Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola.

	CSO 2011	CSO 2006	CSO 2002
Daonra an LPT (> 3 bl d'aois)	4,165	4,041 (measta)	4,144
Cainteoirí Laethúla na Gaeilge	2,420	2,422	2,439
% CL na Gaeilge	58.10%	59.93%	58.86%
Athrú Céatadanach ó 2006	- 0.08%	-	-
Athrú Céatadanach ó 2002	- 0.78%	- 0.7%	-

Figiúr 4.2.1: Daonáireamh '02, '06 & '11 agus Cainteoirí Laethúla Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola

Ní léiríonn na huimhreacha sin, fíorstádas na teanga i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola, áfach. Laistigh de Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola is léir go bhfuil dhá cheantar teangeolaíoch éagsúla ann .i. Machaire Rabhartaigh go Gort a' Choirce agus ceantar an Fháil Charraigh. Tabhair faoi deara na torthaí a tháinig chun cinn i nDaonáireamh 2011. Cuirfear an anailís chéanna i láthair is a rinneadh thuas ar an trí thoghroinn mhóra sa cheantar. Is iad siúd, Toghroinn Ghort a' Choirce, Toghroinn Dhún Lúiche agus Toghroinn na gCroisbhealaí¹

4.2.2 Cainteoirí Laethúla na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola

Chuir Ó Giollagáin et al taighde ilréimseach i láthair ar stádas teangeolaíoch na Gaeilge sa Ghaeltacht sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*. Ba é príomhaidhm na tuarascála ná 'anailís agus faisnéis a chur ar fáil' chun léargas cruinn a sholáthar ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha (2007: 3). Bunaíodh cuid mhaith de na staitisticí ar Dhaonáireamh 2002. Thug Ó Giollagáin & Charlton nuashonrú ar thorthaí an taighde sin in 2015 leis an tuarascáil *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Sna tuarascálacha seo, déantar idirdhealú idir na cineálacha éagsúla pobal teanga atá ann sa Ghaeltacht de réir gach toghroinn. Sainítear iad i dtrí chatagóir éagsúla.

Limistéir Ghaeltachta Chatagóir A a chuimsíonn na toghranna a bhfuil breis is 67% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (Ó Giollagáin et al, 2007: 13). De réir an taighde, tugtar le fios go mbíonn 'seasmhacht áirithe le sonrú ar an bpatrún úsáide Gaeilge sna rannóga aoise ar fad'(ibid). Áitítear, fosta, go dtagann laghdú suntasach tobann ar labhairt agus ar úsáid na Gaeilge mar theanga phobail agus mar theanga theaghlaigh nuair a íslíonn líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge faoi bhun an chéatadáin sin (ibid).

Limistéir Ghaeltachta Chatagóir B a chuimsíonn na toghranna a bhfuil idir 44%–66% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (ibid). Is ceantair iad seo a bhfuil úsáid na Gaeilge le sonrú iontu i gcónaí ach gur léir go bhfuil úsáid an bhéarla in uachtar iontu. Léiríonn an fhaisnéis go bhfuil úsáid á baint as an nGaeilge mar ghnáthurlabhra sna pobail seo

¹ Cé go bhfuil baile fearainn Oirear Dhumhaí Mór & Oirear Dhumhaí Beag i dtoghroinn Dhún Fionnachaidh, rangnítar iad mar chuid de Limistéir Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola fosta.

go fóill, ach go bhfuil sí teoranta d'aoisghrúpaí faoi leith agus/nó d'institiúidí faoi leith, agus/nó do ghréasáin aitheantais faoi leith (ibid).

Limistéir Ghaeltachta Chatagóir C a chuimsíonn na toghranna a bhfuil faoi bhun 44% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (ibid). Is iondúil gur i measc na n-aoisghrúpaí scoile den chuid is mó a úsáidtear an Ghaeilge sna limistéir seo. Is gá a chur san áireamh, áfach, go gcuimsíonn an chatagóir seo roinnt ceantair bheaga a mbeadh tréithe teangeolaíoch ag baint leo nach dtagann leis an bpróifíl ar an gcatagóir trí chéile. Tarlaíonn sé seo de bharr gur mionlach iad na pobail atá i gceist laistigh de na toghranna a bhfuil siad suite iontu (ibid).

Leis an eolas sin san áireamh, tabharfar stracfheacaint ar shainiú na dtoghranna i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola.

CSO 2011	Gort a' Choirce	Dún Lúiche ²	Na Croisbhealaí
Daonra an LPT (> 3 bl d'aois)	1,626	726	2,096
Cainteoirí Laethúla na Gaeilge	1,239	529	908
% CL na Gaeilge	75.9%	71.9%	43.7%
Athrú Céatadanach ó 2006	-6.56%	-8.85%	+2.14%
Catagóir SCT	A	A	C
% CL óg (3 – 18 mbliana d'aois)	58.9%	55.1%	20.1%
% CL fasta (19+ mbliana d'aois)	72.4%	65.0%	36.2%

Figiúr 4.2.2.1:Daonáireamh '11 agus Cainteoirí Laethúla Gaeilge Chloich Cheann Fhaola de réir toghranna

CSO 2006	Gort a' Choirce	Dún Lúiche ³	Na Croisbhealaí
Daonra an LPT (> 3 bl d'aois)	1,590	665	2,130
Cainteoirí Laethúla na Gaeilge	1,326	486	886
% CL na Gaeilge	83.4%	73.08%	41.56%
Catagóir SCT	A	A	C
% CL óg (3 – 18 mbliana d'aois)	65%	58.1%	17.6%
% CL fasta (19+ mbliana d'aois)	77.3%	72.1%	38.1%

Figiúr 4.2.2.2:Daonáireamh '06 agus Cainteoirí Laethúla Gaeilge Chloich Cheann Fhaola de réir toghranna

Cé gur Catagóir A atá ann i dtoghroinn Ghort a' Choirce, is léir go bhfuil líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge ag laghdú sa cheantar. In aineoinn ardú daonra na toghroinne, laghdaigh líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge. Ciallaíonn sé sin gur tháinig titim ar % Cainteoirí Laethúla na Gaeilge, ar % Cainteoirí Laethúla fásta agus ar % Cainteoirí Laethúla faoi 18 mbliana d'aois fosta. Is ríshoiléir ó thorthaí an taighde seo gur gá beartais cuimsitheacha ilrímseacha a fheidhmiú cionn is go gcoiméadfaidh toghroinn Ghort a' Choirce a stádas mar thoghroinn de chuid catagóir A.

Is ceart a thuigbheáil fosta nach bhfuil gach baile fearainn de chuid toghroinn Dhún Lúiche sainithe i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola. Leis an eolas sin san áireamh, áfach, is ceart a aithint go bhfeictear rian an laghdaithe chéanna i measc chainteoirí laethúla

^{2,3} Nil gach baile fearainn de chuid toghroinn Dhún Lúiche sainithe i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola

na Gaeilge. Thit % Cainteoirí Laethúla na Gaeilge, % Cainteoirí Laethúla fásta agus % Cainteoirí Laethúla faoi 18 mbliana d'aois fosta. Tá líon na gcainteoirí Gaeilge i dtoghroinn Dhún Lúiche ag bogadh i dtreo an 66%. Is í sin an tairseach a shainíonn Ó Giollagáin et al mar thús pointe an iompaithe teanga i dtreo an Bhéarla. Is ar an bhonn sin a tugadh faoin taighde a rinneadh agus a léireofar torthaí na taighde sin i gcaibidil a 7 den phlean seo.

Anuas ar na tórthaí seo is gá a bheith áireach go bhfuil dlús daonra na gCraisbhealaí níos mó ná mar atá an dlús daonra sa dá phríomhthoghroinn eile. Tabhair faoi deara go bhfuil méadú beag ag teacht ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge, ar % Cainteoirí Laethúla na Gaeilge agus ar % Cainteoirí Laethúla faoi 18 mbliana d'aois fosta. Cé nach bhfuil an Ghaeilge chomh fairsing anseo is atá sé sa dá phríomhthoghroinn eile is léir nach ráta laghdaithe atá ann ach méadú beag atá ag teacht ar % ógCainteoirí Laethúla na Gaeilge.

4.2.3 Próifíl Aoise an Daonra

Tugtar, thuas, léargas ar na treochtaí agus dá bharr, na dúshláin theangeolaíocha roimh phobal urlabhra na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola. Leis an eolas ar fáil ó Dhaonáireamh 2011, soláthraítear thíos, próifíl aoise na dtoghanna éagsúla. Ní luíonn na huimhreacha seo go hiomlán leis na huimhreacha thuas i bhFigiúir 4.2.2.1 agus 4.2.2.2 toisc nach bhfuil teorainn na dtoghanna agus teorainn an LPT iomlán mar an gcéanna⁴.

4.2.3.1 Próifíl Aoise Ghort a' Choisce

Aoisghrúpa	Fir	Bain	Iomlán	Céatadán
0 - 3	57	45	102	6.0%
4 - 9	74	56	130	7.6%
10 - 14	43	54	97	5.7%
15 - 19	61	49	110	6.5%
20 - 39	181	196	377	22.1%
40 - 59	239	234	473	27.7%
60 - 79	174	157	331	19.4%
80+	36	49	85	5%
Iomlán	865	840	1,705	100.0%

Figiúr 4.2.3.1: Próifíl Aoise Thoghroinn Ghort a' Choisce

4.2.3.2 Próifíl Aoise Dhún Lúiche

Aoisghrúpa	Fir	Bain	Iomlán	Céatadán
0 - 3	16	19	35	4.6%
4 - 9	27	44	71	9.2%
10 - 14	26	33	59	7.6%
15 - 19	33	19	52	6.7%
20 - 39	97	76	173	22.5%
40 - 59	114	110	224	29.2%
60 - 79	62	60	122	15.8%
80+	19	14	33	4.4%
Iomlán	394	375	769	100.0%

Figiúr 4.2.3.2: Próifíl Aoise Thoghroinn Dhún Lúiche

⁴ Cé go bhfuil Baile Fearainn Ghláise Chú i dtoghroinn Ghort a' Choisce ní rangnítear é mar chuid de Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola. Níl ach cuid de thoghroinn Dhún Lúiche i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola.

4.2.3.3 Próifíl Aoise na gCroisbhealaí

Aoisghrúpa	Fir	Bain	Iomlán	Céatadán
0 - 3	48	42	89	4.1%
4 - 9	77	82	159	7.4%
10 - 14	66	82	148	6.9%
15 - 19	64	76	140	6.5%
20 - 39	225	229	454	21.1%
40 - 59	308	305	613	28.5%
60 - 79	203	216	419	19.5%
80+	58	69	127	6.0%
Iomlán	1,049	1,100	2,149	100.0%

Figiúr 4.2.3.3: Próifíl Aoise Thoghroinn na gCroisbhealaí

4.2.4 Athrú Daonra

D'éisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh réamhthórthaí an athraithe daonra le linn saolré an phróisis taighde seo. Feictear tionchar an chúlaithe eacnamaíochta agus 'bánú na tuaithe' mar a thugtar air ag tarlú anseo i gceantar Chloich Cheann Fhaola go fóill.

Toghroinn	Fir	Bain	Iomlán	Ráta Laghdaithe an Daonra ó Dhaonáireamh 2011
Gort a' Choirce (ina iomlán)	809	793	1,602	-6.0%
Dún Lúiche (ina iomlán)	344	342	686	-10.8%
Na Croisbhealaí	940	1,012	1,952	-9.2%

Figiúr 4.2.3.4 Athrú Daonra I gCloich Cheann Fhaola idir '16 & '11

4.3 An Córas Oideachais

4.3.1 An Bhunscolaíocht i gCloich Cheann Fhaola

Anuas ar an dá Naíonra Ghaelacha sa cheantar, tá Montessori agus seirbhísí luathoideachais eile sa cheantar. Sonraítear thíos, líon na ndaltaí sa chóras bunscolaíochta i 2015 /2016. Baintear úsáid as an tumoideachas lán-Ghaeilge i bhformhór na mbunscoileanna.

Scoil	Toghroinn	Buach.	Cail.	Iomlán	% páistí Chloich Cheann Fhaola sa scoil sin
S.N. Chnoc na Naomh, Doire Chonaire	Gort a' Choirce	49	60	109	26.2%
S.N. Chaiseal na gCorr	Dún Lúiche	20	21	41	9.9%
S.N. Ghort a' Choirce	Gort a' Choirce	35	18	53	12.7%
S.N. Naomh Dubhthach, Machaire Rabhartaigh	Gort a' Choirce	22	15	37	8.9%
S.N. Naomh Fhionnáin, An Fál Carrach	Na Croisbhealaí	103	73	176	42.3%
Iomlán		229	187	416	100.0%

Figiúr 4.3.2: Tinreamh na mBunscoileanna i gCloich Cheann Fhaola

(www.education.ie, 2016)

Tá go leor dúshlán roimh na bunscoileanna Gaeltachta ach is cinnte go mbíonn tionchar láidir ag obair na bhfoirne scoile sin ar shealbhú na Gaeilge agus ar chaighdeán Gaeilge na ndaltaí sa cheantar.

4.3.3 An Mheánscolaíocht i gCloich Cheann Fhaola

Freastalaíonn formhór na ndéagóirí ó Chloich Cheann Fhaola ar Phobalscoil Chloich Cheann Fhaola. Anuas orthu siúd tagann sciar mór daltaí ó Dhún Fionnachaidh, An Craoslach, agus áiteanna eile nach iad lasmuigh de cheantar Chloich Cheann Fhaola agus lasmuigh de cheantair Ghaeltachta.

Freastalaíonn roinnt daltaí ó cheantar Chloich Cheann Fhaola ar Phobalscoil Ghaoth Dobhair i nGaoth Dobhair. Tagann an formhór dóibh ó iarthar Chloich Cheann Fhaola, m.sh. Doire Chonaire, Machaire Rabhartaigh & áiteanna eile i dtoghroinn Ghort a' Choirce.

	Buach.	Cail.	Iomlán
Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola	209	244	453

Figiúr 4.3.3.1: Tinreamh Phobalscoil Chloich Cheann Fhaola 2015/16

(www.education.ie, 2016)

	Líon na ndaltaí	% Daltaí
Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola (An Srúth Gaelach)	48	23%
Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola (An Srúth Béarla)	147	70%
Pobalscoil Ghaoth Dobhair	15	7%

Figiúr 4.3.3.2: Líon na nDaltaí ó Chloich Cheann Fhaola in Oideachas Meánscoile a líon suirbhé phleanáil teanga Chloich Cheann Fhaola

4.3.4 Tacaíochtaí Teanga i gCloich Cheann Fhaola faoi láthair

Is ceart a aithint go bhfaightear roinnt tacaíochtaí teanga i gCloich Cheann Fhaola cheana féin. Tá naíonra Ghort a' Choirce agus naíonra an Fháil Charraigh ag feidhmiú sa cheantar. Tá club óige Chríost Rí agus club óige Pháistí na Mara ag feidhmiú i nGort a' Choirce / Machaire Rabhartaigh. Tá scéim na gcuntóirí teanga ag feidhmiú i roinnt scoileanna sa cheantar ach ba cheart an scéim seo a leathnú i mbunscoileanna uile an cheantair. Faigheann an tSeanbheairic agus Pobal Eascarrach tacaíocht ó Roinn na Gaeltachta / Údarás na Gaeltachta fosta. Tá Ionad Seirbhísí Teanga á riaradh ag an SeanBheairic Teo. ar an Fhál Carrach. Le roinnt blianta anuas rinne mórán rannpháirtithe freastal ar TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge) agus astusan, rinne líon maith acu na scrúduithe agus ar an ábhar sin, tá cáilíocht aitheanta i nGaeilge bainte amach acu. Tá 13 cláraithe le hIonad Seirbhísí Teanga na SeanBheairice do scrúduithe 2017. Is léiriú é an líon suntasach seo den iarracht mhór atá curtha isteach ag bainistíocht na SeanBheairice le rannpháirtithe a aimsiú do TEG agus chomh maith le sin iad a spreagadh leis na scrúduithe a dhéanamh.

Bíonn roinnt imeachtaí cultúrtha agus ealaíona ar siúl sa cheantar, idir bheag agus mhór, i gcaitheamh na bliana a thacaíonn le cothú agus forbairt na Gaeilge fosta. Déanfar iarracht cur le líon, cineál agus tinreamh na n-imeachtaí teanga-bhunaithe seo mar chuid de bhearta an phlean teanga.

5.0 Foilseacháin, Taighde Tánaisteacha & Moltaí Ábhartha

5.1 Réamhrá

Le blianta beaga anuas, foilsítear go leor tuairiscí mar gheall ar stádas na Gaeilge sa Ghaeltacht i gcoitinne agus rinneadh moltaí ciallmhara sna tuairisicí sin. Tabharfár stracfhacaint ar roinnt moltaí na dtuairiscí sin agus cíorfár roinnt den anailís a tháinig chun cinn iontu.

5.2. Clár Tacaíochta Teaghlaigh & Scéim Labhairt na Gaeilge

Cuireadh tús le Clár Tacaíochta Teaghlaigh de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta in 2012. Tháinig an Clár Tacaíochta Teaghlaigh in áit Scéim Labhairt na Gaeilge. Sular cuireadh deireadh le Scéim Labhairt na Gaeilge bronnadh an tacaíocht airgeadais ar 2,760 teaghlach Gaeltachta as an 3,370 a chuir isteach ar an scéim. Fuair 2,322 teaghlach an deontas iomlán agus 438 teaghlach cuid den deontas. Thugtaí an deontas seo do theaghlaigh a léireodh do chigirí gurbh í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh agus go raibh cumas Gaeilge ag páiste / páistí an teaghlaigh. Níl an tóir chéanna ar na pacáistí is a bhíodh ar an scéim roimhe.

Dearbhaítear sa ghreille thíos an tóir a bhí ar Scéim Labhairt na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola agus líon na bpáistí a bhí san áireamh mar chuid den scéim idir 2005/06 agus 2010/11.

Toghroinn	SLG 10/11	%SLG 10/11	SLG 05/06	% SLG 05/06	Athrú Céatadánach % 06 – 11%
Na Croisbhealaí	82	38.5%	58	26.9%	+11.6%
Dún Lúiche	46	59%	44	59.5%	-0.5%
Gort a' Choirce	117	74.5%	123	73.2%	+1.3%

Figiúr 5.2: Scéim Labhairt na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola idir '06 & '11

(Ó Giollagáin & Charlton, 2015: 47)

5.3 Cleachtas Teanga & Meon i leith na Gaeilge i measc scoláirí Ghaeltacht Thír Chonaill, 2014

Rinne Torsten Dörflinger, taighdeoir de chuid Ollscoil Johannes Gutenberg Mainz, sa Ghearmáin taighde ar chleachtas & meon teanga i leith na Gaeilge i mbunscoileanna Gaeltachta i dTír Chonaill in 2014. Rinne Comhordaitheoir Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola teagmháil leis chun teacht ar na staitisticí a bhain le ceantar Chloich Cheann Fhaola amháin. Rinneadh seo chun tuiscint ní ba dhéine a fháil ar thorthaí an tsuirbhe a cuireadh ar pháistí Chloich Cheann Fhaola mar chuid den phróiseas pleanála teanga seo. Ghlac 88 páiste an cheantair an tsuirbhé agus feictear thíos torthaí taighde de chuid Dörflinger. Sholáthraigh Dörflinger torthaí a chuid taighde.

	Aontaím	Easaontaím	Gan tuairim láidir	Ní fíos
Is maith liom ag labhairt na Gaeilge	68%	20%	10%	2%
Tugann mo thúistí tacaíocht dom an Ghaeilge a labhairt	63%	22%	9%	6%
Bíonn eagla orm go dtosóidh daoine ag gáire fúm ag labhairt na Gaeilge	8%	83%	8%	1%
Is cur amú ama í foghlaim na Gaeilge	2%	88%	8%	2%
Má labhraítear liom i nGaeilge, Freagraím as Gaeilge	84%	11.5%	3.5%	1%
Ba chóir go mbeadh ní ba mhó cláracha & scannáin Gaeilge ann	41%	30%	23%	6%
Mothaím go mbíonn Gaeilge níos fearr ag daoine eile	30.5%	41%	20.5%	8%
Níl an Ghaeilge fóirsteanach don tsaol nua-aimseartha	22%	64.5%	9%	5%
Is deacair an rud é, foghlaim na Gaeilge	25%	58%	15%	2%
Níl an Ghaeilge úsáideach taobh amuigh den seomra ranga	10%	76%	12%	2%
Is annamh a chloisim Gaeilge sa chomharsanacht	44%	47%	7%	2%
Bíonn deacrachtaí agam na hábhair scoile eile a thuiscint nuair a mhúintear trí Ghaeilge iad	23%	62%	13%	2%
Foghlaimíonn an Ghaeilge toisc gur ábhar éigeantach í	68%	20%	10%	2%
Labhraím an Ghaeilge chomh minic is a thig liom	60%	27%	10%	3%
Is í an Ghaeilge ceann de na hábhair scoile is fearr liom	46%	33%	18%	2%
Is fearr liom ag labhairt na Gaeilge ná Béarla	46%	29%	25%	0%
Tháinig feabhas ar mo chuid Gaeilge sa bhunscoil	84%	8%	7%	1%
B'fhéarr liom dá mbeadh teagasc na n-ábhar trí Bhéarla	30%	41%	26%	3%
Tosaím ag comhrá i nGaeilge nuair atá a fhios agam go bhfuil Gaeilge ag an duine eile	55%	32%	11%	2%
Ba mhaith liom dá mbeadh ní ba mhó deiseanna ann leis an Ghaeilge a úsáid	70.5%	12.5%	14%	3%

Figiúr 5.3: Taighde Dörflinger i gCloich Cheann Fhaola in 2014

5.4 Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022

Bíonn réimse leathan de chumais Ghaeilge ag daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna Gaeltachta. Tá curaclam agus áiseanna ar leith de dhíth cionn is go dtig le múinteoirí oideachas ardchaighdeánach a chur ar fáil do na daltaí seo atá fóirsteanach don chumas Gaeilge atá acu. I 1998, éisíodh an tAcht Oideachais agus áitíodh in Alt 6 (i) agus (j) gurbh iad cuspóirí an Achta ná:

(i) cuidiú le réadú beartas agus cuspóirí náisiúnta i ndáil le leathadh an dátheangachais i sochaí na hÉireann agus go háirithe go mbainfí úsáid níos mó as an nGaeilge ar scoil agus sa phobal;

(j) cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta;

(Rialtas na hÉireann, 1998)

Ó shin i leith, rinneadh roinnt mhaith taighde ar oideachas agus go háirithe ar oideachas trí chéile sa tír agus sa Ghaeltacht fosta. Le blianta beaga anuas, i ndiaidh phróiseas comhairliúcháin chuimsitheach, cuireadh moltaí le chéile don soláthar oideachais i limistéir Ghaeltachta. D'éisigh an Roinn Oideachais & Scileanna *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022* i mí Dheireadh Fómhair 2016 bunaithe ar na moltaí sin. Plean ilghnéitheach a leagan amach dúshlán roimh scoileanna Ghaeltachta sna blianta romhainn. Cuimsítear sa pholasaí gnímh a thugann aghaidh ar sheacht chineál tacaíochta éagsúla;

- Structúr an tsoláthair oideachais a láidriú,
- Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge,
- Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt,
- Feabhas a chur ar an churaclam don Ghaeilge,
- Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga,
- Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú, agus
- Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus tacú leo.

(An Roinn Oideachais & Scileanna, 2016)

Tugtar le fios sa pholasaí gurb í fíis na Roinne Oideachais agus Scileanna oideachas ardcháilíochta a sholáthar trí mheán na Gaeilge i limistéir atá aitheanta mar limistéir Ghaeltachta i gcomhréir leis na próisis pleanála faoi Acht na Gaeltachta, 2012.

Leagtar na spriocanna uileghabhálacha seo roimh an phobal sa *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022*.

- Tacaíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus suíomhanna luathbhlianta, sa chaoi is go gcinntítear gurb é an teagasc trí mheán na Gaeilge an chéad rogha ag na tuismitheoirí i ngach ceann de na limistéir Ghaeltachta,
- Tacú le soláthar oideachais cuí trí mheán na Gaeilge do leanaí agus daoine óga atá á dtógáil trí Ghaeilge,

- Méadú ar chodán na scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge amháin sa chaoi is go bhfuil rochtain ag na scoláirí uile ar theagasc trí mheán na Gaeilge.
- An nuálaíocht agus barr feabhais a chothú i soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge agus i nascachtaí scoileanna le pobail Ghaeltachta trí aitheantas a thabhairt do Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais a fhéadfaidh a gcleachtais a chomhroinnt le scoileanna eile agus a bheith páirteach sa cheannas ar phobail chleachtais.

(ibid: 7)

Is polasaí uailmhianach é a rachaidh chun sochair chúrsaí oideachais na Gaeltachta. Is gá a chinntiú go dtabharfar na tacaíochtaí cuí do fheidhmiú an pholasaithe, idir mhaoiniú agus acmhainní. Déantar go leor tagairtí fosta don phróiseas pleanála teanga trí chéile. Chuige sin, déanfaidh Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola gach iarracht chomhtháthú a dhéanamh ar ár moltaí a luifidh le gnímh an Pholasaithe don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022. Creideann Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola gurb é seo an bealach is éifeachtaí le tacú le cúrsaí oideachais na Gaeltachta.

5.5 An tAcht um Pleanáil & Forbairt, 2000

Cinntítear, san Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000, go gcosnófar oidhreacht teanga agus oidhreacht chultúrtha na Gaeltachta i bpleananna forbartha de chuid an Stáit.

Luaitear in alt 10(2)(m) go gcuimsóidh pleananna forbartha cuspóirí nach ndéanfaidh dochar agus a chosnóidh oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail, i gcás ina mbeidh limistéar Gaeltachta i limistéar an phlean forbartha. Aththréisítear an stádas sin arís in alt 23(4)(b) nuair a dheimhnítear go mbeidh aird ag an údarás áitiúil ar an ngá atá ann oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint (Rialtas na hÉireann, 2000). Bronntar tábhacht ar leith ar chúrsaí teanga in Alt 191 fosta. Dearbhaítear go bhféadfaí diúltú a dhéanamh ar chead pleanála dá ndéanfaí an fhorbairt bheartaithe dochar d'oidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta agus mura gcosnófaí oidhreacht teanga agus chultúrtha an cheantair (ibid).

5.6 An Ghaeilge & An Státseirbhís

5.6.1 Dualgais na nEagraíochtaí Poiblí

Forálann Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, gur gá go n-ullmhófaí dréacht-scéim teanga. Mínítear sna treoirínte a eisíodh d'ullmhú scéime nach mór don scéim;

...na bearta a bheartaíonn an comhlacht a glacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn an comhlacht trí mhéan na Gaeilge a sholáthar amhlaidh a leagan amach thar thréimhse ama agus/nó sraith de scéimeanna – agus beidh éifeacht le gach scéim ar feadh tréimhse trí bliana.

(An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta, 2004: 4)

Tig cóip de scéimeanna teanga de chuid na comhlachtaí poiblí, ranna rialtais, comhairlí contae uile a aimsiú ag www.coimisineir.ie

5.6.2 Stádas na Gaeilge sa Státseirbhís

Tugann Walsh le fios gur nós é ag pobal urlabhra na Gaeilge a gcuid gnó a chomhlíonadh leis an Stáit trí Bhéarla (2011b: 118). Feictear rian d’obair Spolsky ar an gcoinníoll taimhe, an *‘inertia condition’*, ar rogha na teanga a úsáidtear (1989: 162). Is éard atá i gceist leis an gcoinníoll taimhe ná gur fhorbair Spolsky an tuiscint go mbíonn claonadh láidir ag daoine, go ginearálta, a bheith i gcumarsáid le daoine eile sa teanga chéanna is a labhair siad nuair a chuir siad aithne ar a chéile ar dtús (ibid). Maítear gur gá le h-údaráis na constaic seo a shárú le bearta sonracha (Strubell, 1998 in Fishman, 2001: 280). Soláthraíonn Walsh a léamh ar mhúnla an Roithleáin seo agus dearbhaíonn sé go bhfuil nasc idir ‘cumas i dteanga, úsáid shóisialta na teanga sin, soláthar seirbhísí agus earraí sa teanga sin, éileamh ar na táirgí/seirbhísí sin, inspreagadh chun an teanga a fhoghlaim agus a úsáid, rud a spreagann cumas sa teanga arís’ (2011b: 91). Má bhíonn coinníollacha i bhfeidhm, a thugann tús áite don Bhéarla ba mhór an iarracht a bheadh ag teastáil le nós an Bhéarla a bhriseadh i measc cainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht agus iadsan i mbun gnó leis na hoifigí seo. I measc na ngearán a bhí ag an Iarchoimisinéir Teanga Seán Ó Cuirreáin nuair a d’éirigh sé as a phost in 2013, chreid sé nach ndeachaigh rialtas na tíre i ngleic le ceist na hearcaíochta agus stádas na Gaeilge sa státseirbhís (An Coimisinéir Teanga, 2013: 8).

5.6.3 Córas na Scéimeanna Teanga

Creidtear go bhfuil tábhacht ag baint leis an Acht, ar an iomlán, mar ‘mheicníocht sa spás poiblí a théann i bhfeidhm ar inghlacthacht na Gaeilge i gcoitinne’ (Ó Laighin, 2012: 160). Sonraítear, áfach, go mbíonn ‘moilleadóireacht ag cruthú deacrachtaí breise do chóras na scéimeanna’ (Walsh, 2011b: 119). Áitíonn Ó Laighin go dtagann laigí eile chun cinn de bharr nach mbíonn ‘...bonnlíne chleachtais leagtha síos do na comhlachtaí ar fad a bhfuil scéimeanna comhaontaithe acu...’ (ibid: 159).

Tugann Walsh & Mc Leod le fios go dtagann ceithre fhadhb éagsúla chun solais go minic i dtaca leis na scéimeanna teanga agus is iad siúd;

- inniúlacht Ghaeilge bhail foirne na gcomhlachtaí stáit,
- comhfhreagras scríofa agus labhartha,
- polasaí earcaíochta na gcomhlachtaí stáit agus
- spreagadh éilimh ar na seirbhísí.

(2008: 31)

Forbraíonn Ó Coisdealbha an tuairim chéanna agus tugann sé le fios ‘an nós le eagraíochtaí san earnáil phoiblí béim a leagann ar chúrsaí oiliúna mar réiteach ar an easpa foirne le Gaeilge’ agus áitíonn sé go bhfuil sé ‘deacair a fheiceáil cén chaoi go n-éireoidh le oiliúint inti féin’ (2011: 35). Tugann Walsh ‘idé-eolaíocht an chúpla focal’ air i saothar eile dá chuid (2011a: 49).

5.6.4 Buntáiste na Tairisceana Gníomhaí

Ba cheart go soláthrófaí seirbhísí poiblí Gaeilge ‘go gníomhach’ don phobal (Walsh, 2011b: 118). I láthair na h-uaire, áfach, is ‘gá do shaoránaigh a aimsiú trí thriail agus earráid cad iad na seirbhísí atá ar fáil sa dá theanga oifigiúla (2012: 159). Dearbhaítear suáilc na tairisceana gníomhaí mar uirlis chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo (Walsh & Mc Leod, 2008: 33-4; Ó Flatharta et al, 2014: 54; Ní Dhúda, 2014: 70). Is uirlis í an tairiscint ghníomhach, chun seirbhís dhátheangach a chur ar fáil. Is í croílár an choincheapa idirnáisiúnta seo go bhfuil comhionannas ann, is é sin go bhfuil caighdeán na seirbhíse sa dá theanga ar chomhchéim agus go bhfuil rogha ag an duine ceachtar den dá theanga sin a roghnú; *‘In all circumstances, whether the active offer is verbal or visual, you must provide services of equal quality in both official languages’* (Gouvernement du Canada, 2015). Sonraíonn Ó Coisdealbha nach gcloistear mórán faoin tairiscint ghníomhach ‘ó na heagraíochtaí stáit nuair gur léir nach bhfuil ar chumas cuid mhór acu a leithéid a sholáthar ar aon bhealach bríomhar’ (2011: 36). Níl trácht

ar an tairiscint ghníomhach sa reachtaíocht, ach an oiread, cé gur ceart lárnach é i reachtaíocht Cheanada ‘go ndéanfadh gach comhlacht poiblí cumarsáid léi nó leis i bhFraincis,, agus go ndéanfaí freastal orthu i bhFraincis...’ (Ó Laighin, 2012: 152).

5.9 Conclúid

Tugadh spléachadh ar chuid de na tuarascálacha, taighde agus anailís a rinneadh faoi thodhchaí na Gaeilge, idir cúrsaí oideachais, cursaí tacaíochta, cúrsaí pleanála / forbartha agus cúrsaí Gaeilge sa Státseirbhís. Feicfear go dtagann roinnt mhaith de na moltaí céanna chun cinn sa taighde a chur Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola ar bun le linn 2016. Léiríonn sé sin nach mbíonn na moltaí a thagann chun cinn go minic curtha i bhfeidhm go fóill, agus soiléiríonn sé fosta go gcaillfidh pobal na Gaeltachta a gcuid muiníne sna próisis éagsúla seo mura bhfeidhmítear na moltaí a chuirtear chun tosaigh. Anuas air sin, gealltar sa reachtaíocht oidhreacht teanga agus oidhreacht chultúrtha na Gaeltachta ó thaobh chúrsaí forbartha agus pleanála de. Caithfear, áfach, an rialachas seo a fheidhmiú sa cheantar. Cíortar ceist na Gaeilge sa Státseirbhís agus soláthraítear tuairimí na saineolaithe ar laigí chóras na scéimeanna teanga i dtaca le seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil do phobal labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht. Is léir gur chóir go gcuirfeadh eagraíochtaí de chuid an Stáit seirbhísí dátheangacha cuimsitheacha ar fáil ar bhonn leanúnach do phobal na Gaeltachta. Go hachóimre, is gá mar sin, an deis deiridh seo a thapú agus moltaí an phlean teanga seo a fheidhmiú chun sochair Chloich Cheann Fhaola. Níl ganntanas moltaí ann.

6.0 Ullmhú an Phlean Teanga

6.1 Modheolaíocht an Taighde

Aithnítear go forleathan go bhféadfadh taighde a dhéanamh ina mbíonn spás do mhodhanna measctha ann. Beartaíodh go luath sa phróiseas pleanála teanga seo gur cheart leas a bhaint as meascán de thaighde cainníochtúil agus cáilíochtúil. Cloistear macallaí den tuairim chéanna i saothair de chuid Uí Dhúda ar ábhar na pleanála teanga nuair a áitíonn sí gur cheart ‘modhanna measctha a úsáid i gcás na pleanála teanga ag Leibhéal an phobail mar iarracht léargas iomlán a thabhairt ar an staid reatha’ (2015: 22). Moide sin, rinneadh an cinneadh úsáid a bhaint as an teoiric bhunata mar stráitéis fhiosrúchain bunaithe ar thuairimí agus dearcthaí na rannpháirtithe. Baintear leas as na huirlisí taighde thuasluaite agus an taighde seo á dhéanamh.

6.2 Tábhacht na Rannpháirtíochta

Cé gur aithin Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola go raibh gá le plan a ullmhú laistigh de na cúinsí ama a bhí orthu, d’aithin siad fosta gurbh deis iontach a bhí inti ag pobal na Gaeilge agus mórphobal Chloich Cheann Fhaola trí chéile, tomhais a fháil air agus feabhas a chur ar stádas na Gaeilge mar theanga phobail sa cheantar. Tuigeadh go raibh an tábhacht chéanna ag baint le trédhearcacht ullmhú an phlean agus sonraí an phlean féin. Ba leis an tuiscint sin gur tuigeadh gur cheart deis a thabhairt d’achan duine sa cheantar ionchur a bheith acu sa phróiseas pleanála seo. Anuas air sin, glac an coiste céimeanna le cinntiú go mbeadh discrédieacht agus rúndacht ag baint le gach eolas a bailíodh sna suirbhéanna agus sna hagallaimh. Tugadh gealltanais nach luafadh agus nach nascfadh sonraí pearsanta an duine le tuairim ar bith a thiocthadh chun cinn sa taighde.

Creidtear anois gur thug an chéim sin, muinín ar leith do phobal Chloich Cheann Fhaola fírinne an scéil a insint sna suirbhéanna éagsúla.

6.3 Ardú Feasachta an Phobail

Ainmníodh Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola mar cheanneagraíocht pleanála teanga Chloich Cheann Fhaola ar an 14 Mí na Nollag 2014. D’eagraigh Pleanáil Teanga Chloich mórchrúinnithe sa cheantar chun tuiscint ní ba dhoimhne a fháil ar mhianta an phobail i leith na pleanála teanga.



Pleanáil Teanga
Chloich Cheann Fhaola

Oíche Eolais
An tSean Bheairic
Déardaoin 15ú Deireadh Fómhair, 8.00 i.n.

Beidh oíche eolais maidir le Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola sa tSeanbheairic ar an Déardaoin 15ú Deireadh Fómhair, 8.00 i.n. Tá pleanáil na teanga tabhachtach ó thaobh stádas an cheantair sa Ghaeltacht amach anseo. Mar sin tá sé tabhachtach go mbeidh ionadaí ó achán eagraíocht sa dá pharóiste Gort a' Choirce agus An Fálcarrach agus ón phobal go ginearálta i láthair.

You are invited to an information night on Pleanáil Teanga in An Seanbheairic on Thursday 15th October at 8.00 p.m. Pleanáil Teanga is a very important process for the area and our involvement and participation may have implications for our standing as a Gaeltacht area in the future.

Fáilte romhaibh uilig.



Cuireadh suíomh idirlín le chéile, agus baineadh leas as na meáin shóisialta fosta mar áiseanna poiblíochta de chuid Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola.

Figiúr 6.3.2: pleanailteangachloichcheannfhaola.com

Beartaíodh Nuachtlitir ‘Mara Duit’ a fhoilsiú gach ráithe den bhliain, dírithe go hiomlán ar obair phleanáil teanga Chloich Cheann Fhaola ar phróiseas na pleanála teanga féin agus ar bhuanú agus ar mhéadú na Gaeilge mar theanga phobail i gCloich Cheann Fhaola.

Figiúr 6.3.3: Mara Duit

Go luath ina dhiaidh sin, beartaíodh ar roinnt suirbhéanna a chur i gcrích sa cheantar. Tabharfar tuilleadh eolais thíos ar ábhar na suirbhéanna. Mar chuid den phróiseas taighde sin dearadh agus scaipeadh leabhráin eolais ar phróiseas na pleanála teanga ar gach teach sa cheantar nuair a bhí na suirbhéanna á ndáileadh.

Anuas air sin, rinneadh fógraíocht i nuachtlitreacha an pharóiste agus rinneadh agallaimh raidió ar an ábhar chéanna freisin. I gach cuid den phoiblíocht a rinneadh, gealladh rúndacht agus discríd na rannpháirtithe.

Rinneadh diananailís ar thorthaí na suirbhéanna agus moltaí uileghabhálacha an phobail ar cheist na Gaeilge sa cheantar agus go gairid ina dhiaidh sin eagraíodh oícheanta eolais ar an Fhál Carrach agus i nGort a’ Chiorce chun torthaí na hoibre seo uile a chur i láthair do bhaill an phobail. Reachtáladh cruinnithe eile le grúpaí pobail / cumainn spóirt agus clubanna

6.5 Suirbhé Bunscoile

Tá cúig bhunscoile lonnaithe i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola. Rinneadh teagmháil le príomhoidí na mbunscoileanna seo i dtosach agus socraíodh cruinniú leo. Míníodh ag an chruinniú sin an fáth a raibh an suirbhé de dhíth ó Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola. Pléadh cúrsaí oideachais i gcoitinne sa cheantar. Gealladh rúndacht sonraí pearsanta na bpáistí agus cinntíodh fosta, nach mbeadh comparáid á déanamh idir scoileanna éagsúla an cheantair sa tuairisc dheireanach.

Leagadh amach an ceistneoir féin i dtrí chuid. Díríodh i dtosach ar chúlra teanga an pháiste, ansin scagadh cleachtais teanga an pháiste, tugadh deis don pháiste a c(h)uid dearcthaí teanga a léiriú maidir leis an Ghaeilge i gCloich Cheann Fhaola.

Bailíodh 113 ceistneoir ar an iomlán. Rinneadh anailís chuimsitheach ar eolas an tsuirbhé sin agus cuireadh torthaí na hoibre seo i gcomparáid le torthaí eile an taighde seo chun teacht ar mholtaí an phlean seo.

6.6 Suirbhé Meánscoile

Is í Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola an t-aon mheánscoil atá lonnaithe i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola. Anuas ar an rogha oideachais sin, freastalaíonn roinnt daltaí ó Chloich Cheann Fhaola ar Phobalscoil Ghaoth Dobhair.

Rinneadh teagmháil le príomhoidí na meánscoileanna seo i dtosach agus socraíodh cruinniú leo. Míníodh dóibh an fáth a raibh an suirbhé de dhíth ó Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola. Pléadh cúrsaí oideachais i gcoitinne sa cheantar. Gealladh rúndacht agus sonraí pearsanta na ndaltaí agus cinntíodh fosta, nach mbeadh comparáid á déanamh idir scoileanna éagsúla an cheantair. Ba í príomhaidhm an tsuirbhé ná cúlra, cleachtais, dearcthaí daltaí scoile an cheantair a scagadh. Cuireadh an suirbhé ar dhaltaí uile Chloich Cheann Fhaola i bPobalscoil Chloich Cheann Fhaola agus i bPobalscoil Ghaoth Dobhair. Ba é an Comhordaitheoir Pleanála Teanga a d'fheidhmigh mar áisitheoir an tsuirbhé agus a mhínigh ceisteanna uile an tsuirbhé. Rinneadh an suirbhé seo le linn na Bealtaine 2016.

Leagadh amach an ceistneoir féin i gceithre chuid. Díríodh i dtosach ar chúlra teanga an rannpháirtí, ansin scagadh cleachtais teanga an rannpháirtí, tugadh deis don rannpháirtí a c(h)uid dearcthaí teanga a léiriú agus lorgaíodh moltaí breise an rannpháirtí fá choinne na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola. Bailíodh 211 ceistneoir ar an iomlán.

6.7 Agallaimh Leath-Structúrtha

Cé gur tugadh deis do bhaill an phobail a gcuid dtuairimí a chur in iúl tríd an suirbhé agus ag na cruinnithe poiblí thug an comhordaitheoir pleanála teanga deis do bhaill aonarach na phobail teacht chuige agus agallamh a dhéanamh leis ar cheist na Gaeilge sa cheantar. Tugadh an deis seo do bhaill an choiste, daoine le ról i leith na Gaeilge sa cheantar agus do dhuine ar bith eile a raibh saineolas acu nó sainspéis acu i gceist na Gaeilge i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola. Gealladh an rúndacht chéanna do rannpháirtithe na n-agallamh is a gealladh d'achan rannpháirtí eile a ghlac páirt sa taighde. Eagraíodh na hagallaimh seo chun teacht ar thuiscint doimhin ar na torthaí a tháinig chun cinn sna suirbhéanna éagsúla bunaithe ar thaithí na rannpháirtithe. Aithníodh go raibh gá ag an taighdeoir buntaithí an phobail i dtaca le ceisteanna casta na Gaeilge a shealbhú. Leis an eolas seo ar thaithí an phobail (an fheiniméaneolaíocht) san áireamh d'éirigh linn léargas ilghnéitheach a fháil ar chúrsaí teanga an cheantair.

Pleadh láidreachtaí agus laigí na Gaeilge sa cheantar, tugadh aghaidh ar na forbairtí atá de dhíth sa cheantar agus cíoradh taithí agus eispéireas na rannpháirtithe taighde i dtaca leis na réimsí pleanála teanga éagsúla. D’aineoinn gur tugadh creatlach cainte do na rannpháirtithe agus seoladh bileog ullmhúcháin chucu sula ndearnadh an t-agallamh, bhí saoirse cainte acu ó thaobh ábhar ar bith eile san agallamh. Rinneadh 15 agallamh leath-structúrtha.

6.8 Aiseolais ó Ghrúpaí Pobail

Mar chuid den obair a rinne Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola chuir siad bunachar sonraí ghrúpaí agus ghnólachtaí an cheantair le chéile. Tuigeadh go luath sa phróiseas pleanála teanga go raibh ar an choiste leas a bhaint as spreagthaí mealltacha chun dul i bhfeidhm ar chuid de na grúpaí agus gnólachtaí a fheidhmíonn sa cheantar. Mar sin, tugadh cuireadh d’ionadaithe ó achan grúpa agus ó achan gnólacht sa cheantar a bheith mar chuid den phróiseas. Eagraíodh oícheanta eolas ar an Fhál Carrach agus i nGort a’ Choirce. Tairiscíodh an deis dóibh bualadh le hionadaithe an choiste go haonarach mura raibh siad ag iarraidh a gcuid dtuairimí a nochtadh go poiblí ach an oiread. Tugadh eolas luachmhar don choiste ar a mbunaítear bearta an phlean seo.

6.9 Conclúid

Creideann baill Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola go ndéarnadh iarrachtaí díograiseacha cuimsitheacha leanúnacha aidhmeanna an choiste a bhaint amach le linn an phróisis pleanála seo. Baintear leas as modhanna éagsúla dírithe ar gach aoisghrúpa den phobal, beag beann ar chumas Gaeilge. Ardaíodh feasacht an phobail fá choinne an bheartais teanga, cothaíodh rannpháirtíocht i measc bhaill an phobail, agus tugadh geallúint mar gheall ar rúndacht na dtuairimí éagsúla a soláthraíodh. Bainfear leas as na coincheapa sin fosta, nuair a chuirfidh Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola tús le feidhmiú na mBeart seo fosta.

Sonrófar anois, sa chéad chaibidil eile, torthaí na hoibre seo uile agus cuirfear i láthair anailís ar na torthaí taighde.

7.0 Torthaí Taighde

Tabharfar léargas iomlán ar thorthaí an taighde uile a rinneadh mar chuid den phróiseas pleanála i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola.

7.1 Suirbhé Bunscoile

Tá cóip den cheistneoir a líon daltaí rang a 5 agus rang a 6 faoi iamh in aguisín C. Ghlac an 5 bhunscoil sa cheantar páirt sa taighde seo. Cuimseofar sa chuid seo den tuairisc na torthaí is suntasaí den suirbhé, ach tá torthaí iomlán an tsuirbhé ar fáil in aguisín D. Líon 113 dalta bunscoile an ceistneoir seo ag deireadh Mhí na Bealtaine, 2016. Is ceart a chuimhniú go mbaineann torthaí an tsuirbhé seo le tuairimí na bpáistí bunscoile iad féin.

Gheofar léargas iomlán ar thorthaí taighde uile an tsuirbhe bunscoile in Aguisín D.

7.1.1 Cúlra Teanga na bPáistí Bunscoile

Rugadh 80% de na rannpháirtithe bunscoile i gCloich Cheann Fhaola.

Is ábhar imní é go gcreideann 42% de pháistí bunscoile go bhfuil Gaeilge iontach acu cé nach labhraíonn ach 10% de theaghlaigh Gaeilge amháin sa bhaile dar leo féin. Dar le páistí bunscoile an cheantair, tá 59% dóibh sásta go bhfuil Gaeilge agus Béarla láidir acu, ach tá sé deacair bailíocht na firice sin a shamhlú nuair nach bhfuil Gaeilge iontach ach amháin ag 40% de mháithreacha agus ag 37% d'aithreacha. Tá níos mó Béarla ná Gaeilge nó Béarla amháin á labhairt i 60% de theaghlaigh i gCloich Cheann Fhaola

Dar le formhór na bpáistí bunscoile (46%) is iad foirne na mbunscoileanna iad féin a thugann an cumas teanga a bhfuil acu dóibh. Is ceart mar sin aitheantas a thabhairt don obair mhaith atá ar siúl ag foirne na mbunscoileanna agus tacaíochtaí breise a thabhairt do fhoirne na scoileanna sin. Aithníodh fosta go raibh tionchar láidir ag an teaghlach (38%) agus ag naíonraí (16%) ar chumas Gaeilge na bpáistí. D'fhreastal 57.7% de líon na bpáistí in aois na bunscoile le linn 2015 /2016, ar scoileanna ina raibh tumoideachais lán-Ghaeilge i bhfeidhm.

Caithfear, mar sin, moltaí ciallmhara a dhearadh a thabharfaidh aghaidh ar na nithe seo a leanas:

- Feasacht ar Tionchar an Rogha Teanga sa Teaghlach
- Buntastí an Tumoideachais Lan-Ghaeilge sna Bunscoileanna a chur ina luí ar thuistí an cheantair
- Córas Tacaíochta a mhúnlú do thuistí nach bhfuil líofa sa Ghaeilge, (obair bhaile, srl)
- Córas Structúrtha a bhuanú,
 - Céim a 1) An Ghaeilge sa Teaghlach,
 - Céim a 2) Freastal ar Naíonraí,
 - Céim a 3) Tumoideachas Bunscoile
 - Céim a 4) Tumoideachas Meánscoile

7.1.2 Cleachtais Teanga na bPáistí Bunscoile

Is í an scoil an fearainn Ghaeilge is mó atá ag páistí bunscoile an cheantair (Úsáideann 63% dóibh an Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga sa scoil go laethúil). Is cúis imní nach labhraíonn ach 11% dóibh an Ghaeilge go laethúil sa bhaile cé gur mhaígh 42% dóibh go bhfuil Gaeilge iontach acu. Tugann sé sin le fios gur mó an seans nach ionann caighdeán na bpáistí sa lá atá inniu ann agus an caighdeán mar a bhíodh. Anuas air sin, is annamh a labhraítear an Ghaeilge go laethúil i measc cairde (14%) ná go sóisialta (15%). Mar bharr ar seo nuair a thógtar san

áireamh an catagóir ‘Anois is arís⁵’ is léir go dtiteann formhór na rannpháirtithe sa chatagóir seo i gcomhar thromlach na bhfreagraí.

Caithfear, mar sin, moltaí ciallmhara a dhearadh a thabharfaidh aghaidh ar na nithe seo a leanas:

- Deiseanna úsáide na Gaeilge go sóisialta a fhorbairt;
- Muinín na bpáistí a fhorbairt i dtaca leis an Ghaeilge;
- Tearmainn Teanga a fhorbairt ina gcothófar an muinín seo;
- Íomhá na Gaeilge i measc na bpáistí seo a neartú.

7.1.3 Dearcchá Teanga na bPáistí Bunscoile

Cé gur nochtadh go leor ábhar imní nuair a cíoradh cleachtais teanga na bpáistí bunscoile is díol dóchais don phobal go bhfuil dearcchá dearfacha ag tromlach na bpáistí i leith na Gaeilge. Is é an dúshlán mór atá romhainn mar phobal ná deiseanna taitneamhacha a chur ar fáil do pháistí an cheantair chun an bearna idir cleachtais teanga na bpáistí bunscoile agus creidimh teanga na bpáistí a laghdú.

Ar cheist na Gaeilge í féin, tugann 40% dóibh le fios gur fearr leo a bheith ag labhairt na Gaeilge ná an Béarla. Leis sin, maíonn 83% gur maith leo ag labhairt na Gaeilge nuair a bhaineann siad leas aisti. Áitíonn 73% de pháistí bunscoile gur cheart go mbeadh ní ba mhó deiseanna acu an Ghaeilge a úsáid agus mothaíonn 66% dóibh go bhfuil siad ag labhairt na Gaeilge chomh minic is a thig leo a dhéanamh faoi láthair.

Is minic a deirtear go mbíonn brú ar pháistí an Ghaeilge a labhairt agus go mbíonn sé brúite orthu. Is a mhalairt tuairime a thagann chun cinn sa suirbhé seo. Dearbhaíonn 61% nach mothaíonn siad brú leis an Ghaeilge a labhairt agus bhí 25% eile gan tuairim láidir ar an cheist sin. Is beag brú a mhothaíonn na páistí ó thaobh an Bhéarla de freisin.

Cíoradh dearcchá na bpáistí i leith tábhacht na Gaeilge agus creideann 65% gur buntáiste é do Chloich Cheann Fhaola a bheith rangnaithe mar chuid den Ghaeltacht. Nochtann 61% an tuairim go bhfuil tábhacht leis an Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht fosta. Creideann 59% de pháistí bunscoile i rang a 5 agus rang a 6 go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil i siopaí agus gnólachtaí an cheantair.

Léiríonn na torthaí seo uile go bhfuil páistí bunscoile an cheantair báúil i leith na Gaeilge ach go bhfuil géarghá le moltaí a fheidhmiú a thabharfaidh níos mó deiseanna úsáide dóibh.

Caithfear, mar sin, moltaí ciallmhara a dhearadh a thabharfaidh aghaidh ar na nithe seo uile.

7.2 Suirbhé Meánscoile

Tá cóip den cheistneoir a líon daltaí Chloich Cheann Fhaola ó Phobalscoil Chloich Cheann Fhaola agus ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair faoi iamh in aguisín B. Cuimseofar sa chuid seo den tuairisc na torthaí is suntasaí den suirbhé, ach tá torthaí iomlán an tsuirbhé ar fáil in aguisín D. Líon 211 dalta meánscoile ó cheantar Chloich Cheann Fhaola an tsuirbhé seo ag deireadh Mhí na Bealtaine, 2016. Is ceart a chuimhneamh go mbaineann torthaí an tsuirbhé seo le tuairimí agus dearcchá na ndaltaí meánscoile iad féin.

Gheofar léargas iomlán ar thorthaí taighde uile an tsuirbhe meánscoile in Aguisín D.

⁵ Féach ar Aguisín D

7.2.1 Cúlra Teanga na nDéagóirí Meánscoile

Rugadh 76% de rannpháirtithe meánscoile i gCloich Cheann Fhaola. Tagann 7% eile de na rannpháirtithe ó cheantair Ghaeltachta eile i dTír Chonaill.

Feictear san anailís seo rian na barúla céanna a tháinig chun cinn san anailís a soláthraíodh ar thorthaí taighde shuirbhé na bpáistí bunscoile. Creideann 26% de dhéagóirí an cheantair go bhfuil Gaeilge ó Dhúchas acu agus 33% go bhfuil Gaeilge líofa acu cé nach labhraíonn ach 30% de theaghlaigh Gaeilge sa bhaile (11% de theaghlaigh a labhraíonn Gaeilge amháin agus 19% de theaghlaigh a labhraíonn níos mó Gaeilge ná Béarla). Labhraíonn 51% dóibh níos mó Béarla ná Gaeilge sa bhaile. Is é an Béarla amháin teanga an teaghlaigh i measc 14% de na rannpháirtithe meánscoile

Tugann na rannpháirtithe taighde le fios go bhfuil 51% dóibh sásta go bhfuil Gaeilge agus Béarla láidir acu cé nach bhfuil Gaeilge ó dúchas ná Gaeilge líofa ach amháin ag 47% de mháithreacha (33% ó dhúchas & 14% líofa) agus ag 49% d'aithreacha (36% ó dhúchas & 13% líofa).

Dar le formhór na rannpháirtithe (43%) go bhfuair siad a gcumais teanga sna bunscoileanna go príomha. Luíonn an céatadán seo go mór leis an fhianaise a tháinig chun solais i measc na bpáistí meánscoile. Mar sin, treisíonn sé sin an gá leis an aitheantas agus tacaíochtaí a thabhairt don obair thábhachtach atá ar siúl ag foirne na mbunscoileanna. Aithníodh fosta go raibh caidreamh láidir idir an teaghlach agus sealbhú na Gaeilge (37%). Is mór an cosúlacht atá ann idir na staitisticí seo agus torthaí an tsuirbhé bunscoile fosta. Tugadh aitheantas sa suirbhé fosta do thionchar na naíonraí (10%) agus na meánscoile í féin (10%) ar chumas Gaeilge na ndéagóirí. Freastalaíonn 70% de rannpháirtithe ar an chóras meánoideachais trí Bhéarla sa cheantar áfach, cé go bhfuair idir 55% - 60% den phobal céanna a bhunoideachas trí Ghaeilge. Is deacair an ciall a bhaint as aon chóras a fheidhmíonn leis na coinníollacha seo air.

7.2.2 Cleachtais Teanga na nDéagóirí Meánscoile

Is í an scoil an fearainn Ghaeilge is mó atá ag déagóirí an cheantair (Úsáideann 25% dóibh an Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga go laethúil agus 25% a bhaineann úsáid aisti go minic). Is í an díol buartha is mó a eascraíonn ó thorthaí an tsuirbhé seo uile ná nach labhraíonn ach 3% de dhéagóirí le cairde trí Ghaeilge go laethúil. Ní úsáideann ach 5% eile an Ghaeilge go minic le cairde. Cloistear an macalla céanna i dtaobh labhairt na Gaeilge go sóisialta (4% go laethúil, 8% go minic). Is é seo an t-ábhar imní is mó a eascraíonn ó thorthaí na taighde seo.

Is díol spéise go n-úsáidtear an Ghaeilge níos minice sa chomharsanacht agus i ngnólachtaí & siopaí an cheantair ná mar a mbaintear leas aisti i measc cairde. Tagann ardú ar líon na ndéagóirí a bhaineann úsáid aisti i ngnólachtaí an cheantair (10% go laethúil & 24% go minic) agus sa chomharsanacht (17% go laethúil & 24% go minic). Léiríonn na staitisticí seo nach mbaineann na déagóirí úsáid as an nGaeilge i measc a gcomhaoise ach go bhfuil feidhm ag an Ghaeilge dóibh má bhíonn teagmháil acu le dreamanna níos sine sa cheantar.

7.2.3 Dearcchá Teanga na nDéagóirí Meánscoile

Soiléirítear méid na ndúshlán atá ann i dtaca le cleachtais teanga na ndéagóirí i gCloich Cheann Fhaola ach is gá a aithint freisin go bhfuil dearcchá dearfacha acu i leith na teanga. Faoi mar a sonraíodh cheana, is é an dúshlán mór a chuireann Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola romhainn mar ionadaithe an phobail ná deiseanna taitneamhacha a chur ar fáil do dhéagóirí an cheantair chun an bearna idir cleachtais teanga agus creidimh teanga na ndéagóirí a laghdú.

Ar cheist na Gaeilge í féin, tugann 46% dóibh le fios gur fearr leo a bheith ag labhairt na Gaeilge ná an Béarla (17% a aontaíonn go láidir & 29% a aontaíonn leis an ráiteas sin). Luíonn sé sin le 40% do dhaltaí bunscoile a mhaíonn an rud céanna. Easaontaíonn 31% leis an ráiteas sin agus tá 23% eile nach bhfuil tuairim láidir acu ar an ábhar. Maíonn 81% gur maith leo ag labhairt na Gaeilge nuair a bhaineann siad leas aisti (47% a aontaíonn go láidir & 34% a aontaíonn leis an ráiteas sin). Is mór an chosúlacht ansin agus an 80% de pháistí bunscoile a chreideann an rud céanna. Áitíonn 67% (31% & 36%) do na rannpháirtithe gur ceart go mbeadh ní ba mhó deiseanna acu an Ghaeilge a úsáid agus ní mhothaíonn ach 37% (10% & 27%) go mbíonn go leor imeachtaí sóisialta ar fáil dóibh trí Ghaeilge. Spéisiúil go leor, creideann 58% dóibh go bhfuil siad ag labhairt na Gaeilge chomh minic is a thig leo a dhéanamh faoi láthair.

Is minic a deirtear go mbíonn brú ar dhéagóirí an Ghaeilge a labhairt agus go mbíonn sé brúite orthu. Is a mhalairt tuairime a thagann chun cinn sa suirbhé seo. Dearbhaíonn 51% nach mothaíonn siad brú leis an Ghaeilge a labhairt agus tá 23% eile gan tuairim láidir ar an cheist sin. Creideann 55% go bhfuil an Ghaeilge fóirsteanach don saol nua-aimseartha agus tugann 21% eile le fios nach bhfuil tuairim láidir acu ar an ábhar sin. Is léir, mar sin, go bhfuil bearna mór ann idir leibhéil úsáide na Gaeilge agus dearcthaí i leith na Gaeilge.

Cíoradh dearcthaí na rannpháirtithe i leith thábhacht na Gaeilge agus creideann 66% gur buntáiste é do Chloich Cheann Fhaola a bheith rangnaithe mar chuid den Ghaeltacht agus tá 27% eile gan tuairim láidir acu ar an cheist sin. Nochtann 60% an tuairim go bhfuil tábhacht leis an Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht fosta. Creideann 69% de rannpháirtithe an tsuirbhé seo go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil i siopaí agus gnólachtaí an cheantair. Anuas air sin, tá 56% de rannpháirtithe den bharúil gur chóir go mbeadh gnólachtaí áitiúla ag fostú daoine le Gaeilge. Ní raibh ach 10% go hiomlán i gcoinne an ráitis sin.

Léiríonn na torthaí seo uile go bhfuil déagóirí Chloich Cheann Fhaola báúil i leith na Gaeilge ach go bhfuil géarghá le moltaí a fheidhmiú a chruthóidh níos mó deiseanna úsáide dóibh agus a chuirfidh imeachtaí sóisialta ar fáil dóibh.

7.2.4 An Todhchaí & Moltaí don Todhchaí

Freagraíonn 45% de rannpháirtithe go bhfuil siad buartha faoi thodhchaí na Gaeilge. Tá 37% eile dóibh gan tuairim ar an cheist chéanna. Tuairiscíonn 78% de dhéagóirí Chloich Cheann Fhaola an tuairim gur mhaith leo an Ghaeilge a úsáid lena gcuid bpáistí féin dá mbeadh páistí acu. Ar bharr na gceisteanna fadtéarmacha seo cuireadh ceisteanna orthu mar gheall ar an todhchaí nuair a fhágfaidh siad an córas meánscolaíochta. Feictear go dtagann lagdú ar dhearcthaí dearfacha an 78% a luaitear thuas, ach ag an am céanna, creideann 65% dóibh go labhróidh siad an Ghaeilge sa teaghlach, 25% dóibh le cairde, 26% dóibh ag imeachtaí sóisialta, 49% dóibh sa chomharsanacht agus 39% dóibh le gnólachtaí an cheantair. Is gá a aithint nach luíonn sé seo le cleachtais teanga na rannpháirtithe faoi láthair. I measc na moltaí a sholáthraigh na rannpháirtithe iad féin, luadh go minic;

- Imeachtaí Sóisialta & Caighdeán na nImeachtaí sin;
- Buntáistí na Gaeilge a chur in iúl
- An Ghaeilge san Earnáil Ghnó;
- An Ghaeilge sa Teaghlach;
- An Córas Gaeilge a láidriú i bPCC.

7.3 Mórshuirbhé an Phobail

Rinneadh cinneadh deis a thabhairt d'achan teaghlach sa cheantar a gcuid dtuairimí féin a nochtadh do bhaill an choiste pleanála ach trí phróiseas rúnda anaithnid. Tá cóip den cheistneoir a líon pobal Chloich Cheann faoi iamh in Aguisín E. Líon 1,314 duine an suirbhé le linn Mí Lúnasa 2016. Feicfear thíos roinnt de na torthaí is speisiúla. Is ceart a chuimhniú go

mbaineann torthaí an tsuirbhé seo le tuairimí an phobail féin a líon an suirbhé. Gheofar léargas iomlán ar thorthaí taighde uile suirbhé an phobail in Aguisín F.

D'éirigh linn céatadán ionadaíoch an phobail a fháil de réir na dtoghranna éagsúla. Tugann sé seo bunús readúil dúinn bunaithe ar na riachtanais éagsúla a thiocfaidh chun cinn sna toghranna. Déantar na huimhreacha seo a shoiléirú in Aguisín F de réir na dtoghranna i gCeantar Chloich Cheann Fhaola.

7.3.1 Culrá Teanga an Phobail

Cé go bhfuil Gaeilge líofa ag 54% de rannpháirtithe an tsuirbhé, feictear nuair a dhéantar scagadh ar an eolas sin go bhfuil mórdifríochtaí teangeolaíocha sa cheantar. Scagtar, thíos, an mhinicíocht a labhraíonn phobal Chloich Cheann Fhaola Gaeilge an Ghaeilge go laethúil de réir na dtoghranna. Tugann freagra na ceiste seo eolas dúinn ar líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil. Cuirtear ceist cosúil leis an cheist seo sa Daonáireamh ar a mbunaítear obair Uí Ghiollagáin et al (2007) & obair Uí Ghiollagáin & Charlton (2015) chun teacht ar na catagóirí a sainítear sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* agus ón *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006 – 2011*. Cé nach bhfuil an cheist seo díreach mar an gcéanna leis an cheist a chuirtear sa Daonáireamh, is slat tomhais inghlactha í a thugann fíorú do rangú na dtoghranna.

Caithear a aithint nach dtig comparáid dhíreach a dhéanamh idir torthaí an taighde seo agus obair an SCT toisc nár úsáideadh na modhanna céanna agus nár cuireadh na ceisteanna céanna ar an phobal. Leis sin san áireamh, feictear go bhfuil comhchoibhneas éigin ann nuair a scagtar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge de réir an taighde seo.

% CL	Pleanáil Chloich Fhaola 2016 ⁶	Teanga Cheann	Nuashonrú 2015	SCT 2007
Gort a' Choirce	75.6%		75.9%	83.4%
Dún Lúiche	65.8%		71.9%	73.1%
Na Croisbhealaí	39.2%		43.7%	41.3%
Dún Fionnachaidh	* ⁷		10.2%	-

Figiúr 7.3.1.1: Cainteoirí Laethúla Gaeilge

Measann 14% de phobal Ghort a' Choirce & Dhún Lúiche go bhfuil siad lag nó nach bhfuil cumas ar bith acu i dtaobh na Gaeilge labhartha. Creideann 9% den phobal céanna go bhfuil siad lag / nach bhfuil cumas tuigbhéala na Gaeilge acu. Tagann ardú ar líon na rannpháirtithe ó Ghort a' Choirce agus ó Dhún Lúiche nach bhfuil cumas léitheoireachta maith acu (lag 12%, gan cumas ar bith 5%) agus nach bhfuil cumas scríbhneoireachta maith acu (lag 14%, gan cumas ar bith 6%)

I dtoghroinn na gCraisbhealaí (agus bailte fearainn Oirear Dhumhaí atá lonnaithe i dtoghroinn Dhún Fhionnachaidh) measann 37% den phobal sin go bhfuil Gaeilge líofa acu agus 24% eile go bhfuil Gaeilge mheasartha mhaith acu. Anuas air sin, labhraíonn 39% de rannpháirtithe na gCraisbhealaí & Dhún Fionnachaidh an Ghaeilge go laethúil. Rangnítear toghroinn na gCraisbhealaí mar thoghroinn na Catagóire C sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch Nuashonraithe agus* luíonn an taighde seo leis an tuairim sin. Measann 31% de phobal na

⁶ Cainteoirí Laethúla Gaeilge, 18+ amháin san áireamh

⁷ < 30 freagra, ní leor é sin le heolas cuimsitheach a fhoilsíú

gCroisbhealaí & Dhún Fionnachaidh go bhfuil siad lag nó nach bhfuil cumas ar bith acu i dtaobh na Gaeilge labhartha. Creideann 20% den phobal céanna go bhfuil siad lag / nach bhfuil cumas tuighbéala na Gaeilge acu. Tagann ardú ar líon na rannpháirtithe ó thoghroinn na gCroisbhealaí nach bhfuil cumas léitheoireachta maith acu (lag 21%, gan cumas ar bith 14%) agus nach bhfuil cumas scríbhneoireachta maith acu (lag 25%, gan cumas ar bith 16%).

Líon 1,314 rannpháirtithe an suirbhé agus togadh 66% dóibh i gCloich Cheann Fhaola ó dhúchas. Tá 68% dóibh den tuairim go bhfuil Gaeilge líofa acu agus 19% eile dóibh le Gaeilge mheasartha mhaith. Scagtar an mhinicíocht a labhraítear an Ghaeilge i measc na n-aoisghrúpaí éagsúla;

Aoisghrúpa	% CLG i gCloich Cheann Fhaola
18 - 25	52%
26 - 40	50%
41 - 55	56%
56 - 66	51%
67+	59%

Figiúr 7.3.1.2: Cainteoirí Laethúla Gaeilge de réir aoisghrúpa i gCloich Cheann Fhaola

Nuair a dhéantar comparáid idir teanga teaghlach na rannpháirtithe nuair a bhí siad ag éirí aníos agus teanga cumarsáide a dteaghlach féin feictear laghdú mór ar líon na dteaghlach a bhaineann leas as an Ghaeilge. D'éirigh 42% de rannpháirtithe (550 duine) aníos leis an Ghaeilge amháin mar theanga an teaghlach agus d'fhás 16% den phobal (212 duine) aníos le níos mó Gaeilge ná Béarla. Nuair a iarrtar eolas ar theanga cumarsáide na rannpháirtithe féin, tagann sé chun solais go labhraíonn 22% den phobal, a bhfuil a gclann féin acu (181 duine), an Ghaeilge amháin agus baineann 21% eile (174 duine) úsáid as níos mó Gaeilge ná Béarla sa teaghlach. Feictear go soiléir gur isliú mór ata ann ó thaobh líon agus céatadán na dteaghlach a labhraíonn an Ghaeilge i gCloich Cheann Fhaola.

Is léir go bhfuil dúshláin éagsúla roimh Chloich Cheann Fhaola i dtaca le moltaí a sholáthar do phobal an cheantair. Is iomaí cumais teanga agus riachtanais teanga atá ann sa cheantar. Soláthrófar bearta a rachaidh i ggleic leis na dúshláin éagsúla sin.

7.3.2 Cleachtais Teanga an Phobail

Déantar mionscagadh ar chleachtais teanga na rannpháirtithe de réir a gcumas teanga. De réir na h-anailíse, ní labhraíonn ach amháin 18% de dhaoine le Gaeilge líofa Gaeilge amháin le daoine a bhfuil a fhios acu Gaeilge a bheith ar a dtail acu. Tugann rannpháirtithe an tsuirbhé fáthanna éagsúla mar bhunús ar an fheiniméan teangeolaíoch seo ach is iad an dá phríomhchúis a shonraítear ná gurb í seo nósmaireacht an phobail i gcoitinne (39%) agus gur cuireadh aithne ar a chéile trí Bhéarla (30%)

Is í an teaghlach an fearainn Ghaeilge is mó atá ag pobal an cheantair (Úsáideann 38% dóibh an Ghaeilge go laethúil agus 15% a bhaineann úsáid aisti go minic). Baineann 68% de dhaoine a bhfuil Gaeilge líofa acu leas as an Ghaeilge go laethúil sa teaghlach agus labhraíonn 8% de dhaoine a bhfuil Gaeilge mheasartha acu an Ghaeilge go laethúil sa teaghlach.

Soláthraítear anailís ar an nasc idir cumas Gaeilge an duine agus an mhinicíocht a úsáidtear an Ghaeilge le duine eile a bhfuil Gaeilge acu. Tagann ceist na muiníne chun tosaigh go láidir sa taighde. Maíonn 52% dóibh siúd le Gaeilge a labhraíonn Béarla le duine eile a bhfuil Gaeilge acu go ndéantar seo toisc gur nós / cleachtadh é agus gur chuir siad aithne ar a chéile trí Bhéarla (13% aithne trí Bhéarla & 39% Cleachtadh / Nós). Tráchtann 30% eile a bhfuil Gaeilge acu nach bhfuil sé de mhisneach acu féin labhairt leis an duine eile trí Ghaeilge. Mothaíonn

17% de rannpháirtithe eile nach bhfuil muinín ag an duine eile sa chomhrá, an Ghaeilge a úsáid leo.

Aithníonn an pobal a bhfuil 'Beagán Gaeilge' ná 'Gaeilge ar bith' acu nach n-úsáideann siad an Ghaeilge chomh minic is a thig leo a dhéanamh (53% & 70% faoi seach).

Creideann céatadán mór na ndaoine a bhfuil Gaeilge líofa acu go mbíonn brú orthu an Béarla a labhairt (43%). Is gá a aithint go gcreideann céatadán suntasach eile den phobal sin nach bhfuil aon bhrú teangeolaíoch orthu. Is spéisiuil, áfach, nach mothaíonn aon chatagóir eile den phobal, dóibh siúd a bhfuil Gaeilge Mheasartha acu, Beagán Gaeilge ná Gaeilge ar bith acu, go mbíonn mórán brú orthu an Béarla a úsáid.

Is léir go bhfuil géarghá le deiseanna breise úsáid na Gaeilge a sholáthar i gCloich Cheann Fhaola agus go bhfuil an t-éileamh seo ann ó Phobal Chloich Cheann Fhaola. In ainneoin an mhana a chloistear go minic ó mhionlach daoine a bhíonn in éadan na Gaeilge is í tuairim formhór an phobail nach mbíonn brú orthu an Ghaeilge a labhairt (Gaeilge líofa, 84%; Gaeilge Mheasartha, 65% ; Beagán Gaeilge, 63%; Gaeilge ar bith, 67%).

Má ghlactar leis na huimhreacha seo i gcomparáid leis na ceisteanna fá dtaobh de bhrú an Bhéarla, mothaíonn a dhá oiread seo go mbíonn brú orthu an Béarla a labhairt.

Is léir ón eolas eile a chuirtear ar fáil ar úsáid na Gaeilge nach mbaineann daoine a bhfuil Gaeilge mheasartha ná beagán Gaeilge acu mórán leas as an teanga i gCloich Cheann Fhaola. Tagann an feiniméan sin chun cinn arís is arís eile. Cé is móite de sheirbhísí eaglasta, feictear sa mhionscagadh nach bhfuil an Ghaeilge i dtreis sna fearainn teanga eile a luadh ar an suirbhé. Is gá trácht a dhéanamh ar cheist na Gaeilge sna Seirbhísí Stáit. Faoi mar a luadh i gcuid a 5 den phlean seo ní thiocfaidh feabhas ar an scéal seo ar bhonn náisiúnta go dtí go gcuirfead seirbhísí maithe ar chomhchaighdeán leis an Bhéarla ar fáil.

Is léir gur gá bearta a dhearadh a thabharfaidh aghaidh ar na nithe seo a leanas:

- Muinín an Phobail a fhorbairt i dtaca leis an Ghaeilge idir fhoghlaimeoirí agus daoine a bhfuil cumas Gaeilge maith acu;
- Scéimeanna & Feachtais dhearfacha éagsúla a bhunú is a bhuanú sa cheantar;
- Íomhá na Gaeilge a neartú sa cheantar;
- Imeachtaí Sóisialta Taitneamhacha a chruthú do phobal an cheantair.
- Dul i mbun stocaireachta le seirbhísí ar chomhchaighdeán leis an Bhéarla a bhaint amach, inár gContae féin ar dtús agus ar bhonn náisiúnta go fadtéarmach.

7.3.3 Dearcchá Teanga an Phobail

Cé go bhfuil dúshláin mhóra le sarú i dtaca le cleachtais teanga Chloich Cheann Fhaola, labhraíonn an pobal d'aon ghúth (94%) nuair a aontaíonn siad go bhfuil sé tábhachtach go mairfeadh an Ghaeilge sa Ghaeltacht. In ainneoin cumas teanga, aithnítear gur buntáiste é don cheantar gur Gaeltacht atá i gCloich Cheann Fhaola (42% aontaíonn go láidir, 31% aontaíonn).

Maíonn 64% den mhórphobal gur cheart go mbeadh ní ba mhó deiseanna an Ghaeilge a úsáid sa cheantar. Fiú nuair a dhéantar mionscagadh orthu siúd le cumas teanga éagsúla, aontaíonn 73% de dhaoine a bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu, 64% de dhaoine a bhfuil Gaeilge mheasartha acu, 50% dóibh siúd le beagán Gaeilge agus 28% den 79 duine gan Gaeilge ar bith, gur chóir go mbeadh na deiseanna sin ann. Is mór an chosúlacht atá ann idir tuairim an mhórphobail agus tuairimí na bpáistí agus na ndéagóirí scoile fosta. Is cúis spéise í go n-aithníonn na daoine

a bhfuil beagán Gaeilge agus na daoine nach bhfuil aon Ghaeilge acu nach bhfuil siad ag labhairt na Gaeilge chomh minic is a thig leo (53% & 70% faoi seach). Ardaítear spéis sna fírcí sin nuair a thógtar san áireamh go n-admhaíonn grúpaí suntasacha gur mhian leo a gcuid scileanna teanga a fheabhsú;

- Feabhas a chur ar Scileanna Labhartha (36% - 473 duine)
- Feabhas a chur ar Scileanna Tuigbheála (33% - 430 duine)
- Feabhas a chur ar Scileanna Léitheoireachta (32% - 421 duine)
- Feabhas a chur ar Scileanna Scríbhneoireachta (34% - 442 duine)

Is ceart a aithint san eolas thuas, gur thug go leor rannpháirtithe (thart ar thrian eile sna catagóirí éagsúla) le fios nár mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid scileanna éagsúla toisc gur chreid siad go raibh na scileanna sin acu cheana féin. Nuair a dhéantar cioradh ar an eolas sin, dealraítear go bhfuil nasc láidir idir an tuairim sin agus líon na ndaoine a chur in iúl go raibh na scileanna sin acu ag caighdeán “An-mhaith”.

Ardaíonn an pointe thuas, ceist an bhrú i dtaca leis an Ghaeilge arís. Is minic a chuirtear i leith na gcainteoirí Gaeilge go gcuirtear brú ar dhaoine an Ghaeilge a labhairt. Is a mhalairt tuairime a thagann chun cinn sa suirbhé seo. Dearbhaíonn 75% nach mothaíonn siad brú leis an Ghaeilge a labhairt agus tá 8% eile gan tuairim láidir ar an cheist sin. Is ábhar suntais go gcreidtear sin i measc na gcumas teanga éagsúil. Creideann 84% dóibh a bhfuil Gaeilge líofa acu nach mbíonn brú orthu, 63% dóibh a bhfuil beagán Gaeilge acu nach mbíonn brú orthu, agus 67% dóibh gan an Ghaeilge nach bhfuil brú orthu í a labhairt. Mar chodarsnacht ar na fírcí sin, mothaíonn 43% dóibh siúd a bhfuil Gaeilge líofa acu brú orthu an Béarla a labhairt. Scagtar ceist an oideachais Ghaelaigh sa suirbhé. Iarrtar ar thuismitheoirí a mbeidh a gcuid bpáistí ag freastal ar mheánscoile sa toadhchá a rogha oideachais a shonrú. Cé go léiríonn 36% de thuismitheoirí gur mhaith leo tumoideachais Gaeilge a roghnú, tagann sé chun cinn gurb í caighdeán an oideachais an gné is tábhachtaí dóibh.

Tagraítear do cheist fóirsteanachta na Gaeilge sa taighde fosta. Dearbhaíonn an pobal an tuairim go bhfuil an Ghaeilge fóirsteanach i gcúrsaí saoil nua-aimseartha (79%). Creideann 65% de rannpháirtithe an tsuirbhé seo go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil i siopaí agus gnólachtaí an cheantair.

7.3.4 Moltaí do Thodhcháí na Gaeilge sa Cheantar

Ghlac 481 duine leis an deis a gcuid moltaí breise agus a gcuid dtuairimí a chur in iúl do Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola. Ba mholtaí ciallmhara luachmhara a bhí iontu bunaithe ar thaithí an phobail a mhaireann i gCloich Cheann Fhaola. Is féidir teacht ar liosta iomlán na dtéamaí in Aguisín F. Baineadh leas as na moltaí seo chun teacht ar chreatlach an phlean teanga seo.

Léiríonn na torthaí seo uile go bhfuil muintir Chloich Cheann Fhaola báúil i leith na Gaeilge ach go bhfuil géarghá le moltaí a fheidhmiú a chruthóidh níos mó déiseanna úsáide dóibh agus a chuirfidh imeachtaí sóisialta ar fáil dóibh.

7.4 Agallaimh & Cruinnithe Leath-Structúrtha

Sonrófar, sa chuid seo den tuairisc, téamaí na n-agallamh & na gcruinnithe a cuireadh ar siúl mar chuid den phróiseas taighde. Torthaí Cáilíochtúla a sholáthraítear thíos. Caithfear a lua go sonraítear téamaí thíos a tháinig chun cinn go minic sna hagallaimh & sna cruinnithe. Ní thig céatadán agus staitisticí cainníochtúla a shonrú le torthaí cáilíochtúla ach léiríonn an gné seo den taighde an castacht a bhaineann leis an phlean agus tuiscint dhoimhin an phobail i leith cheist na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola.

Is gá béim a athleagadh ar chomhthéacs na n-agallamh & na gcruinnithe seo. Faoi mar a sonraíodh cheana, gealladh rúndacht do rannpháirtithe uile na n-agallamh & na gcruinnithe. Cuirfear i láthair, thíos, na príomhábhair a pléadh sna hagallaimh & sna cruinnithe seo. Ní dhéanfar trácht ach amháin ar na téamaí a tháinig chun cinn go minic sna hagallaimh agus ní luafar cé leis a mbaineann na tuairimí faoi mar a gealladh.

7.4.1 Tacaíochtaí don Cheantar

- Ranganna Comhrá a chur ar siúl sa cheantar do ghlantosaítheoirí / do dhaoine a aththosaíonn ag foghlaim na Gaeilge / do dhaoine ag meánleibhéal.
- Comharthaíocht & Cead Pleanála a shocrú le Co.Co Dhún na nGall
- Cúrsaí Sainspéise a reáchtáil trí Ghaeilge sa cheantar
- Áisitheoir Teanga / Ionad Tacaíochta Teanga a fhorbairt
- Daoine Oilte ag teastáil chun ranganna éagsúla a sholáthair sa cheantar trí Ghaeilge
- Polasaí Gaeilge a bheith ag achan grúpa / gnólacht atá ag fáil tacaíochtaí ón Stát agus monatóireacht déanta orthu go bhfuil an polasaí á chur i bhfeidhm acu.

7.4.2 Tacaíochtaí Teaghlaigh

- Córas Feasachta & Earcaíochta a chur ar bun i measc theaghlaigh an cheantair chun feabhas a chur ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar an oideachas Gaeilge agus ar imeachtaí Gaeilge.
- Seirbhís Bus a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag iarraidh a bpáistí a chur chuig na naíonraí Gaelacha
- Níos mó spásanna de dhíth sna Naíonraí
- Tionchar na Rogha Teanga a chur os comhair daoine atá ag súil le páiste a bheith acu
- Breis Acmhainní Gaeilge do Naíonraí an Cheantair
- Cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí.
- Campaí Gaeilge a chur ar fáil do pháistí Naíonra.
- Leabharlann Gaeilge a bheith ar fáil sa cheantar a bheadh iontach suimiúil d’achan aoisghrúpa le leabhair, míreanna meára agus ábhair éagsúla eile.

7.4.3 Fostaíocht do dhaoine óga an cheantair

- Fostaíocht Bhuan a shocrú do dhaoine a oibríonn le páistí agus déagóirí an cheantair.
- Fiontar Gaeilge pobalbunaithe a thosú a chuirfeadh le geilleagar na háite

7.4.4 An Tumoideachas Gaeilge

7.4.4.1 An Bhunscolaíocht

- Obair Mhaith ar siúl sna bunscoileanna
- Acmhainní Breise Gaeilge ag teastáil
- Níl an Ghaeilge mar theanga na scoileanna uile sa cheantar go fóill
- Imeachtaí a shocrú i measc na scoileanna trí Ghaeilge
- Ba cheart go mbeadh an Ghaeilge mar theanga oibre agus mar theanga feidhmithe gach scoil sa Ghaeltacht

7.4.4.2 An Mheánscolaíocht

- Níl go leor déagóirí ón cheantar ag freastal ar an sruth Gaelach ar fáthanna éagsúla
- Acmhainní Breise Gaeilge ag teastáil
- Ba cheart go mbeadh an Ghaeilge mar theanga oibre agus mar theanga feidhmithe gach scoil sa Ghaeltacht
- Tumoideachas Meánscoile Gaeilge a bheith ar fáil i gCloich Cheann Fhaola & Tacaíocht ón Roinn Oideachais & Roinn na Gaeltachta ag teastáil
- Ceannródaíocht a léiriú do pháistí an cheantair i dtaca leis an tumoideachais – ar nós na Gaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht
- Ní chabhraíonn an neamhchinnteacht a bhaineann leis an sruth Gaelach gach bliain – Ní rachadh tuismitheoir ar bith sa seans le hoideachas a gclann má bhíonn neamhchinnteacht rialta ann faoi sholáthair na seirbhíse.
- Scolairí na hIdirbliana a bheith curtha ar an eolas agus a bheith páirteach & gníomhach i gcóras na pleanála teanga

7.4.5 Athoscailt Choláiste Uladh

- Níos mó úsáide a bhaint as Coláiste Uladh agus Cúrsaí Samhraidh a aththosú i gColáiste Uladh
- Cúrsaí Ceannródaíochta a chur ar siúl anseo, idir chúrsaí Samhraidh agus chúrsaí eile nach iad
- Gné Cultúrtha an Cheantair a fhorbairt ar shuíomh Choláiste Uladh

7.4.6 Gaeilge & Gnólachtaí

- Tacaíocht Aistriúcháin ag teastáil do ghnólachtaí an cheantar
- Gnólachtaí a mhealladh, Spreagthaí a thabhairt dóibh an Ghaeilge a úsáid
- Beannachtaí dátheangacha, lig don chustaiméir a rogha teanga féin a úsáid (An Tairiscint Ghníomhach)
- Gaeilge a bheith níos feicealaí
- Traenáil / Deiseanna / Tacaíochtaí a ófráil do ghnólachtaí an cheantair atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge
- Buntáiste Turasóireachta don Cheantair & Slí an Atlantaigh Fhiáin
- Ní thuigtear buntáiste eacnamaíochta na Gaeilge go soiléir
- Baile Gaeilge a dhéanamh den Fhál Carrach ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin

7.4.7 Imeachtaí Sóisialta Gaeilge

7.4.7.1 Imeachtaí Sóisialta na nDaoine Óga

- Polasaí Láidir Gaeilge ag teastáil agus é curtha i bhfeidhm sna clubanna éagsúla & tacaíochtaí a thabhairt dóibh siúd atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge féin.
- Ógclubanna a bhunú ar an Fhál Carrach
- Easpa Gaeilge a labhairt sna clubanna spóirt sa cheantar
- Foireann Bhuan ag teastáil chun seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil, Ag cáiliúnt saineolais go bliantiúil.

7.4.7.2 Imeachtaí Sóisialta Eile

- Barraíocht Béarla i gcuid de na clubanna /grúpaí.
- Forám Gaeilge Chloich Cheann Fhaola – Ionadaithe ó choistí / grúpaí uile
- Polasaí Láidir Gaeilge ag teastáil agus é curtha i bhfeidhm sna clubanna éagsúla & tacaíochtaí a thabhairt dóibh siúd atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge féin.
- Tógáil a dhéanamh ar an obair atá curtha i gcrích sa phróiseas seo mar gheall ar ról na ngrúpaí sa phobal a neartú i dtaca leis an Ghaeilge.
- Traenáil Gaeilge & Traenáil Forbartha Pobail a chur ar fáil do ghrúpaí an cheantair
- Gné Gaeilge na bhFeilte Áitiúla a fhorbairt

7.4.8 Bród & Muinín an Phobail

- Bród a chothú i measc an phobail
- Feasacht a ardú i dtaca leis na meáin shóisialta agus an Ghaeilge i measc clubanna, gnólachtaí agus i measc an aosa óig.
- Córas Gradaim a thosú ag tabhairt aitheantais do chlubanna, gnólachtaí, baill an phobail
- Daoine ag tiontú ar an Bhéarla gan smaoineamh air – Feasacht a fhorbairt chun nasc a dhéanamh idir dea-thoil na ndaoine agus a gcleachtais teanga.

7.4.9 Seirbhísí Sásúla Gaeilge an Stáit

- Níl mórchuid na Seirbhísí atá de dhíth ó phobal na Gaeilge ar fáil ó sheirbhísí poiblí an Stáit
- Eolas réadúil a scaipeadh sna cheantair Ghaeltachta ar na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge & amscála a sholáthair mar gheall ar na seirbhísí nach bhfuil ar fáil
- Cinntigh nach dtagann pleananna stráiteiseacha eile de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall, ná aon Roinn Rialtais / Comhlacht Poiblí eile salach ar bunaidhmeanna phobail na Gaeltachta.

7.4.10 Seirbhísí Pobail an Cheantair

- Seirbhísí Sláinte trí Ghaeilge ag teastáil
- Níos mó Gaeilge ag teastáil / Feiceálacht na Gaeilge a mhéadú.
- Úsáid na Gaeilge a mhéadú

7.5 Aiseolais ó Ghrúpaí Pobail, Cumainn & Gnólachtaí an Cheantair

Sonrófar, sa chuid seo den tuairisc, téamaí an aiseolais a sholáthair iondaithe na ngrúpaí pobail agus na ngnólachtaí a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin. Cuirfear i láthair, thíos, na príomhábhair a pléadh sna cruinnithe seo. Feicfear go luíonn formhór na moltaí a ardaíodh sna cruinnithe seo leis na moltaí a tháinig chun solais i suirbhé an mhórpobail.

7.7.1 Tacaíochtaí Praiticiúla Teanga

- Corás Aistriúcháin gan costas millteanach nach dtógfaí an iomarca ama
- Traenáil de dhíth ó bhaill foirne /oifigí na gcumainn
- Spreagthaí a thairiscint do ghnólachtaí

7.7.2 Muinín an Phobal

- Muinín ag teastáil ón phobal líofa chun dul i mbun a gcuid ghnó trí Ghaeilge
- Muinín ag teastáil ó fhoghlaimoirí leis an chéad chéim a ghlacadh fá dtaobh úsáid na Gaeilge go poiblí
- Imeachtaí nádúrtha ag teastáil a sholáthródh seirbhísí d’achan cumas Gaeilge
- Muinín a bhaint ón aiseolais a tháinig chun cinn sa taighde

7.7.3 Feasacht an Phobail

- Próiseas Leanúnach de dhíth
- Ní seoladh amháin ach scéimeanna le tacaíocht an phobail
- Ceannaireacht ag teastáil ó achán duine atá ag iarraidh tabhairt faoin tionscadal seo
- Dearfachas a chothú sa cheantar faoin phlean gníomhaíochta
- Ceiliúradh a dhéanamh & aitheantas a thabhairt do na rudaí maithe atá ag tarlú leis an teanga sa cheantar

7.5.4 Úsáid na Gaeilge

- Turasóirí ag lorg cultúir agus oidhreacht na háite
- Foghlaimoirí ag iarraidh go mbeadh ‘cead’acu páirt a ghlacadh i saol Gaeilge an cheantar
- Corás a bhunú sna siopaí agus tacaíochtaí leanúnacha mar chuid den chóras a spreagfadh úsáid na Gaeilge i measc an phobail agus a ardódh muinín an phobail fá dtaobh den Ghaeilge.
- Atmaisféar Gaelach a chruthú
- Comharthaíocht Ghaeilge
- Gaeilge Shaibhir Chloich Cheann Fhaola a chur chun cinn

7.7.5 Caighdeán na Seirbhísí Stáit

- Pleananna de chuid an Chomhairle Contae & Ranna Rialtais nach dtiocfadh salach ar phlean teanga na gceantar Gaeltachta
- Comharthaíocht Gaeilge / Timpeallacht Ghaeltachta ar an Fhál Carrach agus i nGort a’ Choirce.

7.7.6 Tumoideachas lan-Ghaeilge

- Torthaí maithe le sonrú sna scoileanna ina bhfuil an tumoideachas Gaeilge ar siúl - Feasacht a ardú i measc bhaill uile an phobail
- Tionchar mór ag na scoileanna nach bhfuil ag feidhmiú go hiomlán trí Ghaeilge go fóill

7.6 Tatal na hAnailíse

Cuirtear an t-uafás eolais ar fáil sa chaibidíl seo agus bunaítear gach eolas sa chaibidíl seo ar thorthaí iomlán an taighde. Is léir go bhfuil pointí dearfacha agus diúltacha le sonrú i dtorthaí an taighde. Go hachomair, dearbhaítear sna torthaí taighde seo go mbíonn dearcthaí dearfacha ag pobal Chloich Cheann Fhaola. I gcodarsnacht leis sin, áfach is ábhar imní é nach luíonn cleachtais teanga an phobail leis na dearcthaí teanga a bhíonn ag an phobal. Is é an dúshlán is mó roimh Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola ná an bearna idir na cleachtais teanga agus na creidimh teanga seo a laghdú. Ní dhéanfar seo gan cuidiú an phobail i dtoghroinn Ghort a' Choirce, i dtoghroinn Dhún Lúiche, i dtoghroinn na gCraisbhealaí agus i nDún Fionnachaidh (Oirear Dhumhaí Mór & Oirear Dhumhaí Beag).

Is gá obair cheannródaíoch a chur i gcrích ionas nach dtitfeadh líon na gcainteoirí Gaeilge faoin dlús a léirítear sna staitisticí seo. I bhfianaise na dtorthaí taighde seo, caithfear bearta a chur i gcrích a thabharfaidh aghaidh ar na fearainn teanga éagsúla a scagtar san obair seo.

Is í aidhm Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola beartas teanga a chruthú bunaithe ar an eolas seo fá choinne bhuanú agus mhéadú na Gaeilge mar theanga phobail i gCloich Cheann Fhaola. Baintear leas as saothair na saineolaithe teanga a luadh níos tuisce sa phlean seo mar aon leis na torthaí taighde seo chun ráta an iompaithe teanga a laghdú .

8.0 Bearta Idirghabhála an Phlean Teanga

8.1 Réamhrá

Is plean ilghnéitheach cuimsitheach é seo. Beidh rath na hoibre seo uile ag brath ar fheidhmiú mholtaí éagsúla an phlean. Is gá go mbeidh aghaidh tugtha ar mholtaí uile agus ar dhúshláin uile a bhaineann le cur i bhfeidhm an phlean seo. Is réimse beartas atá bunaithe ar thuairimí an phobail i dtaca leis an Ghaeilge. Tá tréimhse seacht mbliana tugtha leis an phlean seo a chur i bhfeidhm. Cuimsítear sa phlean seo idir beartais shóisialta gearrthéarmacha agus meántéarmacha, a chuireann tacaíocht ar fáil do phobal Chloich Cheann Fhaola, agus beartais fadtéarmacha chun sochair an cheantair, idir pobal, saol eacnamaíochta agus saol cultúrtha & oidhreacht Chloich Cheann Fhaola. Dearbhaítear gur moltaí sonracha, intomhaiste, indéanta agus ábhartha iad a eascraíonn ón phróiseas comhairliúcháin leis an phobal agus an taighde a rinneadh fosta. Cuirtear na bearta seo le chéile ar an chomhthuiscint nach ndéanfar beag is fiú d’aon duine, bunaithe ar a rogha teanga féin. Glactar leis gurb í ceist an chomhionannais agus ceist an cuimsitheachta, an ghné is tábhachtaí do fhorbairt Chloich Cheann Fhaola trí chéile. Bronntar muinín ar leith orainn mar choiste toisc go luíonn aidhmeanna an phlean seo go mór le dearccháí éagsúla an phobail. Is leis an muinín sin, chomh maith céanna leis an tacaíocht a tugadh dúinn ón phobal le linn an phróisis seo go bhfoilsítear bearta uile an phlean seo.

Sonrófar thíos, na moltaí teanga atá againn mar phobal, bunaithe ar an eolas uile a bailíodh mar chuid den phróiseas pleanála teanga seo. Déanfar tagairt do Réimsí an Bhirt agus do Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart. Gheofar liosta na gcritéir pleanála teanga in Aguisín A. Soláthrófar na bearta seo bunaithe ar na réimsí éagsúla thíos;

- A. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
- B. Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochtaí teaghlaigh (lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga);
- C. Seirbhísí don aos óg agus d’aoisghrúpaí eile;
- D. Deiseanna Foghlama Iasmuigh den chóras oideachais;
- E. An Earnáil Ghnó;
- F. Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn (lena n-áirítear seirbhísí eaglasta);
- G. Na Meáin Chumarsáide;
- H. Seirbhísí Poiblí;
- I. Pleanáil & Forbairt Fhisiceach;
- J. Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire;
- K. Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith.

8.2 Struchtúr Feidhmnithe an Phlean

8.2.1 Coiste Stiúrtha Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola

Beart	Coiste Stiúrtha Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola a cheapadh	
Réimsí an Bhirt	K (Staid na Gaeilge) & F (Eagraíocht Pobail & Comharchumann)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	1, 3, 10, 19	
Aidhm an Bhirt	Coiste Buan a bhunú a thabharfaidh tacaíocht d’achan bheart / mholadh eile sa phlean agus a fheidhmeoidh mar choiste stiúrtha i gcomhar le foireann an Oifigigh Teanga chun leas na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola (Beart a 8.2.3)	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Ionadaíocht chuí ar Phobal Chloich Cheann Fhaola (Na Toghranna éagsúla / aoisghrúpaí éagsúla/ srl) • Róil & Freagrachtaí Soiléir • Ról Eiseamláireach ag baill an choiste / Ceannaireacht le léiriú fá choinne bhearta an phlean teanga. • Eolas & Aiseolas a scaipeadh i measc an phobail (tríd an fhóram & poiblíocht) • Treoir, Cuidiú & Comhairle a thabhairt d’ Oifigeach Teanga agus a f(h)oireann. 	
Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Príomhúinéir) Cumainn / Clubanna Gnólachtaí an Cheantair (rannpháirtithe) Baill an Phobail (rannpháirtithe)	
Saolré an Bhirt	Bliain 1: Coiste a cheapadh Bliain 1 – 7: Feidhmiú an Bhirt	
Costas Measta Iomlán	Ní bhaineann	
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Rannpháirtíocht an phobail / bhaill na gcumann éagsúla a choinneáil linn i gcaitheamh na seacht mbliana.	
Conas a shárófar na dúshlán sin	Próiseas Oscailte Trédhearcachta a chothú a léireoidh tábhacht na hoibre seo do cheantar Chloich Cheann Fhaola	
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe gach sé mhí (<i>Féach ar Chaibidil 11 & Aguisín G</i>)	

8.2.2 Fóram Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola

Tuigtear go bhfuil sé an-thábhachtach go léanfar leis an dea-obair atá tosaithe ag Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola. Moltar go mbunófar Fóram Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola. Moltar go mbeidh ball amháin ó choistí an cheantair uile ar an fhóram seo. Tiocfaidh baill uile an fhóram ó ghrúpaí paróiste éagsúla agus is as ón fhóram seo a roghnófaí Coiste Stiúrtha Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola.

Beart	Fóram Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola a bhunú	
Réimsí an Bhirt	K (Staid na Gaeilge)	A - J
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	3, 10, 11, 12	
Aidhm an Bhirt	Struchtúr Buan a bhunú a thabharfaidh tacaíocht d’achan bheart / mholadh eile sa phlean seo	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Baill ó Choistí na bpáirtithe leasmhara sa cheantar ag freastal ar an fhóram seo • Ionchur agus Aiseolas an Phobail lárnach do chinntí an choiste • Cumhacht & Rannpháirtíocht an Phobail a chumasú maidir le cúrsaí teanga • Feasacht na mBeart agus gníomhaíocht dá réir le bheith lárnach in obair an fhóraithe seo 	

Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Príomhúineir) Grúpaí /Gnólachtaí / Seirbhísí an Cheantair (Rannpháirtithe) Baill an Phobail (Rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	<ul style="list-style-type: none"> 7 mbliana (2017 – 2024)
Costas Measta Iomlán	Ní bhaineann
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Rannpháirtíocht an phobail / bhaill na gcumann éagsúla a choinneáil linn i gcaitheamh na seacht mbliana.
Conas a shárófar na dúshlán sin	Próiseas Oscailte Trédhearcachta a chothú a léireoidh tábhacht na hoibre seo do cheantar Chloich Cheann Fhaola
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Aiseolas a fháil ó bhaill an fhóram ag deireadh gach bliain

8.2.3 Foireann an Oifigigh Teanga

Beart	Oifigeach Teanga & a f(h)oireann a cheapadh a fheidhmeoidh bearta an phlean		
Réimsí an Bhirt	K (Staid na Gaeilge)	(A – J)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	3,8,10, 11, 12, 19		
Aidhm an Bhirt	Foireann stuama a cheapadh a chuirfidh le cur chun cinn na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola trí fheidhmiú a dhéanamh ar an phlean gníomhaíochta seo		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Foireann lánaimseartha de bheirt ar a laghad a fhostú le comhordú a dhéanamh ar fheidhmiú & monatóireacht a dhéanamh ar bhearta an phlean teanga (Oifigeach Feidhmiúcháin & Oifigeach Cléireachais). B'fhearr dá mbeadh duine ón cheantar mar chuid den fhoireann nua-cheaptha, agus go mbeadh taithí na pleanála teanga / forbairt pobail ag duine den fhoireann (ar a laghad) fosta Sonraí na ndualgas uile in Aguisín H Saoirse ag Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Foireann an Oifigigh Teanga feachtais / bearta / tograí eile a fhorbairt nach bhfuil sonraithe sa phlean seo de réir mar is cuí chun sochair na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola. Caidreamh na Comhpháirtíochta a chothú i measc fhoireann an Oifigigh Teanga, Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Páirtithe Leasmhara uile de chuid an phlean seo. Cruinnithe Athbhreithnithe rialta (gach 6 mhí) idir Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Foireann an Oifigigh Teanga chun monatóireacht a dhéanamh ar dul chun cinn bhearta an phlean seo. 		
Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Príomhúineir) Grúpaí / Cumainn / Gnólachtaí an Cheantair (Rannpháirtithe) Baill aonaracha an Phobail (Baill an Phobail)		
Saolré an Bhirt	Bliain a 1 (An Chéad 6 mhí): Próiseas Earcaíochta, Foireann a cheapadh, Oifigí Sealadacha a aimsiú Bliain a 1.5 – 7: Feidhmiú Bhearta an Phlean seo.		
Costas Measta Iomlán	Gach Eolas i gCaibidil a 9		
Foinse(i) Maoinithe	Údarás na Gaeltachta	An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Tuaithe, Réigiúnacha & Gaeltachta	Comhairle Contae Dhún na nGall

Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> An maoiniú a aimsiú, Daoine gairmiúla leis an taithí chúí a cheapadh
Conas a shárófar na dúshláin sin	<ul style="list-style-type: none"> Maoiniú: Tábhacht na hoibre seo a léiriú do mhaoinitheoirí ach go háirithe maidir leis na himpleachtaí a bheidh ag an mbeart seo ar Cho. Dhún na nGall (oidhreacht, turasóireacht, srl.) agus ar an nGaeltacht trí chéile (an teanga, rannpháirtíocht agus cumasú pobail, rath phróiseas daonlathach na pleanála teanga, srl.). Foireann: an post/na poist a fhógairt ar fud an cheantair, ar na meáin chumarsáide Ghaeilge agus in institiúidí oideachais tríú leibhéal. Solúbthacht áirithe a bheith ann do dhaoine áitiúla a bhfuil post páirtaimseartha eile acu sa cheantar. Mura bhfuil iarrathóir leis na cáilíochtaí cuí ar fáil, d'fhéadfaí an fostaí tabhairt faoin cháilíocht le linn téarma na fostaíochta
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe le Coiste Stiúrtha Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola gach sé mhí (<i>Féach ar Chaibidil 11 & Aguisín G</i>)

8.2.3 Feachtas Feasachta & Seoladh Phlean Teanga Chloich Cheann Fhaola

Beart	Feachtas Feasachta & Seoladh Phlean Teanga Chloich Cheann Fhaola	
Réimsí an Bhirt	K (Staid na Gaeilge)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	2, 12, 13	
Aidhm an Bhirt	<ul style="list-style-type: none"> Leas a bhaint as an t-eolas ar fad a tháinig chun cinn sa phróiseas taighde seo chun muinín a thabhairt don phobal ar cheist na Gaeilge sa cheantair 	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Muinín & Bród an Phobail a fhorbairt Bileoga Eolais a scaipeadh Ailt a scríobh do na meáin scríofa áitiúla go minic Torthaí Taighde Uile an Phlean a chur ar shuíomh Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola Cé nach leor dearcthaí dearfacha amháin i leith na Gaeilge, tabharfaidh torthaí an taighde seo muinín do phobal labhartha na Gaeilge agus dóibh siúd atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcumas Gaeilge Nasc a léiriú do bhaill an phobail idir torthaí an taighde agus bearta an phlean 	
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga / Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Príomhúinéir)	
Saolré an Bhirt	An chéad 6 mhí den phlean (Eanáir 2017 – Iúil 2017)	
Costas Measta Iomlán	€750	
Costas Measta in aghaidh na bliana	€750	
Foinse(í) Maoinithe	Údarás na Gaeltachta	Síolchiste Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	Idirdhealú a dhéanamh idir torthaí an taighde agus bearta an phlean teanga	
Conas a shárófar na dúshláin sin	Tábhacht na hoibre seo a scaoileadh i mbéal an phobail	

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe le Coiste Stiúrtha Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (<i>Féach ar Chaibidil 11 & Aguisín G</i>)
--	---

8.2.5 Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta

Beart	Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta a bhunú		
Réimsí an Bhirt	K (Staid na Gaeilge)	(A – J)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	Iad uile ag brath ar chomhthéacs na hoibre a chomhlíonfar 1 - 19		
Aidhm an Bhirt	Grúpa a bhunú chun cur chuige aontaithe a aontú chun seirbhísí ardchaighdeánacha a bhaint amach sna ceantair Ghaeltachta sa chontae		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Grúpa Stocaireachta Aontaithe chun sochair na Gaeltachta go háitiúil agus go náisiúnta • Grúpa a ardóidh ceisteanna a thagann chun cinn go rialta sna ceantair Ghaeltachta éagsúla • Feidhmiú Pholasaí Oideachais na Gaeltachta • Caighdeán Seirbhísí Gaeilge an Rialtais • Caighdeán Seirbhísí Gaeilge na gComhairlí Contae • Seirbhísí Bhanda Leathan / Seirbhísí Teileafóin 		
Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola Údarás na Gaeltachta Coistí LPT eile sa chontae		
Saolré an Bhirt	Bliain a 2 - 7		
Costas Measta Iomlán	Ní bhaineann		
Costas Measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann		
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Aontú a fháil ó na LPT go mbunófar an grúpa stocaireachta chun sochair na gceantar Gaeltachta		
Conas a shárófar na dúshlán sin	<ul style="list-style-type: none"> • Buntáiste an ghrúpa seo a chur ina luí ar choistí na limistéir pleanála teanga eile sa tír. • Tacaíocht a fháil don choincheap seo ó bhaill 		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe ag an ghrúpa oibre gach bliain.		

8.2.6 Taithí & Léargas an Chomhairleora Pleanála Teanga

Beart	Eolas & Taithí a bailíodh le linn an phróisis taighde a sholáthair 1		
Réimsí an Bhirt	K (Staid na Gaeilge)	(A – J)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	Iad uile ag brath ar chomhthéacs 1 - 19		
Aidhm an Bhirt	Eolas, Taithí agus Comhairle an Pleanáilaithe Teanga a fháil nuair is gá leis chun sochair fheidhmiú Phlean Teanga Chloich Cheann Fhaola		
Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola Comhairleoir Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola		
Saolré an Bhirt	7 mbliana		
Costas Measta Iomlán	€10,500		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,500 (€50 x 30 uair sa bhliain)		
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Ní fheictear go mbeidh deacracht leis an bheart seo,		

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Taifead a choinneáil ar aon obair a dhéanfar amach anseo
--	--

8.3. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

Is ceist leathan í, ceist an oideachais i gCloich Cheann Fhaola. Is gá straitéis uilíoch a ghríosú a thugann aghaidh ar gach gné den phobal, a luíonn leis an *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017 - 2022* agus a chuimsíonn na cumais Ghaeilge éagsúla i gCloich Cheann Fhaola. Le teacht an *Pholasaithe don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022* is ceart go n-oibreoidh Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola leis na scoileanna éagsúla sa cheantar chun cuidiú leis na céimeanna atá le baint amach acu.

8.3.1. Polasáí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 (Gach Leibhéal)

Beart	Tacaíocht a thabhairt mar gheall ar Fheidmiú an Pholasaithe don Oideachas Gaeltachta
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais) & B (seirbhísí réamhscolaíochta)
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	7,8,9
Aidhm an Bhirt	Cuidiú agus tacaíocht phraiticiúil a thairiscint agus a thabhairt d'ionaid oideachais an cheantair a thiteann faoi réir an <i>Pholasaithe don Oideachas Gaeltachta 2017 - 2022</i>
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Cruinniú bliantiúil leis na páirtithe leasmhara (thíos luaite) in oiriúnt do chlár-ama na bpríomhoidí / stiúrthóirí le plé a dhéanamh ar fheidmiú an pholasaithe san ionad oideachais sin amháin. Dúshlán an phróisis / Imní na bpáirtithe leasmhara / Cuidiú atá de dhíth ó fhoireann an ionaid oideachais sin ar fad mar chlár an chruinnithe
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga (Príomhúinéir) Príomhoidí Bunscoile an Cheantair (Rannpháirtithe) Príomhoide Meánscoile (Rannpháirtithe) Stiúrthóirí na Naíonraí Gaelacha (Rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	7 mbliana
Costas Measta Iomlán	Costas mar chuid de bhuiséad Fhoireann an Oifigigh Teanga
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Buairt ar mhúinteoirí nach mbíonn an córas céanna bhfeidhm i ngach uile scoil sa cheantar agus go mbeadh comparáid á déanamh idir na scoileanna
Conas a shárófar na dúshlán sin	Gach uile iarracht a dhéanamh caidreamh trédhearcacht oscailte a chothú leis na bpáirtithe leasmhara uile. Aitheantas a thabhairt go mbíonn na hionaid éagsúla ag feidmiú faoi coinníollacha éagsúla
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Miontuairiscí a choinneáil

8.3.2. Acmhainní Teagaisc Gaeilge d'Ionaid Oideachais an Cheantair (Gach Leibhéal)

Beart	Forbairt na nAcmhainní Gaeilge do Naíonraí an Cheantair
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais) & B (seirbhísí réamhscolaíochta)
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	7,8,9
Aidhm an Bhirt	Áiseanna & Acmhainní Teagaisc Gaeilge a fhorbairt chun sochair an oideachais Ghaeltachta sa cheantar

Bearta Phlean Teanga Chloich Cheann Fhaola

Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Saineolaí an Oideachais Ghaeltachta & Ghaeilge a chruinniú le chéile le hionadaithe oideachais Chloich Cheann Fhaola go bliaintiúil, (m.sh: Gaeloideachas Teo., COGG, ionadaithe ó OÉ Gaillimh, 7rl) Comhtháthú a dhéanamh ar na hacmhainní atá ann cheana féin do naíonraí / bunscoileanna Bunachar a fhorbairt ar na hacmhainní eile a bhíonn de dhíth Acmhainní a fhorbairt in oiriúnt do chanúint Tír Chonaill Eolas a scaipeadh do mhúinteoirí / thuismitheoirí an cheantair fúthu Teacht ar aontú ar na forbairtí a bheidh le cur i gcrích an bhliain sin agus a scaipeadh nuair a chomhlíontar iad.
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga (Príomhúinéir) Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe) Ionaid Oideachais Uile an Cheantair (Rannpháirtithe) Na Forais Oideachais Ghaeltachta, Ghaeilge & Náisiúnta (Rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2: Tús an Phróisis – Bliain a 7
Costas Measta Iomlán	€ 15,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€ 2,500
Foinse(i) Maoinithe	Údarás na Gaeltachta An Roinn Oideachas & Scileanna Roinn na Gaeltachta
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	Acmhainní a fhorbairt ar ardchaighdeán ach costas na hoibre seo a choinneáil íseal
Conas a shárófar na dúshláin sin	Tuiscint na saineolaithe oideachais a úsáid chun sochair na hoibre seo
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Aiseolas a fháil ó bhaill na meithle oibre seo

8.3.3. Naíonraí an Cheantair & Bunscoileanna an Cheantair (Pleanáil & Polasaithe)

Beart	Nasc a chruthú idir na Naíonraí & na Bunscoileanna Gaeltachta	
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais) & B (seirbhísí réamhscolaíochta)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	7,8,9	
Aidhm an Bhirt	Córas Leanúnach a chur ar bun sa cheantar fá choinne tumoideachais Ghaeilge i gCloich Cheann Fhaola	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Polasaithe Teanga comónta a fhorbairt i measc an dá naíonra Gaelacha Polasaithe Teanga comónta a fhorbairt i measc na gcúig bhunscoil Faomhadh ó gach príomhoide scoile / stiúrtha naíonra ag teastáil Polasaí comónta in achan chuid de LPT Chloich Cheann Fhaola i dtaobh na Gaeilge de. 	
Príomhúinéir an Bhirt	Lucht stiúrtha na naíonraí & na bPríomhoidí bunscoile (Príomhúinéirí) Foireann an Oifigigh Teanga (Rannpháirtithe) Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe)	
Saolré an Bhirt	7 mbliana	
Costas Measta Iomlán	€1,750	
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	€250 – Costas Clódóireachta agus Aisritheoireachta	

Conas a shárófar na dúshláin sin	Tábhacht na hoibre seo a chur ina luí ar lucht stiúrtha na naíonraí agus na mbunscoileanna
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Aiseolas a fháil ó Lucht stiúrtha na naíonraí & príomhoidí na mbunscoileanna ag achan chéim den phroiseas agus leas a bhaint as an aiseolas sin chun sochair an pholasaithe comónta

8.3.4 Fóram Múinteoirí Chloich Cheann Fhaola (Gach leibhéal)

Caithear aitheantas agus moladh a thabhairt don mhéid atá ar siúl i mbunscoileanna an cheantair cheana. Is gá a aithint fosta, go dtiteann dualgais na múinteoirí faoi réir rialacháin de chuid na Roinne Oideachais cheana. Leis an mhéid sin san áireamh, níl an tseirbhís chéanna ar fáil i ngach uile scoil sa cheantar, ó thaobh an tmoideachais Ghaeilge de. De réir an tsuirbhé meánscoile aithníonn formhór na ndaltaí scoile go raibh tionchar dearfach ag na múinteoirí bunscoile orthu agus ar shealbhú na Gaeilge fosta.

Beart	Fóram Oideachais Chloich Cheann Fhaola a bhunú do Mhúinteoirí Bunscoile & Meánscoile an Cheantair		
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	5,6,8		
Aidhm an Bhirt	Fóram agus Córas Tacaíochta a thabhairt do Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 a fheidhmiú i gcúig bhunscoil an limistéir		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí scoile an cheantair aitheantas mar ‘scoil Ghaeltachta’ a bhaint amach faoi mar a sonraítear i bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 -2022. Aitheantas ‘Barr Feabhas’ a bhaint amach do bhunscoileanna an cheantair Polasaí Teanga a fhorbairt a fheidhmíonn laistigh & lasmuigh de sheomraí ranga na scoile Tacaíochtaí / Acmhainní a lorg do na bunscoileanna faoi mar a shonraítear sa pholasaí oideachais Nasc a chruthú idir naíonraí an cheantair & bunscoileanna an cheantair <p>Aghaidh a thabhairt ar na cleachtais teanga éagsúla i seomraí ranga Chloich Cheann Fhaola</p>		
Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Príomhúinéir) Ionad Oideachais Ghort a’ Choirce (Rannpháirtithe) Príomhoidí na mBunscoileanna (Rannpháirtithe) Príomhoide Meánscoile (Rannpháirtithe) Múinteoirí na Scoileanna (Rannpháirtithe) Bord Bainistíochta na Scoileanna (Rannpháirtithe) Gaeloideachas (Rannpháirtithe) Muintearas Teo. (Rannpháirtithe)		
Saolré an Bhirt	7 bliana		
Costas Measta Iomlán	€ 10,500		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,500 = €375 x 4 seisiún in aghaidh na bliana		
Foinse(i) Maoinithe	An Roinn Oideachais & Scileanna	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta	Údarás na Gaeltachta

Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	Cur chun cinn na Gaeilge gan iomaíocht a chruthú i measc scoileanna éagsúla,
Conas a shárófar na dúshláin sin	Páirtithe Leasmhara uile a choinneáil ar an eolas, Ról lárnach a thabhairt d'Oifigeach Teanga an Cheantair
Monatóireacht ar fheidmiú an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe ag an fhóram seo gach bliain (<i>Féach ar Chaibidil 11 & Aguisín G</i>)

8.3.5 Scéim na gCúntóirí Teanga (Bunscoil)

Beart	Scéim na gCúntóirí Teanga a chinntiú do bhunscoileanna Gaeltachta uile an Cheantair & Tacaíochtaí 'DEIS'	
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	5,6,8	
Aidhm an Bhirt	Déanfar a chinntiú go mbeidh Scéim na gCúntóirí Teanga ar fáil i ngach bunscoil Ghaeltachta an Cheantair	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Dul i mbun stocaireachta i gcomhpháirtíochta le bunscoileanna Gaeltachta an Cheantair chun todhchaí na scéime a bhuanú Cinnteacht a fháil roimh dheireadh na bliana scoile don chéad bhliain acadúil eile Stádas DEIS a bhaint amach d'achan scoil i gCloich Cheann Fhaola – Níl stádas DEIS ag S.N. Ghort a' Choirce 	
Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Príomhúinéir) Príomhoidí na mBunscoileanna (Rannpháirtithe) Múinteoirí na mBunscoileanna (Rannpháirtithe) Bord Bainistíochta na mBunscoileanna (Rannpháirtithe) COGG, Gaeloideachas, Aontais Éagsúla na Múinteoirí, Eagraíochtaí Stocaireachta Gaeilge (Conradh na Gaeilge, Tuismitheoirí na Gaeltachta) Muintearas Teo. (Rannpháirtithe)	
Saolré an Bhirt	7 mbliana	
Costas Measta Iomlán	Mar chuid de shíolchiste Fhoireann an Oifigh Teanga	
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	Aontú a fháil ó Údaráis an Stáit,	
Conas a shárófar na dúshláin sin	Tacaíocht Iomlán an Phobail a léiriú	
Monatóireacht ar fheidmiú an bhirt	Is é soláthar na scéime i mbunscoileanna Gaeltachta uile an LPT an comhartha monatóireachta is soiléire	

8.3.6 Tacaíochtaí Teanga do Pháistí ó Theaghlaigh gan Ghaeilge (Bunscoil)

Beart	Tacaíochtaí Teanga do Pháistí ó Theaghlaigh gan Ghaeilge	
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais) & B (Seirbhísí Tacaíochta Teanga)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	4,6,7	
Aidhm an Bhirt	Muinín an Tuismitheora / an Teaghlaigh gan an Ghaeilge a fhorbairt i dtaca leis an chóras scolaíochta	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Áis Tacaíochta a chabhróidh le teaghlaigh nach labhraíonn an Ghaeilge sa bhaile / Aonad Sealbhaithe Teanga Dearccháí dearfacha a chruthú sna teaghlaigh nach labhraíonn an Ghaeilge Bunchumas na dTuismitheoirí a fhorbairt 	

Bearta Phlean Teanga Chloich Cheann Fhaola

	<ul style="list-style-type: none"> • Osradharc ginearálta ar obair an téarma, ní freagraí na gceisteanna a bheidh i gceist leis seo. • Tábhachtach nach ndéantar dochar do fhorbairt an pháiste ach go dtugtar muinín do thuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu 		
Príomhúinéir an Bhirt	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola		
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga	Foireann na mBunscoileanna	Tuismitheoirí na bPáistí
Saolré an Bhirt	Bliain a 1: Scéim Píolóta a chruthú do rang amháin in achan scoil (Scoil ag déanamh seo i gcomhair rang éagsúil ionas go bhforbrófar ábhair éagsúla) Bliain a 2 - 7: Forbairt a dhéanamh ar an scéim seo ag brath ar thorthaí na scéime píolóta		
Costas Measta Iomlán	€ 10,500		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€ 1,500		
Foinse(i) Maoinithe	An Roinn Oideachais 7 Scileanna	Roinn na Gaeltachta	
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Is áis tacaíochta atá ann do theaghlaigh nach labhraíonn an Ghaeilge sa bhaile agus iad ag tabhairt faoin tumoideachais bunscoile – ní club obair bhaile a bheidh ann		
Conas a shárófar na dúshlán sin	<ul style="list-style-type: none"> • Aidhmeanna Soiléire a aontú roimh ré • Osradharc Míosúil a thabhairt do thuismitheoirí na bpáistí • Aiseolas a lorg ó pháistí & ó thuismitheoirí a bhaineann leas as an áis tacaíochta seo 		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Cruinniú Aiseolais a shocrú ag am Nollag agus i mí na Bealtaine gach bliain		

8.3.7 Feidhmeannas Seasta an tSrutha Ghaelaigh, Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola

Faoi láthair, cuireann Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola sruth Gaelach ar fáil dóibh siúd atá ag iarraidh gné Gaeilge a bheith acu mar chuid dá n-oideachas. Feictear, áfach, nach mbíonn an t-éileamh ar an sruth toisc nach mbíonn feidhmeannas seasta an tsrutha cinntithe gach bhliain. Tugtar le fios in aiseolas an tsuirbhé agus in agallaimh le bhaill an phobail go mbíonn go leor cúinsí breise ann fosta cé go n-aithnítear go bhfuil scoth an oideachais ar fáil sa sruth Gaelach. Ainneoin na ndearcthaí sin, thángthas chun solais, gur mhaith le céatadán suntasach na dtuismitheoirí a bhfuil páistí ag an aois cheart acu go mbeadh rochtain acu ar thumoideachas meanscolaíochta Gaeilge.

Beart	Feidhmeannas Seasta an tSrutha Ghaelaigh a chinntiú go leibhéal na hArdteiste i bPCC		
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart			5, 6
Aidhm an Bhirt	<ol style="list-style-type: none"> 1) Líon na ndaltaí a fhreastalaíonn ar an sruth a mhéadú 2) Timpeallacht Láidir don Ghaeilge labhartha a chruthú lasmuigh den seomra ranga 3) Cinnteacht a chruthú faoi thodhchaí an oideachais Ghaelaigh sa cheantar 		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Earcaíocht a dhéanamh ar dhaltaí rang a 6 ó bhunscoileanna an cheantair • Oícheanta Eolais a chur ar fáil do thuismitheoirí an cheantair fá choinne an tsrutha Ghaelaigh • Naisc a chruthú sa cheantar idir bunscoileanna uile Chloich Cheann Fhaola & an Sruth Gaelach sa Phobalscoil • An Sruth a chur ar fáil go Leibhéal na hArdteiste gach bliain, gan cheist, gan dua 		

	<ul style="list-style-type: none"> Láidriú a dhéanamh ar seo go dtí go dtiocfar ar ionad don sruth Ghaelach de réir mholtaí an pholasaithe oideachais don Ghaeltacht 2017 - 2022
Príomhúinéir an Bhirt	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola (Príomhúinéirí) Bunscoileanna Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe) Tuismitheoirí an Cheantair (Rannpháirtithe) An Roinn Oideachais & Scileanna (Rannpháirtithe) Foireann an Oifigigh Teanga (Rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain a 1 & 2 (Gnéithe uile an bhirt le sonrú idir 2017 – 2019) Bliain 3 – 7 Feidmiú leanúnach an bhirt
Costas Measta Iomlán	Ceist Maoinithe ón Roinn Oideachais
Foinse(i) Maoinithe	Roinn na Gaeltachta An Roinn Oideachais & Scileanna
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go mbeadh cothromachas teanga ann ArdChaighdeán Oideachais a sholáthar i dTimpeallacht dhátteangach
Conas a shárófar na dúshlán sin	Caidreamh Comhpháirtíochta a chruthú idir Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Foireann na Pobalscoile
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe Bliantúil idir údarás na pobalscoile agus Foireann an Oifigigh Teanga. (<i>Féach ar Chaibidil 11 & Aguisín G</i>)

8.3.8 Polasaí Teanga Phobalscoil Chloich Cheann Fhaola,

Beart	Forbairt a dhéanamh ar Pholasáí Teanga Phobalscoil Chloich Cheann Fhaola
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais)
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	6
Aidhm an Bhirt	Tabharfaidh Foireann an Oifigigh Teanga agus Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola tacaíocht do Phobalscoil Chloich Cheann Fhaola forbairt a dhéanamh ar bheartas teanga soiléir sonracha a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais
Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola (Príomhúinéirí) Bunscoileanna Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe) Tuismitheoirí an Cheantair (Rannpháirtithe) An Roinn Oideachais & Scileanna (Rannpháirtithe) Foireann an Oifigigh Teanga (Rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain a 1 & 2: Forbairt a dhéanamh ar an Pholasáí Bliain 3 – 7 Feidmiú leanúnach an bhirt
Costas Measta Iomlán	Feictear go dtitfeadh aon chostas a bhaineann leis seo faoi scath shíolchiste fhoireann an Oifigigh Teanga
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go mbeadh cothromachas teanga ann ArdChaighdeán Oideachais a sholáthar i dTimpeallacht dhátteangach
Conas a shárófar na dúshlán sin	Caidreamh Comhpháirtíochta a chruthú idir Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Foireann na Pobalscoile
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe Bliantúil idir údarás na pobalscoile agus Foireann an Oifigigh Teanga. (<i>Féach ar Chaibidil 11 & Aguisín G</i>)

8.3.9 Moltaí Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 (Dara-Leibhéal)

Beart	Grúpa Oibre Thumoideachais lán-Ghaeilge ag an Dara Leibhéal i gCloich Cheann Fhaola a cheapadh agus a chumasú
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais)

Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	3,6
Aidhm an Bhirt	Suíomh a fhorbairt ina mbeidh an tumoideachas Gaeilge ar fáil sa cheantar agus ina mbeidh an Ghaeilge mar theanga cumarsáide na scoile
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhís Meanscolaíochta a fhreastalaíonn ar pháistí / ar dhéagóirí an cheantair go hiomlán trí Ghaeilge Nasc le máthairscoil PCC faoi mar a mholtar i <i>bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 - 2022</i> Suíomh meánscolaíochta a chruthú a chothóidh timpeallacht Ghaeilge ag an dara-leibhéal i gCloich Cheann Fhaola Muinín a thabhairt do dhéagóirí an cheantair an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga i dtimpeallacht lán -Ghaeilge
Páitithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola (Príomhúineirí) An Roinn Oideachais & Scoileanna (Rannpháirtithe) Foireann an Oifigigh Teanga (Rannpháirtithe) Tuismitheoirí an Cheantair / Gaeloideachas / COGG (Rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	7 mbliana
Costas Measta Iomlán	Costas iomlán na hoibre seo le fiosrú ag an ghrúpa
Foinse(i) Maoinithe	An Roinn Oideachais Roinn na Gaeltachta
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> Comhpháirtíocht a chruthú le Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola Tacaíocht a fháil ón Roinn Oideachais,
Conas a shárófar na dúshlán sin	<ul style="list-style-type: none"> Grúpa Oibre a chur ar bun chun féidearthacht an bhirt seo a scagadh go cuimsitheach Buntáiste an Tumoideachais a chur ina luí ar an phobail
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe ag an grúpa seo gach bliain (<i>Féach ar Chaibidil 11 & Aguisín G</i>)

8.3.10 Modúl ar Fhéiniúlacht na Gaeltachta san Idirbhliain

Beart	Modúl Gaeltachta a sholáthair do dhéagóirí uile na hIdirbhliana i bPCC
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais)
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	5, 6, 10, 12, 19
Aidhm an Bhirt	Feasacht níos doimhne a chruthú faoi chultúr, oidhreacht agus fhéiniúlacht mhuintir na Gaeltachta
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Modúl a chruthú do lucht na hIdirbhliana a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus féiniúlacht na Gaeltachta. Feasacht a chruthú i measc na ndaltaí uile (dóibh siúd a úsáideann Gaeilge lasmuigh den seomra ranga agus dóibh siúd nach mbaineann leas aisti). Meas a chothú do bhaill an phobail a labhraíonn Gaeilge An Modúl a chur ar fáil lasmuigh den ionad scoile é féin Clár forbartha i gcomhpháirtíocht idir lucht na scoile & Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola / Foireann an Oifigigh Teanga Aoichainteoirí ón cheantar a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa scéim seo fosta Gné lárnach a dhíriú ar úsáid na Gaeilge leis an nua-theicneolaíocht (Na Meáin Shóisialta, aip-eanna, Google, Facebook, Twitter 7r) agus aon nua-theicneolaíocht eile a thiocfadh chun cinn le linn saol-ré an phlean Rithfear an modúl trí Ghaeilge ach ní rang Gaeilge atá ann

Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga (Príomhúinéir) Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe) Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe)		
Saolré an Bhirt	Bliain a 1: Modúl le forbairt le linn na chéad bliana Bliain a 2: Scéim Phíolótach Bliain a 3 – 7: Feidhmiú an Mhodúil (le hathruithe más gá)		
Costas Measta Iomlán	€2,940 = €420 x 7 mbliana		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€420 = €52.50 x 8 seachtaine		
Foinse(i) Maoinithe	Údarás na Gaeltachta	Roinn na Gaeltachta	An Roinn Oideachais
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Modúl Spreagúil a chruthú a thabharfaidh misneach & muinín do dhéagóirí Ghaeltacha		
Conas a shárófar na dúshlán sin	<ul style="list-style-type: none"> Leas a bhaint as an scéim píolótach chun na dúshlán thuas-luaite a sháru Comhpháirtíocht le Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola 		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	<ul style="list-style-type: none"> Aiseolas a fháil ó dhaltáí an mhodúil Cruinniú athbhreithnithe idir baill foirne na scoile & foireann an Oifigigh Teanga 		

8.3.11 Roghanna Oideachais Ghaeilge ag an Tríú Leibhéal

Beart	Feasacht faoin Oideachas Gaeilge ag an Tríú Leibhéal		
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart			2, 6
Aidhm an Bhirt	Córas Leanúnach feasachta & poiblíochta a chur ar bun a sholáthraíonn eolas ar rogha oideachais na Gaeilge ag an tríú leibhéal do dhaltáí meánscoile an cheantair.		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Léargas a sholáthar do dhaltáí meánscoile Chloich Cheann Fhaola mar gheall ar na cúrsaí uile atá ar fáil trí Ghaeilge ó thuaidh & ó theas Comhdháil a reáchtáil go bliantúil sa cheantar Aoichainteanna a chur ar fáil ó dhaoine a rinne na cúrsaí sin An Nasc a léiriú do dhaltáí an cheantair idir na cúrsaí sin agus an fhostaíocht Dearfachas a chothú mar gheall ar oideachas Gaeilge ag an tríú leibhéal 		
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga (Príomhúinéir) Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe) Ollscoileanna an Oileáin (Rannpháirtithe)		
Saolré an Bhirt	7 mbliana		
Costas Measta Iomlán	€3,500		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€500 (Cíos Ionaid & Beatha)		
Foinse(i) Maoinithe	Síolchiste Fhoireann an Oifigigh Teanga	Ábhar Poiblíochta na nOllscoileanna	
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> Costas na hOllscolaíochta do mhic léinn an cheantair Buntáiste na gCúrsaí seo a chur ina luí ar an phobal, ráta fostaíochta do mhic léinn na gcúrsaí seo 		

Conas a shárófar na dúshláin sin	<ul style="list-style-type: none"> • Naisc a chruthú leis na hOifigigh Ghaeilge sna hOllscoileanna • Eolas ar Scéimeanna Cónaithe Gaeilge de chuid na hOllscoileanna a chur ar fáil
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	<ul style="list-style-type: none"> • Taifead a choinneáil ar líon na mac léinn a fhreastalaíonn ar chúrsaí Gaeilge agus aiseolas a fháil uathu ag deireadh saolré na gcúrsaí ollscoile sin. • Monatóireacht a dhéanamh ar rátaí fostaíochta na mac léinn seo nuair a chríochnaíonn tréimhse na scéimeanna seo.

8.3.12 Scoláireacht na Pleanála Teanga do mhic léinn Chloich Cheann Fhaola

Beart	Scoláireacht na Pleanála Teanga a sholáthair		
Réimsí an Bhirt	A (An Córas Oideachais)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	6, 11, 14		
Aidhm an Bhirt	Tacaíocht Phraiticiúil a thabhairt do mhic Léinn Chloich Cheann Fhaola atá ag tabhairt faoi staideár i réimse na Gaeilge agus go háirithe i gcúrsaí pleanála teanga ag leibhéal na hiarchéime		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Daoine áitiúla a chumasú chun sochair na Gaeilge ina gceantar féin ach go háirithe má tá baint ag an chúrsa Gaeilge le forbairt pobail, pleanáil teanga, srl. • Cuirfidh an beart seo le líon na ndaoine a bheidh in ann tabhairt faoi obair cheannródaíochta na pleanála teanga. Chuideodh sé le forbairt an cheantair dá mbeadh daoine in ann filleadh abhaile agus a gcuid saineolais a úsáid chun sochair a gceantar féin • Cuidiú phraiticiúla a thabhairt do mhic léinn le costas na hoibre seo ach is infheistíocht í i dtodhchaí na pleanála teanga i gCloich Cheann Fhaola • Moltar go rifear an scoláireacht seo gach dara bhliain (Bliain a 2, a 4, a 6) • Costas Taistil mura mbíonn an cúrsa ar fáil in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaith Dobhair 		
Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Údarás na Gaeltachta(Príomhúinéirí)		
Saolré an Bhirt	Bliain a 1: Na socrúithe cuí a chur i bhfeidhm Bliain a 2 – 7: Dáileadh na scoláireachta bunaithe ar spéis agus ar chumas na n-iarrathóirí		
Costas Measta Iomlán	Máistreacht €19,290 nó 3 Diplóma €16,200 (Ag brath ar éilimh)		
Costas Measta in aghaidh na bliana	1 x (Máistreacht €6, 130 & Costas Taistil €300 = €6,430) nó 3 x (Diplóma €1,500 & Costas Taistil €300 = €1,800)		
Foinse(i) Maoinithe	Urraíocht ó Chliantchomhlachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta	Údarás na Gaeltachta	
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> • Costas na hOllscolaíochta do mhic léinn an cheantair • Buntáiste na gCúrsaí seo a chur ina luí ar an phobal, ráta fostaíochta do mhic léinn na gcúrsaí seo 		
Conas a shárófar na dúshláin sin	<ul style="list-style-type: none"> • Naisc a chruthú leis na hOifigigh Ghaeilge sna hOllscoileanna • Eolas ar Scéimeanna Cónaithe Gaeilge de chuid na hOllscoileanna a chur ar fáil 		
Conas a dhéanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	<ul style="list-style-type: none"> • Taifead a choinneáil ar líon na mac léinn a fhreastalaíonn ar chúrsaí Gaeilge agus aiseolas a fháil uathu ag deireadh saolré na gcúrsaí ollscoile sin. 		

	<ul style="list-style-type: none"> • Monatóireacht a dhéanamh ar rátaí fostaíochta na mac léinn seo nuair a chríochnaíonn tréimhse na scéimeanna seo.
--	--

8.4 Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta & Tacaíochta Teaghlaigh lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

8.4.1 Rogha Teanga an Teaghlaigh & Áiseanna Tacaíochta Teaghlaigh

Beart	Feachtas Feasachta faoi thionchar Rogha Teanga an Teaghlaigh / Tuismitheoirí
Réimsí an Bhirt	B (Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta & Tacaíochta Teaghlaigh / Seirbhísí Tacaíochta Teanga)
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	2, 7,8,11, 12, 19
Aidhm an Bhirt	Teaghlaigh Ghaeilge & Teaghlaigh Bhéarla a chur ar an eolas faoi thionchar an rogha teanga bunaithe ar an fhíor-eolas. Spreagadh agus tacaíocht phraiticiúil a thabhairt dóibh siad atá ag iarraidh clann a thógáil le Gaeilge agus buntáistí éagsúla an dátheangachais a shoiléiriú
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Tacaíochtaí Praiticiúla Gníomhacha a sholáthar do theaghlaigh an cheantair • Feachtas Feasachta leanúnach a bhunú sa cheantar fá choinne rogha na Gaeilge mar theanga an teaghlaigh. • Ranganna comhrá-bunaithe a chur ar siúl go háitiúil (i Machaire Rabhartaigh, Gort a' Choirce agus ar an Fhal Carrach) • Comhordú & Forbairt a dhéanamh ar áiseanna tacaíochta fosta • An t-eolas a scaipeadh do gach teaghlach sa cheantar • Poiblíocht a dhéanamh ar bhearta eile an phlean seo a thacóidh le húsáid na Gaeilge sa teaghlach • Leas a bhaint as na meáin chumarsáide & na meáin shóisialta chun sochair na n-imeachtaí • Aiseolas a fháil ó thuismitheoirí an cheantair chun forbairt a dhéanamh ar bhreis tacaíochtaí nuair is gá • Bealaí éagsúla a fhorbairt leis an Ghaeilge a sníomh isteach i réimse an teaghlaigh. • Laethanta Teaghlaigh a reáchtáil a léiríonn go soiléir go dtig le teaghlaigh an Ghaeilge a úsáid i mbealach bríomhar sa bhaile • Na laethanta seo a chur ar siúl i Machaire Rabhartaigh / i nGort a' Choirce agus ar an Fhál Carrach ag amanna éagsúla i rith na bliana
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga (Príomhúinéir) Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe) Naíonraí / Montessori / Scoileanna / Clubanna Sóisialta an Cheantair Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. (Rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	An chéad bhliain: Dian-Ullmhúchán a dhéanamh Bliain a 2 - 4: Forbairt a dhéanamh ar na himeachtaí eolais / laethanta teaghlaigh Bliain a 5 – 7: Athmhúnlú a dhéanamh ar an bheart de réir mar a thagann forbairtí nua chun solais agus feidhmiú a dhéanamh dá réir.
Costas Measta Iomlán	€21,240 (€1,940 + €1,600) x 6 (bliain a 2 – 7)

Costas Measta in aghaidh na bliana	Ranganna: €1,940 = (3 rang x 16 seachtaine x €30 ráta aisitheora + €500 costais clódóireachta, poiblíochta, 7rl) Laethanta Teaghlaigh: €1,600 = (4 imeacht (2 Gort a' Choirce / Machaire Rabhartaigh & 2 an Fál Carrach in aghaidh na bliana) x €400		
Foinse(i) Maoinithe	Údarás na Gaeltachta	Roinn na Gaeltachta	An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> • Muinín an Phobail a láidriú i dtaca leis an Ghaeilge sa teaghlach • Teaghlaigh nua a mhealladh chuig na himeachtaí 		
Conas a shárófar na dúshláin sin	<ul style="list-style-type: none"> • Céimeanna Ciallmhara a chur roimh an phobail maidir le húsáid na Gaeilge sa teaghlach • Dúshláin & Deacrachtaí a aithint agus aghaidh a thabhairt ar shárú na bhfadhbanna sin 		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	<ul style="list-style-type: none"> • Cuirfidh Foireann an Oifigigh Teanga bileoga aiseolais chuig na daoine a fhreastalaíonn ar na himeachtaí poiblí • Tuairimí an phobail a bhailiú mar gheall ar rath na himeachtaí / mar gheall ar deacrachtaí praiticiúla a thagann chun cinn sa teaghlach i dtaobh chúrsaí teanga de. 		

8.4.2 Grúpaí Tachráin & Tuistí

Beart	Gréasán Ghrúpaí Tachráin & Tuistí a bhunú ar fud an cheantair	
Réimsí an Bhirt	B (Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta & Tacaíochta Teaghlaigh / Seirbhísí Tacaíochta Teanga) & J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	7,8,10	
Aidhm an Bhirt	<ul style="list-style-type: none"> • Deiseanna a chur ar fáil do thuismitheoirí & tachráin teacht le chéile i suíomh Gaelach go seachtainiúil sa cheantar. • Líon na gcruinnithe a ardú de réir mar a ardaíonn an t-éileamh ar na grúpaí 	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Polasaí Soiléir i dtaobh na Gaeilge • Fáilte roimh thuistí ar chumais éagsúla chomh fada is a thuigtear gurb í an Ghaeilge teanga cumarsáide na nGréasán seo • Imeacht Sóisialta do thuismitheoirí a bhfuil cumais Ghaeilge éagsúla acu • Deis Cumarsáide do na tachráin • Crann Taca dóibh siúd atá ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid sa teaghlach • Malartú Eolais ar na straitéisí foghlama éagsúla i measc na dtuismitheoirí • Deacrachtaí & Dúshláin a aithint • Coibhneas a chruthú / Pobal a chothú a bhaineann leas as an Ghaeilge • Imeachtaí beaga a rith i measc na ngrúpaí éagsúla 	
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga (Príomhúinéir) Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe) An tSeanBheairic, Pobal Eascarrach, Ionad Pobail Mhachaire Rabhartaigh, Naíonraí / Montessori Chloich Cheann Fhaola Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. (Rannpháirtithe)	
Saolré an Bhirt	7 mbliana	
Costas Measta Iomlán	€10,000	

Costas Measta in aghaidh na bliana	€2,000= 2 ionad x 20 seachtaine x €50 ráta áisitheora (leis an taithí cuí)		
Foinse(i) Maoinithe	Údarás na Gaeltachta	Roinn na Gaeltachta	An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> Teacht ar na grúpaí seo Cumais Ghaeilge éagsúla na dtuismitheoirí (& cumais Ghaeilge na bpáistí dá bharr) 		
Conas a shárófar na dúshláin sin	<ul style="list-style-type: none"> Grúpaí i Machaire Rabhartaigh / i nGort a' Choirce & san Fhál Carrach Áisitheoir a ritheann an grúpa agus a thugann treoir faoi pholasaí Gaeilge an ghrúpa 		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	<ul style="list-style-type: none"> Aiseolas & Moltaí a fháil ó rannpháirtithe na ngrúpaí go rialta Cruinniú athbhreithnithe 		

8.4.3 Seirbhísí Réamhscolaíochta

Beart	Seirbhís Réamhullmhúcháin sula bhfreastalaíonn daltaí ar Bhunscoileanna Gaeltachta Chloich Cheann Fhaola		
Réimsí an Bhirt	B (Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta & Tacaíochta Teaghlaigh / Seirbhísí Tacaíochta Teanga)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart			7,8,9
Aidhm an Bhirt	Seirbhís Réamhullmhúcháin a fhorbairt & a rith do theaghlaigh atá ag cur a gcuid bpáistí chuig bunscoileanna ina bhfuil an t-oidéachas á chur ar fáil trí Ghaeilge		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Teachtaireacht Stuama Aontaithe a phoibliú fá choinne oideachas na Gaeilge sa Ghaeltacht 5 seisiún (3 ag tús na bliana acadúla, ceann amháin i mí Eanáir, 1 roimh dheireadh na bliana) 		
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga & Bunscoileanna Gaeltachta an Cheantair (Príomhúinéirí) Tuismitheoirí an Cheantair (Rannpháirtithe) Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe) Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. (Rannpháirtithe)		
Saolré an Bhirt	7 mbliana		
Costas Measta Iomlán	€3,500		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€500 (€100 Costais clódóireachta don 5 seisiún x 5 bunscoil)		
Foinse(i) Maoinithe	An Roinn Oideachais & Scileanna	Roinn na Gaeltachta An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige	Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. (Rannpháirtithe)
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> Rochtain ar na grúpaí seo Cumais Ghaeilge éagsúla na bpáistí 		
Conas a shárófar na dúshláin sin	<ul style="list-style-type: none"> Grúpaí i Machaire Rabhartaigh, i nGort a' Choirce & san Fhál Carrach Foireann le taithí san earnáil seo ón cheantar a earcú chun forbairt a dhéanamh ar chúrsa cuimsitheach a ullmhaíonn páistí & tuismitheoirí don chóras bunscolaíochta Gaeilge 		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	<ul style="list-style-type: none"> Aiseolas a fháil ó mhúinteoirí na mbunscoileanna a chuireann tumoideachas Gaeilge ar fáil sa cheantar mar gheall ar rath na seirbhíse 		

- | | |
|--|--|
| | <ul style="list-style-type: none"> • Aiseolas a fháil ó thuismitheoirí na bpáistí bunscoile a bhain úsáid as an réamhullmhúchán mar gheall ar rath na seirbhíse |
|--|--|

8.4.4 Tacaíochtaí Teanga

Sonraíodh cheana dualgais éagsúla an Oifigigh Teanga. Mar chuid dóibh, beidh feidhm tacaíochta ag an Oifigeach i dtaca le tacaíochtaí a thabhairt do ghrúpaí / do chumainn / do chlubanna agus do ghnólachtaí an cheantair.

8.5 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile.

8.5.1 Ógclubanna An Cheantair

Ritear ógclubanna in Ionad Pobail Mhachaire Rabhartaigh; An Club Spóirt & Spraoi, Páistí Cois Mara agus Club Óige Chríost Rí. Tá an trí chlub seo cláraithe le Muintearas Teo. agus eatarthu, tá 165 ball san aoisghrúpa ó chúig bliana go ocht mbliana déag d'aois. Is í an Ghaeilge teanga cumarsáide na gclubanna seo. Bíonn éileamh mór ar na himeachtaí agus déantar freastal maith orthu. Tá cruinnithe agus imeachtaí an chlub óige i gcónaí trí mheán na Gaeilge. Tá an Ghaeilge an-láidir sa chlub ach tá sé tábhachtach go mbeadh daoine ann i gcónaí a thabharfaidh tús áite don Ghaeilge sa todhchaí fosta. Moltar ógclubanna eile a bhunú i gCloich Cheann Fhaola bunaithe ar an mhúnla atá in úsáid in Ionad Pobail Mhachaire Rabhartaigh. Déanfar seo chun córas óige níos cuimsithí a fhorbairt i gCloich Cheann Fhaola agus iarrachtaí leanúnacha a chur ar bun mar gheall ar labhairt na Gaeilge i measc an aois óig lasmuigh den chóras oideachais.

Tá dhá ionad Buail Isteach i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola. Tá ceann lonnaithe in Ionad Pobail Mhachaire Rabhartaigh agus tá an ceann eile lonnaithe i bhfoirgneamh Pobail le Chéile, CDP Teo., ar an Fhál Carrach. Déanann an dhá ionad Buail Isteach freastal ar dhaltáí ó Phobalscoil Chloich Cheann Fhaola.

Beart	Ógclubanna na gCroisbhealaí		
Réimsí an Bhirt	C (Seirbhísí don Aos Óg) & J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	10,11		
Aidhm an Bhirt	Gaeilge Labhartha i measc na bpáistí / na ndéagóirí ar an Fhál Carrach lasmuigh den chóras oideachais a fhorbairt.		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Trí ógclub a bhunú ar an Fhál Carrach; • 5 – 8 mbl d'aois: Leanaí na gCroisbhealaí • 9 – 12 mbl d'aois: Páistí na gCroisbhealaí • 13 – 18 mbl d'aois: Club Óige na gCroisbhealaí • Córas Céimnithe do pháistí an cheantair • Imeachtaí dírithe ar shainspéiseanna na n-aoisghrúpaí éagsúla • Polasaí Láidir na Gaeilge curtha i bhfeidhm ó bhunú na gclubanna • Earcaíocht a dhéanamh ar dhaoine áitiúla a fheidhmeoidh mar cheannairí agus traenáil a sholáthair dóibh (Féach ar Bheart a 17) • Gréasán a chruthú i measc na gclubanna seo agus ógclubanna Gaeilge eile an cheantair 		
Príomhúinéir an Bhirt	Foireann an Oifigigh Teanga		
Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola	Foireann na Seanbheairice	Óige na Gaeltachta / Muintearas / Obair d'Ógra Éireann

Saolré an Bhirt	7 mbliana		
Costas Measta Iomlán	€65,000		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€5,000 an chéad bhliain (6 mhí – Iúil – Nollag) €10,000 gach bliain ina dhiaidh sin		
Foinse(i) Maoinithe	Údaras na Gaeltachta	Co Co. Dhún na nGall	Muintearas Teo.
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> Polasaí na Gaeilge a fheidhmiú go cothrom sa cheantar uile, cé go mbeidh cumais teanga éagsúla ag baill na gclubanna seo. 		
Conas a shárófar na dúshlán sin	<ul style="list-style-type: none"> Eolas / Dúshlán / Scileanna a mhalartú i measc cheannairí na gclubanna i gCloich Cheann Fhaola 		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	<ul style="list-style-type: none"> Aiseolas a fháil ó rannpháirtithe na gclubanna Aiseolas a fháil ó cheannairí na gclubanna 		

8.5.2 Traenáil Cheannairí na gClubanna Óige I gCloich Cheann Fhaola

Beart	Traenáil a sholáthar do Cheannairí na gClubanna Óige		
Réimsí an Bhirt	C (Seirbhísí don Aos óg)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	10, 11, 12		
Aidhm an Bhirt	Acmhainn na gCeannairí Óige a fhorbairt – idir traenáil, smaointe, agus tacaíocht ó fhoireann an Oifigigh Teanga		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Deacair na haidhmeanna thuas luaite i mBeart 8.5.1 a bhaint amach mura bhfuil Ceannairí na ndaoine óga muiníneach go bhfuil a gcuid ról slán agus go bhfuil an rud ceart á dhéanamh acu. Dearcthaí Diúltacha Stairiúla faoin Ghaeilge a sheachaint Inspreagthaí intreacha a chothú i measc pháistí / dhéagóirí an cheantair Modhanna Nuálaíoch a úsáid chun dul i bhfeidhm ar bhaill na gclubanna D'achan club óige / cumann spóirt le feidhm óige acu sa cheantar 		
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga (Príomhúinéir) Obair d'Ógra Éireann (Rannpháirtithe) Óige na Gaeltachta / Muintearas / Ógras / Cumann na bhFiann (Rannpháirtithe)		
Saolré an Bhirt	7 mbliana		
Costas Measta Iomlán	€7,000		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,000 = €200 x 5 Lá Traenála éagsúla in aghaidh na bliana		
Foinse(i) Maoinithe	An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige	Roinn na Gaeltachta	Muintearas Teo.
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> Córas gairmiúil a bhunú chun sochair na gceannairí óga agus dá bharr sin chun sochair na gclubanna óga / na gcumainn spóirt agus chun sochair pháistí an cheantair 		
Conas a shárófar na dúshlán sin	<ul style="list-style-type: none"> Taithí agus Cuidiú a lorg ó ghrúpaí eile a oibríonn leis an óige a fháil laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht 		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	<ul style="list-style-type: none"> Aiseolas a fháil ó rannpháirtithe na laethanta traenála 		

8.5.3 Deiseanna Sóisialta lasmuigh de shuíomh na gclubanna

Beart	Imeachtaí Déagóirí & Foireann an Oifigigh Teanga
Réimsí an Bhirt	C (Seirbhísí don Aos Óg) & J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire)

Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart		10,11	
Aidhm an Bhirt	Normalú a dhéanamh ar Imeachtaí Óige Gaeilge a chur ar siúl sa cheantar dírithe ar dhéagóirí an cheantair.		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Saoirse ag Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola / Foireann an Oifigigh Teanga imeachtaí bliantúla éagsúla a chur ar fáil dírithe ar dhéagóirí amháin. Comhphairtíocht le clubanna uile an cheantair dírithe ar an óige Aidhmeanna aontaithe roimh-ré idir na grúpaí thuasluaite a chomhlíonann na riachtanais seo <ul style="list-style-type: none"> Imeachtaí trí Ghaeilge a fhreastalaíonn ar dhéagóirí agus a chothaíonn úsáid shóisialta na Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais Imeachtaí dírithe ar shainspéiseanna na ndéagóirí Polasaí Láidir na Gaeilge curtha i bhfeidhm a luíonn le polasaí na n-ógclubanna Gréasán a chruthú i measc na gclubanna i gCloich Cheann Fhaola agus ógclubanna Gaeilge Thír Chonaill trí chéile 		
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga (Príomhúinéir) Ógclubanna uile Chloich Cheann Fhaola Óige na Gaeltachta / Muintearas / Obair d'Ógra Éireann		
Saolré an Bhirt	Bliain a 1: Socruithe & Ullmhúchán Bliain a 2 – 7: Feidhmiú an Bhirt		
Costas Measta Iomlán	€16,200		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€2,700 = €900 x 3 imeacht in aghaidh na bliana		
Foinse(i) Maoinithe	Urraíocht ag cliantchomhlachtaí Ú na G	An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige	Roinn na Gaeltachta
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> Polasaí na Gaeilge a fheidhmiú go cothrom sa cheantar uile, cé go mbeidh cumais teanga éagsúla ag baill na gclubanna éagsúla. 		
Conas a shárófar na dúshláin sin	<ul style="list-style-type: none"> Eolas / Dúshláin / Scileanna a mhalartú i measc cheannairí na gclubanna i gCloich Cheann Fhaola 		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	<ul style="list-style-type: none"> Aiseolas a fháil ó rannpháirtithe na n-imeachtaí Aiseolas a fháil ó cheannairí na gclubanna 		

8.6 Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais

8.6.1 Ranganna Gaeilge an Duine Fásta

Beart	Sraith Ranganna Gaeilge a chur ar fáil ag leibhéal éagsúla in áiteanna éagsúla sa LPT		
Réimsí an Bhirt	D(Deiseanna Foghlama lasmuigh den chóras oideachais)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart		11,12	
Aidhm an Bhirt	<ul style="list-style-type: none"> Cumas & Muinín Fhoghlaimeoirí na Gaeilge a fhorbairt; Córas céimnithe a shocrú i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil struchtúrtha a spreagfaidh muinín an fhoghlaimeora 		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Ranganna a) Glantosaítheoirí b) Beagán Focal c) Gaeilge Réasúnta Ranganna saor in aisce /costas fíor-íseal 		

Bearta Phlean Teanga Chloich Cheann Fhaola

	<ul style="list-style-type: none"> Ranganna céimnithe leanúnacha: Ag iarraidh go mbogfaidh daoine ar aghaidh ó leibhéal amháin go dtí an chéad leibhéal eile Eolas breise cuimsitheach faoin mbeart in Aguisín H
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola An tSeanbheairic / Pobal Eascarrach / Ionad Mhachaire Rabhartaigh
Saolré an Bhirt	Bliain 2, 3, 4, & 5
Costas Measta Iomlán	€12,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€3,000 = 5 rang x 20 seachtaine x €30 ráta múinteoireachta (5 = 2 Rang A, 2 Rang B, 1 Rang C)
Foinse(i) Maoinithe	Urraíocht ó chliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> Gríosú a dhéanamh orthu siúd atá ag iarraidh teacht go ranganna Teacht áitiúil ar na ranganna Na ranganna a chur in óiriúint do chumais teanga éagsúla na rannpháirtithe Líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna seo a choinneáil ard i rith na bliana
Conas a shárófar na dúshlán sin	<ul style="list-style-type: none"> Ranganna mealltacha dírithe ar riachtanais agus ar mholtaí na rannpháirtithe Spríocanna Réadúla a thabhairt do rannpháirtithe Ranganna Comhrá-bunaithe le strúchtúr agus béimeanna faoi leith achan t-seachtain Ranganna a sholáthar in ionaid éagsúla timpeall an cheantair
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Ceistneoirí Aiseolais ag deireadh na ranganna éagsúla

8.6.2 Ceardlanna Eile an Duine Fásta

Beart	Sraith Ceardlanna Sóisialta a Reáchtáil trí Ghaeilge
Réimsí an Bhirt	J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire) & D (Deiseanna Foghlama lasmuigh den chóras oideachais)
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	11,12
Aidhm an Bhirt	Forbairt Scileanna a sholáthar don phobal trí mheán na Gaeilge sa cheantar
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Ní ranganna Gaeilge atá ann, ceardlanna trí Ghaeilge atá i gceist leis an mholadh seo. Ranganna agus ceardlanna eile nach ndíríonn ar chúrsaí Gaeilge amháin, ach a thugann deiseanna do bhaill an phobail scileanna éagsúla a fhorbairt trí mheán na Gaeilge. Ceol / Ealaíon / Cúrsaí Teicneolaíochta / Scríbhneoirí / srl Íocfaidh rannpháirtithe na ranganna as costas na ranganna seo ach déanfar iarracht tacaíochtaí a thabhairt do lucht stiúrtha na ranganna (seomraí ar rátaí laghdaithe srl)
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga (Príomhúinéir) An tSeanbheairic / Pobal Eascarrach / Ionad Pobail Mhachaire Rabhartaigh Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola Ceoltóirí / Ealaíontóirí 7rl Ealaín na Gaeltachta Teo.
Saolré an Bhirt	7 mbliana

Dúshlám an Chuir i bhFeidhm	Teagascóirí / Áisitheoirí a fháil leis an chumas san ábhar agus sa Ghaeilge
Conas a shárófar na dúshlám sin	Tús a chur leis na ranganna seo ag baint leasa as daoine sa cheantar a mbíonn scileanna éagsúla acu agus cumas maith Gaeilge fosta
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Ceistneoirí Aiseolais ag deireadh na ranganna éagsúla

8.7 An Earnáil Ghnó & Turasóireachta

8.7.1 Tacaíochtaí Ghnó Fhoireann an Oifigigh Teanga do Ghnólachtaí an Cheantair

Úsáidfeadh modhanna mealltacha agus spreagthaí chun dul i bhfeidhm ar lucht bainistíochta ghnólachtaí Chloich Cheann Fhaola.

Beart	Tacaíochtaí Rialta an Oifigigh Teanga do Ghnólachtaí an Cheantair	
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart		11,13, 14
Aidhm an Bhirt	Tacaíochtaí Praiticiúla a chur ar fáil do lucht ghnó an cheantair chun cuidiú leo seirbhísí / fógraíocht / srl a chur ar fáil trí Ghaeilge	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Comhairle ghníomhach a thabhairt do lucht bainistíochta na ngnólachtaí atá ag iarraidh forbairt a dhéanamh ar réimse na seirbhísí a chuirtear ar fáil sa ghnó sin • Forbairt a dhéanamh ar pholasaí teanga & earcaíochta do ghnólachtaí an cheantair bunaithe ar chreatlach na Cairte Eorpaí • Tacaíochtaí maidir le feidhmiú na bpolasaithe fosta. • Fógraíocht, Comharthaíocht, Tairiscint Ghníomhach na Gaeilge agus gnéithe eile mar chuid den pholasaí • Rogha teanga an chustaiméara mar chroílár na seirbhíse • Seirbhís Aistriúcháin a chur ar fáil do chomharthaíocht / fógraíocht ag baint leasa as Gaeilge na háite • Leibhéal na Gaeilge scríofa atá le feiscint sna gnólachtaí a mhéadú fosta. • Traenáil Phraiticiúil do Bhaill Foirne na ngnólachtaí chun a gcuid muiníne a ardú agus conas seirbhís dhátheangach éifeachtach a chur ar fáil • Stádas Aitheantais a bhaint amach ag na gnólachtaí is gníomhaí - Marc Q Fhoras na Gaeilge • Spreagthaí a sholáthar do ghnólachtaí a bhaineann leas as an Ghaeilge ar fhógraíocht, ar chomharthaíocht, a úsáideann an tairiscint ghníomhach, a chuireann a bpolasaithe teanga i bhfeidhm go gníomhach 	
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga & Gnólachtaí Chloich Cheann Fhaola (Príomhúinéirí) Cumann Turasóirí & Trádálaithe an Fháil Charraigh	
Saolré an Bhirt	Bliain 2 - 6	
Costas Measta Iomlán	€10,500	
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,750 €1,000 Traenáil phraiticiúil do ghnólachtaí (4 seisiún x €250 áisitheoir ghnó) €750 (Clódoireacht & Póiblíocht) Na costais eile mar chuid de shíolchiste Fhoireann an Oifigigh Teanga	

Foinse(i) Maoinithe	Foras na Gaeilge	Údarás na Gaeltachta	
Dúshlám an Chuir i bhFeidhm	An Buairt ar ghnólachtaí an cheantair go mbeadh costas ag baint le seirbhísí de chuid an Oifigigh Teanga		
Conas a shárófar na dúshlám sin	Soiléirigh trí phoiblíocht éifeachtach leis na gnólachtaí nach mbeidh costas ag baint leis na hoibre seo agus go ndéanfar é go gairmiúil, go gasta agus gan praghas ar bith orthu		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Taifead a choinneáil ar líon na ngnólachtaí a bhaineann leas as an scéim seo		

8.7.2 Tairiscint Ghníomhach na Gaeilge (Feachtas Feasachta & Feidhmnithe)

Beart	Rogha Teanga / Feachtas na Tairisceana Gníomhaí		
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart			11, 12, 13
Aidhm an Bhirt	An Tairiscint Ghníomhach a chur ar fáil do chustaiméirí na ngnólachtaí éagsúla – Rogha Teanga a thairiscint dóibh		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Rannpháirtíocht & Toil an Chomhlachta ag teastáil, • Rogha Teanga a thairiscint do bhaill an phobail ón chéad nóiméad ag plé leo • Ag cruthú nósanna nach mbíonn an dualgas ar an chustaiméir an tseirbhís a lorg i nGaeilge i dtosach. • Lig don chustaiméir a rogha teanga a úsáid ina dhiaidh sin • Gné den traenáil a chuirfear ar fáil ag foireann an Oifigigh Teanga • Ag cinntiú go labrófar Gaeilge le daoine agus gan glacadh leis nach bhfuil Gaeilge ag daoine nach labhraíonn an Ghaeilge i dtosach (ceist na muiníne, nósmaireacht an ghnólachta, turasóirí ó áiteanna eile in Éirinn, turasóirí eile gur mhaith leo Gaeilge a chleachtadh / a chloisteáil) • Céadaoin le Gaeilge a thosú i siopaí an cheantair le linn tréimhse áirithe chun muinín na gcustaiméirí agus muinín bhaill foirne na ngnólachtaí a fheabhsú • Lainnéir a thabhairt do bhaill foirne ag léiriú; <ul style="list-style-type: none"> ○ Tá cúpla focal agam ○ Gaeilge Mheasartha agam ○ Gaeilge líofa agam 		
Páirtithe Leasmhara	Gnólachtaí le tacaíocht ó Fhoireann an Oifigigh Teanga Lucht Bainistíochta na nGnólachtaí Pobal Chloich Cheann Fhaola		
Saolré an Bhirt	Bliain 2 - 7		
Costas Measta Iomlán	€12,000		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,000 (4 Seisiún Treanála x €250) €1,000 – Ábhar Bolscaireachta, Clódóireacht 7rl)		
Foinse(i) Maoinithe	Urraíocht ó Chliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta	Údarás na Gaeltachta	Foras na Gaeilge (Scéim Tacaíochta Gnó)
Dúshlám an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> • Muinín & Bród an Phobail a ardú • Muinín Bhaill Foirne na ngnólachtaí a chumasú 		
Conas a shárófar na dúshlám sin	<ul style="list-style-type: none"> • Feasacht an phobail a dhíriú ar an scéim seo roimh ré • Treanáil Éifeachtach a sholáthar do ghnólachtaí 		

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Aiseolas a fháil ó lucht bainistíochta na ngnólachtaí, ó bhaill foirne na ngnólachtaí, ó bhaill an phobail
--	--

8.7.3 Gradaim Ghnó Gaeilge Chloich Cheann Fhaola

Beart	Gradaim Ghnó Gaeilge Chloich Cheann Fhaola		
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart			13, 19
Aidhm an Bhirt	Spreagthaí fiúntacha praiticiúla a thabhairt do ghnólachtaí an cheantair úsáid na Gaeilge a mhéadú & a normalú. Moladh, tacaíocht, agus bolscaireacht a dhéanamh do na ghnólachtaí is mó ó thaobh úsáid na Gaeilge de sa cheantar.		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Gearrliosta gradaim a fhógairt agus buaiteoirí a roghnú achan bliain • 4 chatagóir éagsúla • An tSeirbhís Ghaeilge • An Ghaeilge & Comharthaíocht / Fógraíocht • An Ghaeilge & Na Meáin Shóisialta • An Ghaeilge & An Tairiscint Ghníomhach 		
Príomhúinéir an Bhirt	Foireann an Oifigigh Teanga (Príomhúinéir) Cumainn Tradálaithe & Turasóirí an LPT (Rannpháirtithe) Pobal Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe) Údarás na Gaeltachta (Rannpháirtithe)		
Saolré an Bhirt	<ul style="list-style-type: none"> • 7 mbliana (Ainmniúcháin i Mí Lúnasa, Gradaim á mbronnadh i mí na Samhna gach bliain) • Tús a chur leis an chomórtas i mí Lúnasa 2017 		
Costas Measta Iomlán	€7,000		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,000		
Foinse(i) Maoinithe	Údarás na Gaeltachta	Foras na Gaeilge	
Dúshláin an Chuir i bhfeidhm	<ul style="list-style-type: none"> • Muintín an Phobail, muintín na mbaill foirne & muintín lucht bainistíochta na ngnólachtaí a mhéadú i luathbhlianta na scéime seo 		
Conas a shárófar na dúshláin sin	Tacaíochtaí Leanúnacha an Oifigigh Teanga, Feachtas Poiblíochta & Feasachta ar na Gradaim Ghnó		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe i ndiaidh na himeachta in 2017, Aiseolas a fháil ó chomhlachtaí an cheantair agus baill an phobail.		

8.7.4 Seirbhísí Bainc Chloich Cheann Fhaola

Beart	Seirbhísí Gaeilge Cuimsitheacha sna Bainc		
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart			13, 19
Aidhm an Bhirt	An Nasc idir cúrsaí airgeadais & an Ghaeilge a láidriú; Normalú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge i suíomhanna riaracháin, ceannais & airgeadais.		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Níl Meaisín Bainc (ATM) le Gaeilge ar an Fhál Carrach faoi láthair cé go mbíonn a leithéid i go leor ceantar eile laistigh & lasmuigh den Ghaeltacht leo. • Freastal níos iomláine ag teastáil ó chustaiméirí de chuid na mbanc sa cheantar. 		

	<ul style="list-style-type: none"> • Normalú a dhéanamh ar sheirbhísí Gaeilge a lorg agus a fháil ó Bhanc na hÉireann (Oifig acu ar an Fhál Carrach) agus ó Bhainc Aontas Éireann (AIB, Banc Taistil a thagann go dtí an Fhál Carrach)
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga (príomhúinéir) Lucht Bainistíochta Bhanc na hÉireann (BOI)/ Bhainc Aontas Éireann (AIB) Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta
Saolré an Bhirt	Bliain 1 & 2
Costas Measta Iomlán	Beidh costais ar na comhlachtaí bainc seirbhísí a sholáthar, meaisín a athrú (Treanáil saor in aisce ó Fhoireann an Oifigigh Teanga)
Foinse(i) Maoinithe	Na Comhlachtaí Bainc féin
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	Toil Lucht Bainistíochta na mBanc
Conas a shárófar na dúshláin sin	Próiseas Comhairliúcháin a thosú le hionadaithe na mbanc
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Taifead a choinneáil ar dul chun cinn na hoibre seo

8.7.5 Ár nOidhreach, Do Shaoire –Our Heritage, Your Holiday (Feachtas Turasóireachta Chloich Cheann Fhaola)

Tagann go leor turasóirí ar chuairt go Cloich Cheann Fhaola agus tá méadú ag teacht ar líon na dturasóirí mar gheall ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin le déanaí. Taistealaíonn na turasóirí anseo chun blaiseadh a fháil d'oidhreach, do chultúr agus do thírdhreach shlí an Atlantaigh Fhiáin. Is é ceantar Chloich Cheann Fhaola ceann de na céad cheantair Ghaeltachta ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin (do na daoine atá ag teastáil ó dheas). Mar sin, tá féidearthachtaí millteanacha maithe ag an cheantar seo gné uatháil a dhéanamh den teanga do thurasóirí ó Éirinn agus thar lear a thagann tríd an Fhál Carrach, Gort a' Choirce, Machaire Rabhartaigh. Tuigtear go maith nach mbeadh na turasóirí uile líofa ach is gá a aithint go dtig le muintir Chloich Cheann Fhaola taithí éagsúil a thairiscint dóibh: Baile Gaeltachta ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Beart	Ár nOidhreach, Do Shaoire - Feachtas Turasóireachta Chloich Cheann Fhaola	
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	3, 13, 19	
Aidhm an Bhirt	Úsáid a bhaint as Shlí an Atlantaigh Fhiáin chun aitheantas a thabhairt don Cheantar seo mar cheantar Ghaeltachta ar ardán domhanda.	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Blaiseadh a thabhairt do thurasóirí dár n-oidhreach, dár dteanga agus dár gcultúr. • Comhtháthú ar líon na n-imeachtaí dátheangacha sa cheantar do thurasóirí ó áiteanna eile in Éirinn agus lasmuigh den tír fosta. • Gnólachtaí an cheantair a spreagadh chun a bheith mar pháirt den fheachtas seo chun sochair na heacnamaíochta i gCloich Cheann Fhaola. • Forbairt Chomhtháite le déanamh ar shuíomhanna turasóireachta sa cheantar • Tuilleadh Eolais faoi in Aguisín H 	
Páirtithe Leasmhara	Cumann na dTrádálaithe & Turasóireachta & Foireann an Oifigigh Teanga Slí an Atlantaigh Fhiáin & Fáilte Éireann (Rannpháirtithe) Seirbhísí Turasóireachta Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe) Comhairle Contae Dhún nan Gall (Rannpháirtithe)	

Saolré an Bhirt	Bliain a 1: Comhtháthú a dhéanamh ar an bheart seo, scéimeanna píolótacha a réachtáil, Tacaíocht a fháil ó na hÚdarás turasóireachta. Bliain a 2 - 7: Forbairt a dhéanamh ar an bheart seo de réir mar a fheictear deiseanna forbartha sa cheantar		
Costas Measta Iomlán	Costas Iomlán na hoibre le fiosrú – braitheann an costas ar uaimhian an fheachtais		
Foinse(i) Maoinithe	An Roinn Iompar & Turasóireachta	Fáilte Éireann	Co. Co Dhún na nGall Údarás na Gaeltachta
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Toil na nÚdarás uile a chomhtháthú chun sochair chúrsaí turasóireachta an cheantair.		
Conas a shárófar na dúshlán sin	Tús a chur le Próiseas Comhairliúcháin leis na grúpaí turasóireachta cuí		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe i ndiaidh na scéime in 2017, Aiseolas a fháil ó chomhlachtaí an cheantair agus baill an phobail mar aon le tuairimí na nÚdarás turasóireachta.		

8.7.6 Geilleagar Gaeilge Chloich Cheann Fhaola

Beart	Geilleagar Gaeilge Chloich Cheann Fhaola		
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta) & F(Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	8, 13, 14		
Aidhm an Bhirt	Fostaíocht Ghaeilge a chruthú don cheantar agus breis acmhainní a chruthú do phobal na Gaeilge		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Comharchumann a bhunú • Taighde Breise a dhéanamh ar éilimh • Comhtháthú a dhéanamh ar na hearraí / na hacmhainní Gaeilge éagsúla atá ar fáil cheana féin • Suíomh Oibre a aimsiú (Eastát Tionsclaíochta an Fháil Charraigh) • An Ghaeilge – Teanga Oibre an Chomharchumainn • Fostaíocht do bhaill an phobail sa cheantar. 		
Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Fhaola (Príomhúinéir) Údarás na Gaeltachta (Rannpháirtithe) Baill an Phobail (Rannpháirtithe)		
Saolré an Bhirt	Bliain a 1: Comharchumann a bhunú, Plean a fhorbairt, taighde a dhéanamh, costais an ghnó a fhiosrú, ullmhúcháin a dhéanamh ar ionad oibre, srl Bliain a 2: Plean Airgeadais Cuimsitheach a fhorbairt Bliain 3/4 - 7: Forbairt a dhéanamh ar an ghnó de réir mar a éiríonn leis an chomharchumann		
Costas Measta Iomlán	Costas Iomlán na hoibre le fiosrú ach tacaíochtaí de dhíth ó Údarás na Gaeltachta (idir mheantóireacht agus chostais nua-thionscanta)		
Foinse(i) Maoinithe	Údarás na Gaeltachta	Fionraíocht Éireann	
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Féidearthachtaí Móra an tionscnaimh seo a fhíorú chun sochair Chloich Cheann Fhaola		
Conas a shárófar na dúshlán sin	Comhairliúchán a thosú le hÚdarás na Gaeltachta ar an tionscnamh seo láithreach		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe le bheith ag an chomharchumann a bhunófar gach sé mhí		

8.7.7 Íomhá Ealaíne & Íomhá na Gaeltachta

Beart	Ealaín Ghaelach a Choimisiúnú do bhallaí /foirgnimh neamhshealbaithe an Cheantair		
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart			12, 19
Aidhm an Bhirt	Forbairtí Íomhá Chloich Cheann Fhaola mar cheantar láidir na Gaeilge		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Cead a fháil Saothair Ealaíne na Gaeltachta a chur ar fhoirgnimh nach bhfuil in úsáid a thuilleadh ar an Fhál Charrach, Sráidbhaile Ghort a' Choirce • Íomhá an Cheantair a fheabhsú • Muinín mhuintir na háite a mhéadú • Cuma na háite a réitiú do thurasóirí • Díol Spéise a dhéanamh astu 		
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga Sealbhóirí na bhFoirgnimh Éagsúla Comhairle Contae Dhún na nGall Ealaíontóirí an Cheantair Ealaín na Gaeltachta Teo Scéim Chéatadáin don Ealaíon		
Saolré an Bhirt	Bliain 2 - 5		
Costas Measta Iomlán	Costas Iomlán na hoibre le fiosrú		
Foinse(i) Maoinithe	Ealaín na Gaeltachta	Roinn na Gaeltachta	Co. Co Dhún na nGall
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	Dearcthaí éagsúla fá choinne na saothar.		
Conas a shárófar na dúshláin sin	Aontú a fháil ar na saothair sula gcuirtear i gcrích iad		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Foireann an Oifigigh Teanga freagracht as feidhmiú an bhirt seo. Cruinniú Athbhreithnithe idir foireann an Oifigigh Teanga agus Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola.		

8.7.8 Féilte an Cheantair

Beart	Féilte Gaeltachta an Cheantair a fhorbairt chun daoine a mhealladh chuig Cloich Cheann Fhaola		
Réimsí an Bhirt	E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta) & J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart			10, 11, 12
Aidhm an Bhirt	<ul style="list-style-type: none"> • Deiseanna Sóisialaithe poiblí trí Ghaeilge a chothú sa cheantar • Céimeanna a ghlacadh ionas go dtiocfaidh feabhas ar líon na gcuariteoirí a thagann chuig Chloich Cheann Fhaola / Clú a atarraingt ar Chloich Cheann Fhaola fá choinne na Gaeilge agus fá choinne na hoidhreachta 		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Forbairt a dhéanamh ar fhéidearthachtaí mar gheall ar thurasóirí Shlí an Atlantaigh Fhiáin • Naisc a dhéanamh idir bolscaireacht Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Féilte an Cheantair <ul style="list-style-type: none"> ○ Féile Inis Bó Finne ○ Féile Ghort a' Choirce ○ Féile na Seanbheairice ○ Siúlóidí Oidhreachta Thulacha Beigile 		

	<ul style="list-style-type: none"> ○ Féile Damhsa Gaelach Ghort a' Choirce ○ Go leor eile nach iad ● Feachtas do mhuintir Uladh agus do mhuintir na hÉireann fosta, 'Blas Chloich Cheann Fhaola' ● Gné Gaeilge Féilte eile an cheantair a mhéadú bliain in aghaidh bliana; <ul style="list-style-type: none"> ○ FestiFál ● Féile Scríbhneoireachta /Cumadóireachta a thosú sa cheantar 		
Páirtithe Leasmhara	Coistí na bhFéilte i gcomhpháirtíocht le Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola An Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt		
Saolré an Bhirt	7 mbliana		
Costas Measta Iomlán	€12,600		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,800 = €300 bolscaireacht & clódóireacht x 5 Fhéile éagsúla (ag an leibhéal áitiúil) Infheistíocht bhreise ag teastáil ag leibhéal an Stáit		
Foinse(i) Maoinithe	An Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt Údarás na Gaeltachta Foras na Gaeilge Co.Co. Dhún na nGall	FLAGS	Fáilte Éireann
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Go ndéanfar an infheistíocht chúí chun feachtais feasachta turasóireachta a chur ar bun sa cheantar seo.		
Conas a shárófar na dúshlán sin	<ul style="list-style-type: none"> ● Próiseas Comhairliúcháin a chur ar bun le Fáilte Éireann 		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Ról Lárnach ag Foireann an Oifigigh Teanga agus Coistí na bhFéilte sa cheantar mar gheall ar fheidhmiú an bhirt seo. Cruinniú eatarthu roimh agus i ndiaidh na n-imeachtaí		

8.8 Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn

8.8.1 Tacaíocht Phraiticiúil, Forbairt & Feidhmiú Pholasaithe Teanga

Beart	Polasaí Soiléir Scríofa na Gaeilge in Eagraíochtaí Pobail / Clubanna / Cumainn an Cheantair & Tacaíochtaí Teanga a thairiscint		
Réimsí an Bhirt	F (Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn) & J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	10, 11, 15		
Aidhm an Bhirt	Tacaíochtaí Praiticiúla a thabhairt do ghrúpaí, choistí agus eagraíochtaí pobail polasaí na Gaeilge a fhorbairt agus a fheidhmiú		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> ● Forbairt an pholasaí roinnte idir baill na gcoistí agus foireann an oifigigh teanga agus comhpháirtíocht iomlán ar siúl eatarthu. ● Cuidiú de dhíth le feidhmiú na bpolasaithe fosta ● Tacaíocht ó fhoireann an Oifigigh Teanga ● Cuirfear ceardlanna agus áiseanna ar fáil do na cóistí atá ag iarraidh leibhéal úsáide na Gaeilge a fhorbairt ag cruinnithe / imeachtaí poiblí ● Traenáil a thabhairt do choistí an cheantair ar cheist na teanga agus an dóigh le féinmhuinín bhaill an ghrúpa a fhorbairt agus meas an ghrúpa a chruthú agus a chothú i leith na Gaeilge ● Oifigeach Gaeilge / Ball Fhóram Pleanála Chloich Cheann Fhaola a cheapadh ag achan grúpa 		

	<ul style="list-style-type: none"> Soláthróidh foireann an Oifigigh Teanga foclóir / téarmaí Gaeilge/ srl a bheidh fóirsteanach do choistí /do ghrúpaí an cheantair agus iad i mbun a ngnó
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga i gcomhpháirtíocht le coistí na ngrúpaí
Saolré an Bhirt	<ul style="list-style-type: none"> 7 mBliana; Ag tosú leis na grúpaí leis an mhéid is mó tionchar ar dhaoine sa cheantar: Clubanna Spóirt. Polasaí ag achan club roimh dheireadh 2020 2020 – 2024: Forbairt a dhéanamh ar an traenáil phraiticiúil a chuirfear ar bun agus monatóireacht / moltaí ar fheidhmiú na bpolasaithe.
Costas Measta Iomlán	€12,600
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,800
Foinse(i) Maoinithe	Údarás na Gaeltachta
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Polasaithe a shocrú in oiriúint do bhaill na ngrúpaí éagsúla ach caighdeánú a fháil sa cheantar trí chéile
Conas a shárófar na dúshlán sin	<ul style="list-style-type: none"> Teagmháil rialta a choinneáil leis na grúpaí / clubanna /cumainn /eagraíochtaí. Leas a bhaint as na feachtais feasachta eile agus bearta eile an phlean seo chun an bearna a laghdú idir cleachtais teanga an phobail & dearthaí teanga an phobail, de réir mar a sonraíodh sna torthaí taighde
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Teagmháil rialta idir foireann an Oifigigh Teanga agus baill na gcoistí

8.8.2 Seirbhísí Reiligiúnacha & Eaglasta

Is léir, ón taighde, go labhraítear an Ghaeilge go forleathan i réimse an chreidimh, ach go háirithe san Eaglais Chaitliceach, i gCloich Cheann Fhaola

Beart	Tacaíocht Phraiticiúil a sholáthar
Réimsí an Bhirt	F (Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn) & J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire)
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	3,8, 10, 11, 18
Aidhm an Bhirt	Comhairliúchán Éifeachtach a fhorbairt ar bhonn rialta idir pleanáil teanga Chloich Cheann Fhaola agus údarais áitiúla na heaglasta. Déanfar seo chun a chinntiú go léanfar le cothú na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola sna blianta romhainn
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Cinnteacht a fháil go leanfar le tacaíocht, le cleachtais dhearfacha agus le buanú na Gaeilge mar chuid de sheirbhísí na heaglaise i gCloich Cheann Fhaola
Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Cloich Cheann Fhaola Sagairt an Pharóiste Oifig Dheoise Ráth Bhoth
Saolré an Bhirt	7 mbliana
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Caidreamh dearfach a choinneáil agus a chothú sna blianta romhainn
Conas a shárófar na dúshlán sin	Ní chreidtear go mbeidh deacracht leis an bheart seo
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Taifead a choinneáil ar theagmháil idir na páirtithe leasmhara éagsúla

8.9 Na Meáin Chumarsáide

8.9.1 Íomhá Chloich Cheann Fhaola

Beart	Íomhá Chloich Cheann Fhaola a fhorbairt mar cheantar láidir Gaeltachta	
Réimsí an Bhirt	G (Na Meáin Chumarsáide), J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire) & E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	12, 16	
Aidhm an Bhirt	Bród an Phobail a fhorbairt sa cheantar agus muinín a chruthú i measc ár muintir féin i dtaobh na Gaeilge agus a leas chun sochair gheilleagar an cheantair.	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Leas a bhaint as meáin chumarsáide an cheantair chun scéal dearfach na Gaeilge a chur amach i gCloich Cheann Fhaola & sa chontae /tír agus an nasc a chruthú gur ceantar eiseamláireach é Cloich Cheann Fhaola a bhaineann le scoth na Gaeilge, na h-oidhreacht agus an chultúr Ghaelaigh. • Bród a fhorbairt i gCeantar Chloich Cheann Fhaola arís mar cheantar saibhir na Gaeilge agus an Teachtaireacht (Brandáil) sin a chur amach go láidir i mbéal an phobail. • Dualgais ar fhoireann an Oifigigh Teanga scéalta a chur amach chuig meáin chumarsáide an cheantair 	
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga (príomhúinéir) Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola (Rannpháirtithe) Raidió na Gaeltachta (Rannpháirtithe) Highland Radio (Rannpháirtithe) Mara Duit (Rannpháirtithe) Páipéir Áitiúla (Rannpháirtithe)	
Saolré an Bhirt	7 mBliana	
Costas Measta Iomlán	Síolchiste Fhoireann an Oifigigh Teanga	
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Leanúnachas na teachtaireachta – go gcoinneoidh foireann an Oifigigh Teanga ag cur nuachta chuig na páipéir, chuig na stáisiúin raidió, srl	
Conas a shárófar na dúshlán sin	Comhad a choinneáil a léiríonn na scéalta uile a foilsíodh /a craoladh agus athbhreithniú a dhéanamh go míosúil ar an obair seo	
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe le Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola.	

8.9.2 Suíomh Idirlín Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola

Beart	Suíomh Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola a fhorbairt	
Réimsí an Bhirt	G (Na Meáin Chumarsáide)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	10, 16, 19	
Aidhm an Bhirt	Suíomh Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola a fhorbairt mar shuíomh lárnach an eolais Ghaelaigh i gCloich Cheann Fhaola	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Áis Phoiblíochta Fhoireann an Oifigigh Teanga • Eolas Lárnach ar chúrsaí Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola ar fáil in aon áit amháin • Imeachtaí, Ranganna, Ceardlanna, Naisc, Polasaithe Teanga Samplacha, Bolscaireacht faoi ghnólachtaí atá ag cur seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge a chur ar www.pleanailteangachloichcheannfhaola.com • An t-eolas céanna a chur amach ar shuíomh Facebook & Twitter de chuid Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola chomh maith. 	

	<ul style="list-style-type: none"> Eolas ag teastáil ó ghrúpaí uile an cheantair a bheidh ag eagrú imeachtaí Gaeilge sa cheantar Feasacht an phobail a ardú maidir le húsáid na Gaeilge ag na himeachtaí poiblí seo.
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga & Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola
Saolré an Bhirt	7 mBliaana
Costas Measta Iomlán	€1,260
Costas Measta in aghaidh na bliana	€180 = €15 in aghaidh na míosa
Foinse(i) Maoinithe	Síochiste an Oifigigh Teanga
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	Eolas Reatha a choinneáil ar an suíomh, Nósmhaireacht a chruthú sa phobal faoi úsáid an tsuímh.
Conas a shárófar na dúshláin sin	Leas iomlán a bhaint as mar áis phoiblíochta agus tréimhse ama a chur ar leataobh ach an t-seachtain chun a chinntiú go gcoinneofar an t-eolas reatha ar an suíomh
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe le Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola.

8.9.3 Nuachtlitir ‘Mara Duit’

Beart	Mara Duit a fhorbairt	
Réimsí an Bhirt	G (Na Meáin Chumarsáide)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	16, 19	
Aidhm an Bhirt	Pobal Chloich Cheann Fhaola a choinneáil ar an eolas faoi chúrsaí Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Nuachtlitir ‘Mara Duit’- 4 eagrán in aghaidh na bliana, Scaipfear an nuachtlitir tríd an cheantair Eolas a thabhairt don phobal nach dtéann ag lorg eolais ar shuíomh Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola / ar na meáin shóisialta eile 	
Príomhúinéir an Bhirt	Foireann an Oifigigh Teanga & Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola	
Saolré an Bhirt	7 mbliana– 28 eagrán le linn na tréimhse sin	
Costas Measta Iomlán	€14,000	
Costas Measta in aghaidh na bliana	€2,000 = €500 x 4	
Foinse(i) Maoinithe	Údarás na Gaeltachta	
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> Leanúnachas na nuachtlitreach a chinntiú Dáileadh na nuachtlitreach go aoisghrúpaí éagsúla 	
Conas a shárófar na dúshláin sin	An freagracht a thabhairt go Foireann an Oifigigh Teanga / Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Cruinniú Athbhreithnithe le Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Foireann an Oifigigh Teanga.	

8.10 Seirbhísí Poiblí

Is léir ó thorthaí taighe an phlean seo nach bhfuil formhór na rannpháirtithe taighde sásta le caighdeán na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil dóibh sa cheantar. Aithnítear go mbíonn dualgais ar an phobail féin an t-éileamh a chruthú ach tugadh le fios nach mbíonn seirbhísí Gaeilge de chuid an Stáit ar fáil ag an chaighdeán céanna leis na seirbhísí Béarla. Dá bhrí sin, ní úsáideann formhór suntasach na ndaoine a mbíonn Gaeilge acu an Ghaeilge leis an Stát mar gheall air seo. Moltar bearta éagsúla sa phlean seo a chabródh go mór le pobal labhartha na Gaeilge sa

Ghaeltacht. Is gá a shoiléiriú áfach go mbeidh toil na n-údarás éagsúil ag teastáil chun feidhm a thabhairt do fhormhór na moltaí sa chuid seo den phlean.

8.10.1 Seirbhísí Dátheangacha Chomhairle Contae Dhún na nGall

Faoi láthair tá Comhairle Contae Dhún na nGall i mbun comhairliúcháin leis an phobal maidir le plean teanga na Comhairle Contae féin. Moltar na bearta seo a chur san áireamh

Beart	Seirbhísí Dátheangacha Comhchaighdeánacha
Réimsí an Bhirt	H (Seirbhísí Poiblí)
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	3, 13, 18
Aidhm an Bhirt	Seirbhísí Comhchaighdeánacha a sholáthar do phobal labhartha na Gaeilge
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís Chuimsitheach i nGaeilge a chur ar fáil in oifigí de chuid na Comhairle • Feachtas Feasachta a chur ar bun chun soiléiriú a dhéanamh ar na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil • Comhfhreagras trí Ghaeilge sna ceantair Ghaeltachta agus ‘rogha’ má bhíonn Béarla ag teastáil. • Poiblíocht / Fógraíocht a dhéanamh trí Ghaeilge / dátheangach • Earcaíocht a dhéanamh ar chainteoirí líofa – léirithe go minic ag oifig an Choimisinéara Teanga nach n-éireoidh le ranganna amháin chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí • Tairiscint Ghníomhach a oibráil ag oifigí uile na Comhairle chun normalú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge in áiteanna poiblí de chuid an Stáit.
Páirtithe Leasmhara	Comhairle Contae Dhún na nGall
Saolré an Bhirt	Bliain 3 - 7
Costas Measta Iomlán	Costas ar an Stáit
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Dúshlán roimh phobal na Gaeltachta a chur ina luí ar údarais na tíre go bhfuil gearghá le bearta praiticiúla a chuirfidh le normalú na Gaeilge
Conas a shárófar na dúshlán sin	Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta a dhírú ar fheachtas stocaireachta áitiúil agus ar fheachtas náisiúnta
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Comhairliúchán a thosú idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus Foireann an Oifigigh Teanga / Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta maidir leis an bheart seo

8.10.2 Fo-chonraitheoirí de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall

Beart	Seirbhís Gaeilge na bhFo-chonaitheoirí
Réimsí an Bhirt	H (Seirbhísí Poiblí)
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	3,13,18
Aidhm an Bhirt	Normalú a dhéanamh ar sheirbhísí Gaeilge a sholáthar sna ceantair Ghaeltachta
Eolas Breise faoi	Dualgais Teanga ar fho-chonaitheoirí de chuid na Comhairle de réir mar atá ar Chomhairle Contae Dhún na nGall; <ul style="list-style-type: none"> - Fógraíocht, - Comharthaíocht, - Seirbhísí, srl ach go háirithe sna ceantair Ghaeltachta
Páirtithe Leasmhara	Comhairle Contae Dhún na nGall An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúla An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe
Saolré an Bhirt	Bliain 3 - 7

Costas Measta Iomlán	Costas ar an Stáit
Dúshlám an Chuir i bhFeidhm	Dúshlám roimh phobal na Gaeltachta a chur ina luí ar údarás na tíre go bhfuil géarghá le bearta praiticiúla a chuirfidh le normalú na Gaeilge
Conas a shárófar na dúshlám sin	Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta a dhíriú ar fheachtas stocaireachta náisiúnta a chur i gcrích
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Comhairliúchán a thosú idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus Foireann an Oifigigh Teanga / Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta maidir leis an bheart seo

8.10.3 Pleananna Todhchaí de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall

Beart	Pleananna Todhchaí de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall	
Réimsí an Bhirt	H (Seirbhísí Poiblí)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	3, 13, 18	
Aidhm an Bhirt	Cinntiú nach dtiocfaidh aon phlean, straitéis na beart de chuid na Comhairle i bhfeidhm a thiocfadh salach ar chur chun cinn na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta agus a thógfaidh san áireamh riachtanais forbartha agus riachtanais teanga na Gaeltachta	
Páirtithe Leasmhara	Comhairle Contae Dhún na nGall Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Grúpaí eile de chuid na Gaeltachta sa chontae	
Saolré an Bhirt	7 mbliana	
Dúshlám an Chuir i bhFeidhm	Caidreamh muiníneach a chothú idir na pobail Ghaeltachta & Comhairle Contae Dhún na nGall	
Conas a shárófar na dúshlám sin	Comhairliúchán éifeachtach a fhorbairt ar bhonn rialta i measc na gceantar Gaeltachta agus Comhairle Contae Dhún na nGall	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Comhairliúchán a thosú idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus Foireann an Oifigigh Teanga / Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta maidir leis an bheart seo	

8.10.4 Seirbhísí Stáit

Beart	Cearta Teanga	
Réimsí an Bhirt	H (Seirbhísí Poiblí)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	3, 13, 18, 19	
Aidhm an Bhirt	Normalú a dhéanamh ar sheirbhísí Gaeilge a sholáthar sna ceantair Ghaeltachta	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhísí ardchaighdeánacha ag teastáil i gcomhair mhuintir na Gaeltachta • Cur i gcéill má iarrtar ar an phobal pleananna a shocrú agus a chur i bhfeidhm mura ndéantar mar an gcéanna sna ranna rialtais éagsúla • Feachtas Feasachta a chur ar bun chun soiléiriú a dhéanamh ar na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil • Comhfhreagras trí Ghaeilge sna ceantair Ghaeltachta agus ‘rogha’ má bhíonn Béarla ag teastáil. • Poiblíocht / Fógraíocht a dhéanamh trí Ghaeilge / dátheangach • Earcaíocht a dhéanamh ar chainteoirí líofa – léirithe go minic ag oifig an Choimisinéara Teanga nach n-éireoidh le ranganna amháin chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí 	

	<ul style="list-style-type: none"> Tairiscint Ghníomhach a oiráil ag oifigí uile an Chomhairle chun normalú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge in áiteanna poiblí de chuid an Stáit. Go ndéanfar na socrúithe cuí mar gheall ar an Ghaeilge i dtaca le hacmhainní, le hearcaíocht agus le caighdeán na seirbhíse nuair a bheidh pleananna nua de chuid an rialtais, de chuid na gcomhlachtaí poiblí, de chuid na n-eagraíochtaí stáit á bhforbairt.
Páirtithe Leasmhara	Comhlachtaí Poiblí / Ranna Rialtais /Eagraíochtaí Stáit Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola Na Grúpaí LPT eile sa tír Oifig an Choimisinéara Teanga Conradh na Gaeilge
Saolré an Bhirt	7 mbliana
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	Toil an Rialtais na bearta a fheidhmiú de réir a bpolasaithe féin
Conas a shárófar na dúshláin sin	Stocaireacht & Feachtais Leanúnacha sa phobal a dhíríonn ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Comhairliúchán Leanúnach a thosú idir na Ranna Rialtais éagsúla agus Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta maidir leis an bheart seo.

8.10.5 Seirbhísí Sláinte an Stáit

Beart	Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte	
Réimsí an Bhirt	H (Seirbhísí Poiblí)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	3, 13,18, 19	
Aidhm an Bhirt	Comhairliúchán Éifeachtach a fhorbairt ar bhonn rialta idir pleanáil teanga Chloich Cheann Fhaola, Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta & Ionadaithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> Dúshlán roimh an phobal seirbhísí sláinte a fháil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht Tuairimí an Choimisinéara Teanga mar gheall ar bhundhualgais na scéimeanna teanga ag luí le taithí na ndaoine sa cheantar seo 	
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga & Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	
Saolré an Bhirt	Bliain a 2 & 3 : Comhairliúchán a chur ar bun idir na bPáirtithe leasmhara Bliain a 4: Scéim Fhíolótach a chur ar bun Bliain 5 - 7: Forbairt a dhéanamh ar seirbhísí sláinte trí Ghaeilge; Leas a bhaint as an tairiscint ghníomhach i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sa cheantar	
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	Caidreamh a chothú idir pobal Chloich Cheann Fhaola & Oifigí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sa cheantar	
Conas a shárófar na dúshláin sin	Tacaíochtaí & Cuidiú a thairiscint do Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go háitiúil i gCloich Cheann Fhaola ó Fhoireann na hOifigigh Teanga	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Comhairliúchán a thosú idir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gContae Dhún na nGall agus Foireann an Oifigigh Teanga / Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta maidir leis an bheart seo	

8.11 Pleanáil & Forbairt Fhisiceach

8.11.1 Campas Cultúrtha Choláiste Uladh, Gort a' Choirce

Bunaíodh Coláiste Uladh i nGort a' Choirce i 1906. Ba í príomhaidhm an Choláiste an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn i gceantar Chloich Cheann Fhaola. Athlonnaíodh Coláiste Uladh ar shuíomh úr i 1968, i ndiaidh do Rialtas na hÉireann tacaíocht a thabhairt do phobal Gaeltachta Chloich Cheann Fhaola. Ar na mallaibh, níl an suíomh in úsáid mar is ceart.

De réir an taighde, creidtear go bhfuil éileamh reatha ann don Choláiste agus géarghá le forbairt a dhéanamh ar shuíomh Choláiste Uladh. Tá se i gcéist ag an choiste go ndéanfar seo. Is céim lárnach í seo, do phlean teanga Chloich Cheann Fhaola. Is gá bród an phobail a chothú, muinín na ndaoine a mhéadú, saol eacnamaíochta an cheantair a láidriú agus clú an cheantair a athfhógairt agus feictear, tríd taighde uile an phróisis seo, gur uirlis shaibhir í Coláiste Uladh, chun na haidhmeanna sin a bhaint amach.

Beart	Campas Choláiste Uladh, Gort a' Choirce a athoscailt mar Thearmann Teanga	
Réimsí an Bhirt	D (Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais), I (Pleanáil & Forbairt Fhisiceach) J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	3, 11, 12, 19	
Aidhm an Bhirt	Ionad Cultúrtha & Gaeilge Choláiste Uladh a athoscailt mar thearmann teanga chun sochair ceantar Chloich Cheann Fhaola. Is mian linn an cheantar a neartú i dtaca le cúrsaí Gaeilge, cúrsaí oidhreachta & cúrsaí cultúir	
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Coiste Choláiste Uladh a bhunú <ul style="list-style-type: none"> ○ Staidéar Féideartha a chur ar bun ○ Dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta, le Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta agus aon ghrúpa eile a chabhróidh le sruthanna maoinithe a aimsiú don tionscadal seo. • Suíomh Choláiste Uladh a cheannach <ul style="list-style-type: none"> ○ Athchóiriú a dhéanamh ar na foirgnimh & na tailte • Campas Cultúrtha & Gaeilge a fhorbairt ar shuíomh Choláiste Uladh <ul style="list-style-type: none"> ○ Cúrsaí Samhraidh do pháistí Ghaeltachta ○ Cúrsaí Samhraidh chomh maith céanna do pháistí na tíre a thugann deis dóibh teacht go Gort a' Choirce chun Gaeilge Uladh a chleachtadh (Déagóirí áitiúla a cheapadh mar chinnirí teanga). ○ Deiseanna sóisialta a chruthú do dhéagóirí an cheantair & déagóirí eile na tíre a mheascadh le chéile ○ Cúrsaí Saineolais Gaeilge do mhúinteoirí na tíre le béim ar leith ar Ghaeilge an cheantair ○ Cúrsaí dírithe ar fhéiniúlacht na ndaoine óga mar bhaill an phobail Ghaeltachta a láidriú • Oifig Bhuan Fhoireann an Oifigh Teanga a lonnú ar Champas Cultúrtha Choláiste Uladh go fadtéarmach • Úsáid a bhaint as an suíomh mar shuíomh tumoideachais (Nasc le Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola mar mháthairscoil – de réir an <i>Pholasaithe don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022</i>) • Tuilleadh Eolais sonraithe in Agusín H 	

Páirtithe Leasmhara	Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola Úinéirí Choláiste Uladh Údarás na Gaeltachta Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta An Roinn Oideachais & Scileanna Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola Baill an Phobail
Saolré an Bhirt	7 mbliana
Costas Measta Iomlán	Costas Iomlán na hoibre le fiosrú
Foinse(i) Maoinithe	Scéim Infheistíochta Caipitiúla
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> • Toil na nÚdarás uile a chomhtháthú chun sochair Ghort a' Choirce, Cloich Cheann Fhaola. • Daoine leis an saineolas cuí a aimsiú sa phobal chun a bheith mar bhall den choiste • Earcú a dhéanamh ar dhéagóirí ón cheantar agus ar dhaltaí ó cheantair lasmuigh den Ghaeltacht chun teacht go Coláiste Uladh <ul style="list-style-type: none"> ○ (Ó Cheantair eile nach bhfreastalaíonn ar chúrsaí Ghael-Linn i Machaire Rabhartaigh cheana féin)
Conas a shárófar na dúshláin sin	<ul style="list-style-type: none"> • Feachtas Leanúnach a chur ar bun a choinníonn an pobal ar an eolas mar gheall ar bhuntáiste an tionscadail seo. • Plean a shocrú le Muintir Ghael-Linn agus Mná Tí Mhachaire Rabhartaigh ionas nach ndéanfar aon dochair d'uimhreacha tinrimh na gcúrsaí sin fosta
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Taifead na miontuairiscí a choinnéail ar ábhar Choláiste Uladh

8.11.2 Pleanáil Tithíochta

Beart	Pleanáil Tithíochta
Réimsí an Bhirt	I (Pleanáil & Forbairt Fhisiceach)
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	17
Aidhm an Bhirt	Coinníollacha Teanga i dtaca le cúrsaí forbartha a thugann aird d'oidhreacht teanga agus cultúir Chloich Cheann Fhaola a fheidhmiú
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Reachtaíocht an Achta um Pleanáil & Forbairt 2000 & Plean Forbartha Dhún na nGall a fheidhmiú de réir na bpleananna sin • Stádas Pleanála Tithíochta Speisialta a bhronnadh ar na Limistéar Pleanála Teanga – caomhnú agus forbairt na teanga mar dhlúthchuid den phróiseas pleanála
Páirtithe Leasmhara	Comhairle Contae Dhún na nGall (Príomhúinéir) Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola
Saolré an Bhirt	7 mbliana
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	Cúrsaí Forbartha a riaradh a thugann aird d'oidhreacht teanga agus cultúir Chloich Cheann Fhaola agus deiseanna forbartha a aithint sa cheantar chun sochair na Gaeltachta
Conas a shárófar na dúshláin sin	Comhairliúchán a thosú idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus Foireann an Oifigigh Teanga / Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta maidir leis an bheart seo
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Aiseolas ó bhail an phobail & ó fheidhmeannaigh an Chomhairle Cruinniú Athbhreithnithe idir Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Foireann an Oifigigh Teanga

8.11.3 Comharthaíocht Ghaeilge

Beart	Comharthaíocht Ghaeilge i Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola		
Réimsí an Bhirt	I (Pleanáil & Forbairt Fhisiceach)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart			17
Aidhm an Bhirt	<ul style="list-style-type: none"> - Feiceálacht na Gaeilge scríofa a mhéadú i gceantar Chloich Cheann Fhaola - Nasc a dhéanamh idir stádas Gaeltachta an cheantair agus feiceálacht na Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola 		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Oidhreacht Teanga & Cultúr na háite a aithint agus a mhéadú • Cur le bród an phobail i dtaca leis an teanga 		
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga / Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola Comhairle Contae Dhún na nGall		
Saolré an Bhirt	7 mbliana		
Foinse(i) Maoinithe	Comhairle Contae Dhún na nGall	Foras na Gaeilge	Údarás na Gaeltachta
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	Toil na nÚdarás a ghríosú chun tacú leis an bheart seo		
Conas a shárófar na dúshláin sin	Comhairliúchán a thosú idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus Foireann an Oifigigh Teanga / Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta maidir leis an bheart seo		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Aiseolas ó bhaill an phobail & ó fheidhmeannaigh an Chomhairle Cruinniú Athbhreithnithe idir Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola & Foireann an Oifigigh Teanga		

8.12 Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire

Faoi mar a sonraíodh moltar go mbeadh polasaí láidir Gaeilge ag achán grúpa sa cheantar agus go gcabhródh foireann an Oifigigh teanga le dréachtú, feidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh ar pholasaí an ghrúpa bunaithe ar mhianta bhaill an ghrúpa. De bharr líon na ngrúpaí moltar ord tosaíochta na ngrúpaí a shoiléiriú. Déanfar iarracht díriú ar na grúpaí leis an méid is mó tionchar ar dhaoine óga sa cheantar i dtosach

1. Cumann Luthchleas Gael Chloich Cheann Fhaola
2. Ógclubanna an Cheantair
3. Campaí Samhraidh an Cheantair do pháistí / déagóirí an cheantair
4. Buíon Cheoil an Cheantair
5. Srl...

8.12.1 Grúpaí Nua an Cheantair

Anuas ar na bearta eile a mholtar sa phlean seo a thugann aghaidh ar seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire an cheantair, moltar grúpaí nua a bhunú sa cheantar fosta.

Beart	Réimse Imeachtaí Sóisialta Gaeilge na ngrúpaí a fhorbairt a shonraítear thuas		
Réimsí an Bhirt	J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire)		
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart			10, 11, 12
Aidhm an Bhirt	Líon & Éagsúlacht na nGrúpaí Sóisialta a úsáideann an Ghaeilge agus a thacóidh le daoine a bhfuil Gaeilge acu & le nuachainteoírí na Gaeilge a mhéadú sa cheantar		
Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Caighdeán éagsúla le hionchur ó dhaoine líofa an cheantair mar éascaitheoirí / cuiditheoirí • Bualadh le chéile sna hionaid éagsúla, agus in áiteanna poiblí fosta, • An Ghaeilge a neartú mar theanga phobail an cheantair • Sóisialú trí Ghaeilge ag aoisghrúpaí éagsúla • Grúpaí Nua le Bunú sa cheantar. 		

	<ul style="list-style-type: none"> ○ Grúpa Tae & Pléigh; a bhuaileann le chéile uair sa tseachtain go poiblí sa cheantar in áiteanna éagsúla achan seachtain ○ Club Léitheoireachta an Fháil Charraigh; a bhuaileann le chéile uair achan mhí ○ Club Léitheoireachta Ghort a' Choirce; a bhuaileann le chéile uair achan mhí ○ Seisiún Scéalaí na nÓg Mhachaire Rabhartaigh; a bhuaileann le chéile achan choicís ○ Seisiún Scéalaí na nÓg ar an Fhál Carrach; a bhuaileann le chéile achan choicís ○ Pictiúrlann an Pharóiste: Club Scannán a bhunú a léiríonn scannáin uair sa mhí le linn an ghreimhridh. ○ Grúpa Scríbhneoirí na Gaeilge: Grúpa a bhunú sa cheantar agus feachaint i dtreo féile scríbhneoireachta /cumadóireachta a chruthú sa cheantar ná an fhéile scríbhneoireachta seo a nascadh le féile seanbhunaithe an cheantair ○ Fánaithe Chloich Cheann Fhaola: Grúpa Súilóide a bhuaileann le chéile sa cheantar (Ó Mhárta – Meán Fómhair), leas a bhaint as Slí Ghort a Choirce, Siúlóidí Oidhreacht Tulacha Beigile, Tránna an Cheantair. Forbairt a dhéanamh ar úsáid na raonta sin.
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola Baill an Phobail
Saolré an Bhirt	7 mbliana
Costas Measta Iomlán	€17,500
Costas Measta in aghaidh na bliana	€2,500 Costas na nAcmhainní amháin de dhíth
Foinse(i) Maoinithe	Foinsí Éagsúla
Dúshlán an Chuir i bhFeidhm	Líon Daoine a earcú chun tús a chur leis na himeachtaí seo
Conas a shárófar na dúshlán sin	Poiblíocht Mhaith a dhéanamh sula gcuirtear tús leis na himeachtaí
Monatóireacht a chur i bhfeidhm an bhirt	Aiseolas ó bhaill na ngrúpaí & ó bhaill Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola

8.13 Staid na Gaeilge sa Limistéar

8.13.1 Do Spriocanna Teanga Féin (Feachtas Feasachta)

Beart	Úinéireacht Phearsanta an Phlean Teanga a chothú	
Réimsí an Bhirt	K (Staid na Gaeilge)	
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart	2, 12, 19	
Aidhm an Bhirt	Dioscúrsa a thosú i measc bhaill an phobail maidir le 4 rud éagsúla <ul style="list-style-type: none"> • Ar mhaith liom go n-imeodh an Ghaeilge? • Cén chaoi ar féidir liom m'úsáid Ghaeilge a fhorbairt? • Cén spriocanna teanga a leagaim romham? • Cén chaoi ar féidir liom úsáid a bhaint as Plean Teanga Chloich Cheann Fhaola chun cuidiú liom mo spriocanna teanga a bhaint amach? 	

Bearta Phlean Teanga Chloich Cheann Fhaola

Eolas Breise faoi	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh an feachtas seo dírithe ar chainteoirí laethúla na Gaeilge agus ar fhoglaimeoirí na Gaeilge. Is gá go gcuirfear ina luí ar an phobal go mbraitheann todhchaí na Gaeilge & todhchaí an cheantair ar chomhoibriú idir cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí. • Gné ar leith dírithe ar luach eacnamaíochta na Gaeilge do ghnólachtaí an cheantar • Dhéanfaidh an feachtas feasachta seo cúraimí fhoireann an Oifigigh Teanga ní b'éasca toisc go n-ardódh feasacht an phobail fad is a bheadh siad i mbun oibre san LPT. 		
Páirtithe Leasmhara	Foireann an Oifigigh Teanga / Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola Baill an Phobail / Gnólachtaí / Grúpaí Pobail / Eagraíochtaí Poiblí & Ranna Rialtais		
Saolré an Bhirt	Bliain 1 - 3 (Agus níos faide más gá)		
Costas Measta Iomlán	€4,500		
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,500		
Foinse(i) Maoinithe	Údarás na Gaeltachta	Foras na Gaeilge	Comhairle Contae Dhún na nGall
Dúshláin an Chuir i bhFeidhm	Toil na nÚdarás a ghríosú chun tacú leis an bheart seo		
Conas a shárófar na dúshláin sin	Comhairliúchán a thosú idir Comhairle Contae Dhún na nGall / Foras na Gaeilge / Údarás na Gaeltachta / Foireann an Oifigigh Teanga / Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta maidir leis an bheart seo		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Taifead na miontuairiscí a choinnéail ar ábhar an Fheachtas seo		

9.0 Costais & Maoiniú

9.1 Suimiú na gCostas

Cé go dtugtar gach eolas mar gheall ar na mionchostais a bhaineann le gach beart sa chaibidil roimhe, tugtar, ar an chéad leathanach eile léargas ar na costais. Gheofar an mionbhriseadh in Aguisín I.

Anuas ar chostais na mBeart iad féin, beidh costais fostaíochta agus costas oifige le tabhairt san áireamh chomh maith céanna le síolchiste fhoireann an Oifigigh Teanga fosta. Is gá an struchtúr ceart buan seo a bhuanú chun sochair bhearta an phlean teanga seo.

Is gá a shoiléiriú fosta, nach bhfuil gach uile costas beachtaithe anseo. Beidh gá le tuilleadh staidéir agus fiosrúcháin a dhéanamh ar roinnt bearta: Costais iomlán Choláiste Uladh mar shampla. Bheadh sé mí-ghairmiúil agus mí-ionraic costas a shonrú i dtaca leis an obair sin toisc go mbraitheann sin ar go leor cúinsí seachtracha. Is ar an bhonn céanna a thiteann bearta eile an phlean seo, cuir i gcás, bearta a bheadh ag brath ar fheidhmiú oifigí de chuid an Rialtais. Ní bheadh sé de chumas ag Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola uimhir chruinn a chur ar na bearta sin.

Mar sin, cuimseofar na bearta a thiteann faoi scath Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola agus Foireann an Oifigigh Teanga agus déanfar trácht má bhíonn tionchar ag oifig / rannóg eile ar na costais éagsúla.

9.2 An Todhchaí

Glactar leis go dtiocfaidh scéimeanna maoinithe nua chun solais le linn saolré an phlean teanga seo. Déanfaidh Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola agus Foireann an Oifigigh Teanga gach iarracht a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoi na sruthanna maoinithe eile sin. Déanfar gach iarracht fosta a chinntiú go mbeadh Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola agus Foireann an Oifigigh Teanga ag comhoibriú le grúpaí eile an cheantair. Is chun sochair na Gaeilge a rinneadh an taighde seo agus a cuireadh an phlean seo le chéile, agus is chun sochair na Gaeilge a chaithfear aon airgead a éiríonn le Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola agus Foireann an Oifigigh Teanga a fháil trí dheontais, trí sheirbhísí nó trí aon ghnó eile a bheidh ar bun acu.

9.3 Soiléireacht na gCostas

Anuas ar na costais sonraithe ar an chéad leathanach eile agus in Aguisín I, is ceart a aithint go bhfuil costais eile ann nach féidir a shonrú go fóill. Is iad an dá chatagóir eile ná:

1. Maoiniú inmheánach ag teastáil laistigh de Ranna Rialtais, den Chomhairle Contae agus eagraíochtaí póiblí eile
2. Tuilleadh fiosrúcháin le déanamh ar chúrsaí airgeadais

Costais & Maoiniú

⁸	Bliain a 1	Bliain a 2	Bliain a 3	Bliain a 4	Bliain a 5	Bliain a 6	Bliain a 7
Costas Fostaíochta							
Tuarastal & Costas na Fostaíochta	€56,618.44	€60,578.68	€61,883.68	€66,052.72	€69,250.84	€72,380.52	€75,504.40
Earcaíocht	€1,000.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00
Costais Taistil	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00
Costais Oifige & Síolchiste							
Cíos	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00
Leictreachas	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
Fón / Idirlín / Teas	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00
Stáiseanáireacht / Costais Clódóireachta	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00
Trealamh / Fearais Oifige	€4,500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€1,500.00	€500.00	€500.00
Árachas	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00
Costais na mBeart							
8.2 Struchtúr Feidhmnithe an Phlean	€2,250.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00
8.3 An Córas Oideachais	€6,670.00	€6,670.00	€13,100.00	€13,100.00	€6,670.00	€13,100.00	€6,670.00
8.4 Seirbhísí Cúraim Leanai, Réamhscolaíochta & Tacaíochtaí Teaghlaigh	€2,500.00	€6,040.00	€6,040.00	€6,040.00	€6,040.00	€6,040.00	€6,040.00
8.5 Seirbhísí don Aos Óg & d'Aoisghrúpaí eile	€6,000.00	€13,700.00	€13,700.00	€13,700.00	€13,700.00	€13,700.00	€13,700.00
8.6 Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
8.7 An Earnáil Ghnó & Turasóireachta	€4,800.00	€6,550.00	€6,550.00	€6,550.00	€6,550.00	€6,550.00	€6,550.00
8.8 Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00
8.9 Na Meáin Chumarsáide	€2,180.00	€2,180.00	€2,180.00	€2,180.00	€2,180.00	€2,180.00	€2,180.00
8.10 Seirbhísí Poiblí	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00
8.11 Pleanáil & Forbairt Fhisiceach	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00
8.12 Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00
8.13 Staid na Gaeilge sa Cheantar	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00
	€113,218.44	€124,518.68	€132,253.68	€134,922.72	€132,690.84	€141,250.52	€137,944.40

Figiúr 9.1: Costais an Phlean Teanga

⁸ Costas fostaíochta & Oifige bunaithe ar Scéim Pobail Gaeilge de chuid Foras na Gaeilge. Léargas Iomlán in Aguisín I

10.0 Forbairt Feasachta & Poiblíocht

10.1 Tábhacht na Feasachta / na Poiblíochta

Soláthraítear eolas sa phlean seo maidir leis na bearta éagsúla a chuirfear i gcrích chun sochair na Gaeilge sa cheantar. Chuige sin, is í aidhm bhaill Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola coinníollacha a chruthú a thabharfaidh tacaíocht do theaghlaigh, do ghrúpaí, do chlubanna, do ghnólachtaí agus do bhaill an phobail an Ghaeilge a sheachadadh chuig an chéad ghlúin eile. Má ghlactar le torthaí taighde an phlean seo is gá a ghlacadh leis fosta go n-éireoidh linn an ráta seachadta seo a fheabhsú de réir a chéile. Mar sin, caithfear leas a bhaint as dea-thoil agus dearcthaí dearfacha an phobail i leith na Gaeilge agus aistriú a dhéanamh ar na dearcthaí sin go tuiscint chomhfhiosach an phobail maidir le rogha na Gaeilge mar theanga phobail agus mar theanga teaghlaigh. Is ag an pointe sin a éireoidh linn ráta seachadta na Gaeilge a mhéadú. Caithfear a aithint mar sin go mbeidh ar an chéad ghlúin eile sa cheantar cinneadh comhfhiosach a dhéanamh faoin chleachtas teanga a mbainfidh siad leas as.

Is leis an tuiscint sin a mholtar na feachtais feasachta éagsúla i gcuid a 8 den phlean seo. Creidtear go mbeidh ról lárnach ag an phoiblíocht agus ag cúrsaí feasachta i ndualgais laethúla fhoireann an Oifigigh Teanga. Anuas ar na bearta feasachta iad féin, feictear go gcuirfear béim ar chúrsaí poiblíochta in eagrú na n-imeachtaí uile, (aguisín G1). Cruthaíodh dea-thoil i measc an phobail nuair a rinneadh an taighde / an comhairliúchán agus ardaíodh feasacht an phobail fá choinne na pleanála teanga. Is ar an bhunchloch sin a thógfar na feachtais poiblíochta eile sa todhchaí.

10.2 Bunaidhmeanna na Feasachta / na Poiblíochta

Táthar ag súil leis go gcothófar spéis agus dílseacht an phobail leis an phoiblíocht agus leis na feachtais feasachta seo. Chuige sin, sonraítear thíos bunaidhmeanna na bhfeachtas agus na poiblíochta a éiseoidh foireann an Oifigigh Teanga agus Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola le linn shaolré an phlean;

- Comhfhios an Phobail fá choinne stádas na Gaeilge sa cheantar a mhéadú,
- Muinín & Misneach a chothú i measc chainteoirí óga na Gaeilge sa cheantar,
- Tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh a thógann a gclanna le Gaeilge / go dátheanagch
- Tionchar chleachtas teanga an mhórphobail ar an duine i LPT Chloich Cheann Fhaola a ardú
- Tairbhí na Gaeilge a chur amach i mbéal an phobail,
- Fonn Úsáide na Gaeilge mar theanga an teaghlaigh a mhéadú,
- Fonn Úsáide na Gaeilge a mhéadú i measc an phobail agus gnólachtaí an cheantair
- Rogha Mhealltach a dhéanamh as an Ghaeilge do bhaill an phobail nach bhfuil muinín labhartha iomlán acu go fóill
- Pobal Chloich Cheann Fhaola a chur ar aon eolas go rialta faoi Chéimeanna Sealbhaithe Teanga an duine (An Duine Óg agus an Duine Fásta)
- Díol Speise a dhéanamh as cheantar Chloich Cheann Fhaola mar cheantar Gaeltachta eiseamláireach ,
- Nasc timpeallachta, dúiche agus an teanga a chothú ar bhonn níos láidre
- Spreagadh a thabhairt do dhaoine a bheith ina gcinnirí teanga iad féin

11.0 Feidhmiú & Córas Monatóireachta

11.1 Feidhmiú na mBeart

Bunaítear bearta uile an phlean seo ar thuairimí agus ar thaighde Phobal Chloich Cheann Fhaola. Cuimsítear sna bearta, gníomhaíochtaí a thugann aghaidh ar aidhmeanna Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola faoi mar a shonraítear sa phlean seo agus a luíonn le mana Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola '*...ag obair fá choinne bhuanú agus mhéadú úsáid na Gaeilge mar theanga phobail i gCloich Cheann Fhaola*'.

Is i gcomhthéacs sóisialta an cheantar a fheidhmeofar na bearta seo agus dá bhrí sin rinneadh agus déanfar gach iarracht rannpháirtíocht an phobail a chothú sna hidirghabhálacha éagsúla. Is gá a aithint, áfach, go mbaineann roinnt bearta le réimsí pearsanta an duine, roinnt bearta le réimsí pobail sa cheantar agus roinnt eile leis an earnáil Stáit. Bíonn cúraimí éagsúla idir lámha ag na grúpaí éagsúla seo agus mar gheall ar sin cuirtear béim ar leith ar ghnéithe comónta sna bearta uile.

Déantar gach iarracht rannpháirtíocht an phobail a chothú agus feasacht an phobail a mhéadú i dtaca le cúrsaí Gaeilge i gCloich Cheann Fhaola beag beann ar chumas Gaeilge an phobail. Mar gheall air sin, beartaítear níos mó déiseanna úsáide a chruthú dóibh siúd a bhfuil Gaeilge mhaith acu agus tuilleadh gréasán Gaeilge a chur ar bun sa cheantar fosta. Creidtear go gcruthaítear dreasachta mealltachta agus déiseanna foghlama do ghrúpaí /do lucht bainistíochta na ngnólachtaí /agus do bhaill aonaracha an phobail.

Luíonn go leor dúshlán roimh phobal Chloich Cheann Fhaola ach díritear sa phlean seo ar rannpháirtíocht an phobail, ar acmhainní gairmiúla cheannairí Gaeilge an cheantair, ar áiseanna pobail a fhorbairt agus ar fheidhmiú polasaithe Gaeilge an Stáit sna heagraíochtaí poiblí chun dul i ngleic leis na dúshláin sin.

11.2 Tús na mBeart

Rinneadh iarracht idir bhearta gearrthéarmacha, bearta meántéarmacha agus bhearta fadtéarmacha a chur san áireamh sa phlean seo.


- Beart Gearrthéarmach: < 3 bliana
- Beart Meántéarmach: 3 – 7 mbliana
- Beart Fadtéarmach: > 7 mbliana

Cé go gcuirfeadh tús láithreach leis an obair a bhaineann leis na bearta seo láithreach, agus go mbainfidh obair leanúnach le formhór na mBeart, sonraítear arís iad thíos, bunaithe ar chomhlíonadh ionchais na mBeart.

Feidhmiú an Phlean & An Córas Monatóireachta

Beart / Bliain	1	2	3	4	5	6	7
8.2.1 Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola							
8.2.2 Fóram Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola							
8.2.3 Foireann an Oifigigh Teanga							
8.2.4 Seoladh an Phlean Teanga							
8.2.5 Grúpa Stocaireachta na Gaeltachta							
8.2.6 Taithí an Chomhairleora Teanga							
8.3.1 Polasaí don Oideachas Gaeltachta							
8.3.2 Acmhainní Teagaisc Gaeilge							
8.3.3 Naíonraí & Bunscoileanna (Pleanáil & Polasaithe)							
8.3.4 Fóram Múinteoirí Chloich Cheann Fhaola							
8.3.5 Scéim na gCúntóirí Teanga							
8.3.6 Tacaíochtaí Teanga							
8.3.7 Feidhmeannas Seasta an tSrutha Ghaelaigh							
8.3.8 Polasaí Teanga Phobalscoil Chloich Cheann Fhaola							
8.3.9 Moltaí Dara Leibhéal sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta							
8.3.10 Modúl ar Fhéiniúlacht na Gaeltachta							
8.3.11 Roghanna Oideachais Ghaeilge ag an Tríú Leibhéal							
8.3.12 Scoláireacht Pleanála Teanga							
8.4.1 Rogha Teanga an Teaghlaigh & Áiseanna Tacaíochta Teaghlaigh							
8.4.2 Grúpaí Tuistí & Tachráin							
8.4.3 Seirbhísí Réamhscolaíochta							
8.5.1 Ógclubanna an Cheantair							
8.5.2 Treanáil Cheannairí na nÓige							
8.5.3 Déiseanna Sóisialta Lasmuigh de Shuíomh na gClubanna							
8.6.1 Ranganna Gaeilge an Duine Fásta							
8.6.2 Ceardlanna Eile an Duine Fásta							
8.7.1 Tacaíochtaí Ghnó ó Fhoireann an Oifigigh Teanga							
8.7.2 Feachtas na Tairisceana Gníomhaí							
8.7.3 Gradaim Ghnó Gaeilge Chloich Cheann Fhaola							
8.7.4 Seirbhísí Bainc Chloich Cheann Fhaola							
8.7.5 Ár nOidhreacht, Do Shaoire							
8.7.6 Geilleagar Gaeilge Chloich Cheann Fhaola							
8.7.7 Íomhá Ealaíne & Íomhá na Gaeltachta							
8.7.8 Féilte an Cheantair							
8.8.1 Forbairt & Feidhmiú Pholasaithe Teanga							
8.8.2 Seirbhísí Reiligiúnacha & Eaglasta							
8.9.1 Íomha Chloich Cheann Fhaola							
8.9.2 Suíomh Idirlín Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola							
8.9.3 Nuachtlitir 'Mara Duit'							
8.10.1 Seirbhísí Dáttheangacha Co Co.Dhún na nGall							
8.10.2 Fo-Chonraitheoirí na Comhairle Contae							
8.10.3 Pleananna Todhchaí na Comhairle Contae							

8.10.4 Seirbhísí Stáit							
8.10.5 Seirbhísí Sláinte an Stáit							
8.11.1 Campas Cultúrtha Choláiste Uladh							
8.11.2 Pleanáil Tithíochta							
8.11.3 Comharthaíocht Ghaeilge							
8.12.1 Grúpaí Nua an Cheantair							
8.13.1 Do Spriocanna Teanga Féin							



Figiúr 11.1: Saolré na mBeart


11.3 Monatóireacht ar Fheidhmiú na mBeart

11.3.1 Tábhacht na Monatóireachta

Aithníonn Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola go mbaineann an tábhacht chéanna le córas monatóireachta cuimsitheach a chur ar bun is a bhaineann leis an phróiseas taighde, rannpháirtíocht an phobail agus feidhmiú na moltaí iad féin. Creideann Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola go mbraitheann todhchaí na Gaeilge sa cheantar ar fheidhmiú bhearta an phlean seo. Is gá a chinntiú go ndéanfar agus go gcomhlíonfar an mhéid a chuirtear romhainn sa phlean seo. Bainfidh Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola úsáid as torthaí na monatóireachta seo chun eolas cruinn agus reatha ar chúrsaí Gaeilge an cheantair a fhorbairt. Cuirfidh sé seo leis an bhuneolas a tháinig chun solais le linn an phróisis taighde. Úsáidfear an t-eolas fosta chun feabhas a chur ar éifeacht na mBeart de réir mar a mhaireann saolré an bheartais teanga seo.

11.3.2 Struchtúr na Monatóireachta

Léiríonn an t-eolas thíos na bearta a leagtar amach faoi struchtúr agus comhdhéanamh Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola chun rannpháirtíocht an phobail a ghríosú sna blianta romhainn. Tiocfar ar struchtúr monatóireachta i gcomhar le Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola, struchtúr a bheidh comhdhéanta de na heagrais forbartha pobail atá ann cheanna féin



Figiúr 11.2 Struchtúr na Monatóireachta

Is é príomhdhualgas an choiste stiúrtha bearta an phlean seo agus obair fhoireann an Oifigigh Teanga a stiúradh sna blianta romhainn. Coiste gníomhach a bheidh ann, faoi mar a bhí le linn an phróisis pleanála teanga seo, a bheidh in ann rudaí a bhaint amach a labhraíonn ar son an phobail i dtaca le cúrsaí Gaeilge

Bunófar treoir an choiste stiúrtha ar thuairimí agus aiseolas an phobail san fhóram pleanála teanga. Is ionadaithe ó ghrúpaí, chumainn agus ó lucht bainistíochta ghnólachtaí an cheantair a bheidh mar bhaill den fhóram seo mar aon le baill aonarach an phobail. Gheobhaidh an tOifigeach Teanga, agus foireann an Oifigigh Teanga a gcuid teoracha ó choiste stiúrtha Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola.

